

Moltaí maidir leis an Straitéis don Ghaeilge

Tuarascáil an Phainéil Chomhairligh Shaineolaigh

Feabhra 2022

Inneachar

Moltaí An Phainéil Chomhairligh Shaineolaigh - Achoimre Fheidhmeach	4
Cuid A: Moltaí an PCS maidir le Fís agus Comhthéacs	8
Cuid B: Moltaí an PCS maidir le bunús aon Straitéise Gaeilge	13
Cuid C: Moltaí an PCS maidir le hAidhmeanna, Cuspóirí agus Torthaí	26
Cuid D: Moltaí an PCS maidir le Réimsí Gnímh	30
Cuid E: Moltaí an PCS maidir le Cur i bhFeidhm	31
1. Moltaí an PCS maidir le Reachtaíocht agus Stádas na Gaeilge	34
2. Moltaí an PCS maidir le Seirbhísí Poiblí	41
3. Moltaí an PCS maidir le hOideachas	53
4. Moltaí an PCS do Sheachadadh na Teanga sa Teaghlach – Idirghabháil Luath	71
5. Moltaí an PCS don Ghaeilge agus an Pobal	73
6. Moltaí an PCS don Óige	80
7. Moltaí an PCS do na Meáin, d’Fhoilseacháin & don Teicneolaíocht	84
8. Moltaí an PCS ar an tSaol Eacnamaíochta	91
9. Moltaí an PCS maidir le Taighde	98

Moltaí An Phainéil Chomhairligh Shaineolaigh - Achoimre Fheidhmeach

Leagtar amach sna moltaí seo ón Phainéal Chomhairleach Shaineolach (PCS) pleananna le forbairt na Gaeilge a fheabhsú agus a chosaint go ceann fiche bliain, ag cur san áireamh riachtanais phobal na Gaeilge agus dea-chleachtas idirnáisiúnta. Aithníonn an PCS sna moltaí seo gur chóir go mbeadh na rudaí seo leanas in aon straitéis a mholfá amach anseo agus gur chóir go ndrúchtófaí pleananna feidhmeacha bunaithe orthu seo sna ranna agus sna rannóga rialtais cuí agus in aon áisíneacht nó eile ar a leagtar dualgas i leith chur i bhfeidhm pholasáí an Fheidhmeannais nó aon chuid ábhartha de.

Moltaí maidir le Príomhspríocanna aon straitéise amach anseo¹

- I. Go mbeidh eolas ar an Ghaeilge ag 500,000 duine faoin bhliain 2042 agus go ndéanfar tomhas ar an dul chun cinn seo tríd an daonáireamh gach 10 mbliana.²
- II. Go mbeidh an Ghaeilge mar phríomhtheanga ag 20,000 duine faoin bhliain 2042 agus go ndéanfar tomhas ar an dul chun cinn seo tríd an daonáireamh gach 10 mbliana agus tríd an tsuirbhé tí go bliantúil.³
- III. Go mbeidh an Ghaeilge mar theanga laethúil ag {figiúr le líonadh bunaithe ar dhaonáireamh 2021} duine faoin bhliain 2042 agus go ndéanfar tomhas ar an dul chun cinn seo tríd an daonáireamh gach 10 mbliana agus tríd an tsuirbhé tí go bliantúil.⁴
- IV. Go ndéanfar forbairt ar an phobal oideachais trí mheán na Gaeilge agus 10% den phobal mhór scolaíochta a bheith sa Ghaeloideachas faoin bhliain 2042.

Moltaí maidir le hAidhmeanna aon straitéise amach anseo

Molann an PCS gurb iad seo thíos na bunaidhmeanna is fearr d'aon straitéis amach anseo:

- I. Ba chóir don straitéis cuidiú, ar bhealach córasach, straitéiseach, le deireadh a chur le haon idirdhealú, eisiamh, srianadh nó tosaíocht éagórach a bhaineann le húsáid na Gaeilge más cuspóir dóibh cothabháil nó forbairt na teanga a dhímholadh nó a chur i gcontúirt.

1 Beidh na príomhspríocanna seo le huasdátú agus sprioc le cur le huimhir III, bunaithe ar Dhaonáireamh 2021 nuair a bheidh na torthaí ar fáil. Moltar, chomh maith, ceisteanna éagsúla nó/agus sa bhreis maidir leis an Ghaeilge a chur i nDaonáireamh 2031, gur chóir don Roinn Pobal taighde saineolach, neamhspleách ar leith a choimisiúnú ar bhonn bliantúil / gach trí bliana le saininiúchadh a dhéanamh ar threochtaí sochtheangeolaíochta phobal na Gaeilge. Déantar cur síos ar an taighde atá á mholadh sa rannóg "Taighde".

2 De réir Dhaonáireamh 2011, bhí eolas ar an Ghaeilge ag 184,898 nduine, sin 10.65% den phobal

3 De réir Dhaonáireamh 2011, bhí an Ghaeilge mar phríomhtheanga ag 4,045 dhuine, sin 0.24% den phobal

4 Níor cuireadh an cheist seo roimh 2021 sa daonáireamh.

- II. Tacú le sealbhú agus foghlaim na Gaeilge ar bhonn ardchaighdeán agus inbhuanaithe.
- III. Stádas agus infheictheacht na Gaeilge a fheabhsú agus a chosaint.
- IV. Gréasáin agus pobail ardchaighdeán agus inbhuanaithe Gaeilge a sholáthar.
- V. An Ghaeilge a chur chun cinn le pobal láidir Gaeilge a chothú.

Moltaí maidir le cuspóirí aon straitéise amach anseo⁵

Leis na haidhmeanna thuasluaite a bhaint amach, molann an PCS gur chóir na cuspóirí seo a leanas a leagan síos:

- CUSPÓIR 1: Líon na ndaoine atá ag sealbhú Gaeilge tríd an Ghaelscolaíocht a mhéadú.
- CUSPÓIR 2: Líon na ndaoine atá ag foghlaim Gaeilge tríd an chóras oideachais Béarla a mhéadú.
- CUSPÓIR 3: Líon na ndaoine atá ag foghlaim Gaeilge taobh amuigh den chóras oideachais fhoirmiúil a mhéadú.
- CUSPÓIR 4: Múinteoirí a sholáthar do gach céim den earnáil Gaeloideachais agus inniúlachtaí sainiúla an tumoideachais a bheith curtha san áireamh chomh maith le hoideachas do mhúinteoirí Gaeilge sna scoileanna Béarla.
- CUSPÓIR 5: Líon na dteaghlach a bhíonn ag tógáil a bpáistí trí Ghaeilge nó go dátheangach a ardú agus an tacaíocht chuí a chur ar fáil dóibh.
- CUSPÓIR 6: Gach oibleagáid a bhaineann leis an Ghaeilge sa doiciméad RNCCN, agus gach reachtaíocht eile a bhaineann leis an Ghaeilge⁶ agus an Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh a chomhlíonadh.
- CUSPÓIR 7: Cosaint reachtúil ar an Ghaeilge, bunaithe ar mholtaí a d'fhoilsigh POBAL sa cháipéis Acht na Gaeilge TÉ, Eis. II (2012)⁷ agus Plécháipéis Chonradh na Gaeilge (2017)⁸ a fheidhmiú don Ghaeilge taobh istigh d'achar ama aontaithe. In aon chás ina mbeadh codarsnacht idir na moltaí sa dá cháipéis thuasluaite, glacfar leis na míreanna is láidre de réir comhairle shaineolach, neamhspleách. Is é is tábhachtaí go mbeidh an reachtaíocht láidir go leor le spriocanna mholtaí an Phainéil Chomhairligh Shaineolaigh, atá dírithe ar straitéis don Ghaeilge, a bhaint amach.

5 Figiúirí intomhaiste le cur le cuspóirí 1-5 mar shlat tomhais ar féidir seasamh leo.

6 mar shampla An tOrd Oideachais, Comhaontú Chill Rímhinn 2006 srl

7 <https://static1.squarespace.com/static/602f79a565837b32cc85cebe/t/61767fd5f3b4c74841c07cd/1635155910841/Acht+na+Gaeilge+Eis+2+Edition.pdf>

8 https://cnag.ie/images/Acht_Gaeilge_%C3%B3_Thuaidh/15M%C3%812017_Pl%C3%A9ch%C3%A1ip%C3%A9is_ar_Acht_Gaeilge_%C3%B3_Thuaidh.pdf

- CUSPÓIR 8: Rochtain ar mheáin ardchaighdeáin Ghaeilge a mhéadú, na meáin chlóite, chraolta agus shóisialta uilig san áireamh.
- CUSPÓIR 9: Feasacht ar luach geilleagrach agus sóisialta na Gaeilge a mhéadú.
- CUSPÓIR 10: Pleananna agus tionscnaimh áitiúla phobalbhunaithe Ghaeilge atá inbhuanaithe agus ar ardchaighdeán a fhorbairt agus a mhaoiniú go sásúil faoi réir riachtanais an phobail.
- CUSPÓIR 11: Gréasáin teaghlaigh, shóisialta agus phobail a spreagadh agus cur le réimse na seirbhísí poiblí trí Ghaeilge, agus maoiniú sásúil déanta orthu seo chun deiseanna a chur ar fáil don réimse is leithne daoine agus is féidir an Ghaeilge a úsáid.
- CUSPÓIR 12: Tacú le méadú ar líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge ar bhonn laethúil.
- CUSPÓIR 13: Dearcthaí dearfacha ar an Ghaeilge a mhéadú i ngach cuid den phobal, agus an pobal Protastúnach, Aontachtach, Dílseach san áireamh.
- CUSPÓIR 14: Aithnítear, mar sin, go bhfuil luach leis an obair chun an teanga a chur chun cinn ar bhonn trasphobail, ach caithfidh an straitéis tús áite a thabhairt do riachtanais agus do chearta lucht labhartha na Gaeilge.
- CUSPÓIR 15: Bunmhaoiniú ráithe a chinntiú d’earnáil dheonach na Gaeilge ó thuaidh le hinfreastruchtúr na teanga a neartú agus le forbairt na Gaeilge a chur chun cinn. Chomh maith le hacmhainní agus tacaíocht chúí a chur ar fáil do na heagrais Ghaeilge ó thuaidh, agus do na heagrais Ghaeilge a fheidhmíonn go huile-oileánda, déanfaidh an Roinn Pobal próiseas leanúnach a shonrú i dtaca le hionchur na ngrúpaí Gaeilge agus ionchur an phobail a spreagadh agus a éascú agus an straitéis a fhorbairt, de réir riachtanas, thar tréimhse ama.
- CUSPÓIR 16: Tábhacht taighde neamhspleách, shaineolaigh a aithint le cur leis an eolas logánta, náisiúnta agus idirnáisiúnta ar chothú agus ar chosaint na Gaeilge agus na dteangacha mionlaigh go ginearálta agus an Roinn Pobal ag obair lena chinntiú go gcuirfidh Ranna, Comhairlí agus maoinitheoirí eile acmhainní cuí ar fáil don taighde seo.
- CUSPÓIR 17: Dul i ngleic le claontacht agus caoinfhulaingt agus feachtais dhearfacha teanga a fheidhmiú, a chuirfidh i gcoinne tuairimíochta agus polasaithe leatromacha, leis an tsaineolas chúí idirnáisiúnta maidir le hathbheochan mionteangacha a chur chun cinn.

Molann an PCS go mbeidh na Réimsí Gnímh seo a leanas mar chuid d'aon straitéis amach anseo:

Moltar gur chóir naoi réimse gnímh a shainaitheint, réimsí gnímh a rachaidh chun sochair don Ghaeilge. Moltar gníomhartha a chur i ngach réimse le cuspóirí aon straitéise amach anseo a ghnóthachtáil. Molaimid na réimsí gnímh seo a leanas:

1. Reachtaíocht agus Stádas na Gaeilge
2. Seirbhísí Poiblí
3. Oideachas
4. Seachadadh na Gaeilge sa Teaghlach – Luath-idirghabháil
5. An Ghaeilge agus an Pobal
6. An Óige
7. Na Meáin, na foilseacháin agus an Teicneolaíocht
8. An Saol Eacnamaíochta
9. Taighde

Déanann an PCS na moltaí seo maidir le feidhmiú aon straitéise amach anseo:

Is iad na ranna a thabharfaidh feidhmiú na straitéise chun cinn i gcomhpháirt le croípháirtithe leasmhara i bpobal na Gaeilge, agus le comhairle, nuair is cuí, ó shaineolaithe neamhspleácha.

Baill an Phainéil Chomhairligh Shaineolaigh

Mr Julian de Spáinn

Mr Jake Mac Siacais

Dr Janet Muller

Dr Gabrielle Nig Uidhir

Prof Malachy Ó Néill

*** Nóta maidir leis an tuairisc seo ón Phainéal Chomhairleach Shaineolach:**

Ba í an Ghaeilge teanga oibre an phainéil agus tiomsaíodh an buntéacs i nGaeilge. D'aontaigh an painéal gurbh aistriúchán cruinn é an leagan díorthaithe Béarla.

Cuid A: Moltaí an PCS maidir le Fís agus Comhthéacs

Fís

- A.1 Molaimid go dtabharfaidh aon straitéis amach anseo faoi athbheochan agus faoi bhuanú na Gaeilge agus 500,000 duine a bheith eolach ar an Ghaeilge, 20,000 a mbeidh an Ghaeilge mar phríomhtheanga acu agus {figiúr le líonadh bunaithe ar Dhaonáireamh 2021} a bheith ag úsáid na Gaeilge go laethúil.
- A.2 I 2020 thug Ré Nua Cur Chuige Nua (RNCCN) le fios ‘go mbeidh prionsabail agus cleachtais rannpháirtíochta pobail, mar aon le próiseas comhdheartha mar chuid lárnach d’fhorbairt agus de sheachadadh Chlár an Rialtais agus a straitéisí tacaíochta, an Straitéis Ghaeilge san áireamh, agus go mbeadh rannpháirtíocht shibhialta agus comhairliúchán poiblí i gcroílár na cinnteoireachta, ag aithint an róil lárnaigh a imríonn an tsochaí i gcothú rialtais atá éifeachtach agus freagrach.’
- A.3 Dhearbhaigh RNCCN an gá le meas a léiriú ar shaoirse gach duine sa tuaisceart chun a bhféiniúlacht náisiúnta agus chultúrtha a roghnú, a dhearbhu, a áitiú agus a fhorbairt, agus an fhéiniúlacht sin a chur in iúl ar bhealach a chuireann íogaireachtaí daoine le cultúir náisiúnta nó le cultúir éagsúla san áireamh, agus a léiríonn meas ar riail an dlí. Dearbhaíonn sé an gá le hathmhuintearas, caoinfhulaingt agus plé fiúntach a spreagadh agus a chur chun cinn i measc na bhféiniúlachtaí náisiúnta agus cultúrtha difriúla atá i dTuaisceart na hÉireann, leis an fhís cothrom na Féinne, cómheas, tuiscint agus comhoibriú a chur chun cinn. ‘Léireofar na prionsabail seo sa reachtaíocht agus sna straitéisí.’
- A.4 Tugann RNCCN, a d’aontaigh 5 pháirtí, le fios gurb ionann cur chuige bunaithe ar thorthaí agus ‘an bealach is fearr chun feabhsú leanúnach sa tsláinte agus i bhfás eacnamaíochta a urrú’ agus leagann sé aidhm, taobh istigh de 3 mhí, go bhfoilseoidh an Feidhmeannas úr clár ama cuimsitheach maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm na straitéise Gaeilge chun na torthaí atá luaite sa Chlár Rialtais a bhaint amach.
- A.5 Molaimid go n-aithneofar, sa straitéis amach anseo, an Ghaeilge mar chuid luachmhar dár saibhreas agus dár n-oidhreacht chultúrtha chomhroinnte ilghnéitheach. Is den riachtanas go gcruthófar timpeallacht chaoimhfulaingthe agus chomhphlé le gur féidir foinse agus fachtóir saibhrithe de chuid na sochaí a dhéanamh dár n-oidhreacht agus dár n-ilghnéitheacht chultúrtha. Molaimid go ndéanfaidh an Feidhmeannas iarracht tríd aon straitéis amach anseo, mar sin de, tuiscint níos leithne ar chúlra na Gaeilge a chur chun cinn i ngach cuid dár bpobal.
- A.6 Is coincheap casta é ábhar na féiniúlachta; is léir, áfach, go bhfuil ról lárnach ag cúrsaí teanga maidir le sainmhíniú a thabhairt ar cé muid féin agus mar a bhainimid amach ciall
-

don mhuintearas chultúrtha. Ar an dóigh chéanna ar deimhniú ar ár bhféiniúlacht chultúrtha í úsáid teanga, tig leis an tsochaí ina hiomláine tairbhe a bhaint as éagsúlacht teangacha mar dhearbhu ar ár gcomhfhéiniúlacht. Molaimid go bhféachfar, sa straitéis amach anseo, le forbairt na Gaeilge a chosaint agus a fheabhsú inár sochaí.

- A.7 D'aithin Rialtas na RA 21 bhliain ó shin an gá leis an Ghaeilge a chosaint agus a chothú nuair a shínigh sé Cairt na hEorpa do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh in 2000. In 2006, thug sé gealltanas Acht Gaeilge a thabhairt isteach. Anois, 15 bliana ina dhiaidh sin, is mithid cur leis na hathruithe sóisialta agus dearcaidh a tharla ó shin. Leagtar amach i moltaí an PCS d'aon straitéis amach anseo, thar thréimhse 20 bliain, na croírimsí gníomhaíochta is gá a sholáthar leis an Ghaeilge a fheabhsú, a chosaint agus a fhorbairt. Tabharfar faoi na hathruithe sin a bhaint amach trí chur i bhfeidhm éifeachtach agus leanúnach na mbeartas, de réir réimse, mar a mholaimid anseo agus mar a mholaimid go sonrúfar iad in aon phlean gnímh d'aon straitéis amach anseo.

Moltaí an PCS maidir le Comhthéacs aon straitéise

- A.8 Is í an Ghaeilge an teanga labhartha liteartha is sine san Eoraip. Tá sí á labhairt le tuairim is 2000 bliain agus ba í teanga fhorhmór na ndaoine í go dtí timpeall lár an 19ú haois. Chuir an Gorta Mór, áfach, luas faoin mheath a tháinig de bharr suaitheadh polaitiúil agus sóisialta agus fhorlámhas méadaithe an Bhéarla i saol na tionsclaíochta agus an gheilleagair. Cuireadh tús ceart le gluaiseacht athbheochana na Gaeilge thart ar 1890 agus tá sí ag leanúint léi, ar dhóigheanna éagsúla, go dtí an lá inniu.
- A.9 D'ainneoin na gcéadta bliain de chruthú agus de leathnú leanúnach na gcúinsí sóisialta, eacnamaíochta agus polaitíochta a chuir brú ar an phobal tiontú go Béarla ó Ghaeilge, maireann an Ghaeilge léi mar theanga bheo. Le tamall de bhlianta anuas, tá fuinneamh agus suim úr in athbheochan na teanga, go háirithe sa Ghaelscolaíocht. Is trí shampla i measc go leor eile le gairid iad athnuachan Cheathrú Ghaeltachta Bhéal Feirste, obair Chumann Pobail Charn Tóchair, forbairt Chultúrlann Aonach Mhacha, agus go leor eile a léiríonn suim agus tiomantas gníomhach an phobail leis an Ghaeilge a fhorbairt ar dhóigh inbhuanaithe ardchaighdeán. Tá stádas iomlán bainte amach ag an Ghaeilge mar nuatheanga de chuid na hEorpa. Tugadh stádas oifigiúil di mar theanga oibre de chuid an Aontais Eorpaigh i mí Eanáir 2007.
- A.10 De réir Dhaonáireamh TÉ 2011, tá eolas éigin ag 184,898 nduine ar an Ghaeilge; dúirt céatadán níos airde de Chaitlicigh (21%) ná de Phrotastúnaigh (2%) go raibh cumas éigin Gaeilge iontu. Léiríodh i nDaonáireamh 2011 fosta gur i measc daoine 12-15 bliana d'aois ab airde a bhí eolas ar an Ghaeilge (20%); b'éadóigh eolas ar an Ghaeilge a bheith ag daoine níos aois. Dúirt 6% de dhaoine thar 75 bliana go raibh eolas éigin ar an Ghaeilge acu.
- A.11 Cuireadh ceisteanna sa tSuirbhé Leanúnach Teaghlach (CHS) 2011/12, fosta, faoi eolas ar an Ghaeilge. De réir an CHS, bhí eolas éigin ar an Ghaeilge ag beagán níos mó ná duine as gach ochtar (13%) den daonra. Bhí thart ar dhuine as gach naonúr (11%) a dúirt go dtuigeann siad

Gaeilge labhartha agus dúirt níos lú ná sin go dtig leo Gaeilge a labhairt, a léamh nó a scríobh (8%, 6% agus 5% faoi seach). Ba spéis le beagán níos lú ná an cúigiú cuid den daonra (18%) níos mó a fhoghlaim faoin Ghaeilge. B'airde an sciar de Chaitlicigh ná de Phrotastúnaigh a raibh eolas ar an Ghaeilge acu (29% agus 2% faoi seach).

- A.12 Féachtar sa straitéis le foghlaim na Gaeilge, úsáid na Gaeilge agus eolas uirthi a mhéadú i measc an phobail ar fad. Is aidhm di a chinntiú go dtig le gach duine, ar mian leis/léi é, an teanga a rochtain agus tairbhe a bhaint as buntáistí an dátheangachais i nGaeilge agus i mBéarla araon. Is aidhm de chuid aon straitéis amach anseo, fosta, stádas na Gaeilge a chosaint agus a fheabhsú.
- A.13 D'ainneoin gur bunfhócas de chuid na tuairisce í áit na Gaeilge taobh istigh dár gcóras oideachais, tá rithábacht chomh maith le tarchur na Gaeilge mar theanga bheo taobh istigh den teaghlach agus idir na glúine. Molann an PCS gurb é cur chuige aon straitéis amach anseo creat agus deiseanna inbhuanaithe tacaíochta a chruthú inar féidir an Ghaeilge a chur ar aghaidh taobh istigh de theaghlaigh agus de phobail.
- A.14 Tá todhchaí na Gaeilge ag brath ar roghanna dearfacha. Molann an PCS go gcruthófar, leis an straitéis, deiseanna do gach duine sa phobal cur leis an todhchaí dhearfach seo. Is dúshlán é seo agus beidh gá le feachtas agus caoinfhulaingt phobail a mhéadú má táthar leis an Ghaeilge a fheabhsú, a chosaint agus a fhorbairt mar is ceart.
- A.15 Aithnítear go bhfuil naisc theaghlaigh, shóisialta, acmhainní agus eacnamaíochta idir cainteoirí Gaeilge ar fud oileán na hÉireann agus baineadh feidhm as an chur chuige a beartaíodh i Straitéis 20 Bliain na Gaeilge 2010-2030 de chuid Rialtas na hÉireann nuair a bhíodas ag scríobh na moltaí seo. Moltar gur chóir aon straitéis amach anseo a bhreathnú fosta i gcomhthéacs chur chuige A Living Language: A Language for Living – Welsh Language Strategy 2012-17 de chuid Rialtas na Breataine Bige agus National Gaelic Language Plan 2012-2017 de chuid Bòrd na Gàidhlig. Sna trí dhoiciméad uilig, cuirtear béim ar an teanga a fhás, a fhorbairt agus a neartú agus sin é atá ag croilár aidhmeanna agus chuspóirí na tuairisce seo fosta.
- A.16 Cuireann Languages for the Future – Northern Ireland Languages Strategy, 2012 de chuid na Roinne Oideachais (RO) béim air seo fosta: 'aithnítear ar bhonn idirnáisiúnta gur mó ná riamh an tábhacht atá le foghlaim teangacha ó thaobh na tráchtála, an chultúir, na polaitíochta agus na hintleachta de'. Téitear céim níos faide i Straitéis RO agus tarraingítear aird ar 'an tábhacht atá le foghlaim teangacha agus an gá atá le líon na ndaltaí atá ag foghlaim teangacha ar scoil agus i gcoláistí agus sa phobal i gcoitinne a mhéadú ach aithnítear chomh maith go bhfuil tábhacht le teangacha ar chúiseanna níos leithne eacnamúla, sóisialta agus pobail chomh maith le cúiseanna oideachais amháin'. Tá scóip Languages for the Future Strategy ag cur leis an bhéim atá sa tuairisc seo ar an fhoghlaim ardchaighdeán inbhuanaithe, ar shealbhú na Gaeilge chomh maith le forbairt gréasán agus pobal ardchaighdeán inbhuanaithe Gaeilge.
-

A.17 Tá 6 Cheanneagraíocht ann a bhíonn ag feidhmiú ar bhonn uile-oileáin, ag soláthar na dtosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas:

- Conradh na Gaeilge: ardú feasachta, cosaint teanga agus ionadaíocht (thar ceann na teanga le húdaráis stáit);
- Cumann na bhFiann: forbairt deiseanna úsáidte Gaeilge agus gréasán do dhaoine óga;
- Gael Linn: oideachas in earnáil an Bhéarla agus d'aoisigh;
- Gaeloideachas: an Ghaelscolaíocht (ó dheas)⁹;
- Glór na nGael: forbairt pobail agus eacnamaíochta theangabhunaithe; agus
- Oireachtas na Gaeilge: deiseanna a thacaíonn le húsáid na Gaeilge agus le bunú gréasán.

Beidh rólanna éagsúla acu seo le cabhrú le baint amach aon straitéis amach seo, mar aon leis an iliomad grúpaí Gaeilge eile.

Moltaí an PCS maidir le Buntáistí an Dátheangachais

A.18 Tá cuid mhór buntáistí ag baint leis an dátheangachas, go háirithe i dtaca le páistí de. Tríd an dátheangachas, tagann ciall níos doimhne do bhrí agus do struchtúr teanga agus spreagtar smaointeoireacht chruthaitheach, sholúbtha. Feabhsaítear, fosta, roghanna fostaíochta agus osclaítear deiseanna nua gairme.

A.19 De réir shuíomh gréasáin Bilingualism Matters¹⁰:

‘De réir torthaí taighde, tá buntáistí ag baint leis an dátheangachas maidir le forbairt agus todhchaí páistí. Bíonn páistí a gcuirtear teangacha difriúla ina láthair feasach ar chultúir dhifriúla, ar dhaoine eile agus ar dhearcthaí eile. Lena chois sin, tá claonadh acu a bheith níos fearr ná lucht na haonteanga i gceann ‘iltascála’ agus díriú airde, is minic dúil agus suim mhór sa léitheoireacht acu agus is iondúil gur fusa dóibh teangacha eile a fhoghlaim. Tugann an dátheangachas i bhfad níos mó ná dhá theanga do pháistí!’

A.20 Is tairseach a fhad le cultúr eile é eolas ar theanga eile. Tig leis cora cainte, nósanna, stair, béaloideas, ceol agus filíocht áitiúil cultúir eile a chur inár láthair. Tríd an fheasacht chultúrtha seo, is féidir naisc a chruthú idir daoine as tíortha éagsúla, cur le féinmheas daoine aonair agus, mar atá léirithe ag an taighde, is féidir a gcaoinfhulaingt chultúrtha a mhéadú tríd an dátheangachas agus tríd an ilteangachas.¹¹

9 An ról seo ag Comhairle na Gaelscolaíochta ó thuaidh

10 www.bilingualism-matters.org.uk

11 Baker, C. (2003). Education as a site of language contact

Moltaí an PCS maidir le Páistí agus Daoine Óga

A.21 Aithnítear, sna moltaí seo don straitéis, an ríthábhacht atá le páistí agus daoine óga maidir le forbairt na Gaeilge a chosaint agus a fhorbairt. Tá ról an aosa óig i mbuanú na Gaeilge tríd an tsealbhú agus an úsáid leagtha amach síos tríd na tuairisce, go háirithe maidir le hoideachas, le úsáid na teanga sa teaghlach agus sa phobal, agus leis na meáin agus leis an teicneolaíocht. Má tá bláth le bheith ar an Ghaeilge, is tríd an rath sna réimsí seo, go háirithe, a bhainfear é seo amach. Cuirtear béim i Straitéis 20 Bliain na Gaeilge 2010 – 2030 de chuid Rialtas na hÉireann ar an tábhacht atá le húsáid na Gaeilge taobh amuigh den chóras fhoirmiúil oideachais má tá forás agus rath le bheith i ndán di. Is mór a chuirfear le heolas agus tuiscint ar an Ghaeilge a fhoghlaimítear nó a shealbhaítear sa tseomra ranga ach í a úsáid taobh amuigh den scoil i suíomhanna sóisialta. Cuireann an Straitéis 20 Bliain de chuid Rialtas na hÉireann an-bhéim ar ról criticiúil shealbhú agus úsáid na Gaeilge i measc daoine óga má bhíonn an Ghaeilge le bláthú – ‘Má táthar le cultúr agus féiniúlacht don óige agus a gcineálacha cuí Gaeilge a chothú, caithfear deiseanna a chur ar fáil le go n-úsáidfear an teanga go nádúrtha agus go gcruthófar gréasáin cainteoirí trí TFC’.¹²

¹² Rialtas na hÉireann, Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, Leathanach 12 | Government of Ireland, 20-Year Strategy for the Irish Language 2010-2030, Page 12

Cuid B: Moltaí an PCS maidir le bunús aon straitéise Gaeilge

Comhaontú Aoine an Chéasta 1998

B.1 Rinneadh an Comhaontú le formhuiniú na rannpháirtithe sna caibidlí uilepháirtí le plean a leagan amach faoi choinne cineachaidh i dTuaisceart Éireann (TÉ) ar bhonn daingean uileghabhálach. I Snáithe a Trí den Chomhaontú ('Cearta, Cosaintí agus Comhionannas Deiseanna') tugadh na gealltanais seo a leanas maidir le Ceisteanna Eacnamaíochta, Sóisialta agus Cultúrtha:

3. Aithníonn na rannpháirtithe uilig an tábhacht atá le meas, tuiscint agus caoinfhulaingt maidir le hilchineálacht teanga, lena n-áirítear i dTuaisceart Éireann, an Ghaeilge, an Ultais agus teangacha na bpobal éagsúil eitneach, ar cuid de shaibhreas cultúrtha oileán na hÉireann iad uilig.

4. I gcomhthéacs breithniú gníomhach go síneoidh RA an Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh de chuid Chomhairle na hEorpa, is é a dhéanfaidh Rialtas na Breataine, faoi mar a bhaineann sé leis an Ghaeilge go háirithe, nuair is cuí agus nuair is mian le daoine go ndéanfaidh siad amhlaidh:

- beart díongbháilte a dhéanamh leis an teanga a chur chun cinn;
- úsáid na teanga a éascú agus a chur chun cinn ó bhéal agus i scríbhinn sa saol poiblí agus príobháideach araon nuair a bhíonn an ráchairt chuí ann;
- féachaint, nuair is féidir, le constaicí a chuirfeadh beaguchtach ar nó a chuirfeadh in éadan chothabháil nó forbairt na teanga a shárú;
- riar ar idirchaidreamh le pobal na Gaeilge, ag cur a dtuairimí i láthair údaráis phoiblí agus gearáin a fhiosrú;
- iallach reachtúil a chur ar an Roinn Oideachais leis an Ghaelscolaíocht a chur chun cinn agus a éascú ar an dóigh chéanna a ndéantar i gcás an oideachais imeasctha;
- fiosrú go práinneach leis na húdaráis bhainteacha Bhriotanacha agus i gcomhpháirt le húdaráis chraoltóireachta na hÉireann, an fhéidearthacht a bhaineann le Teilifís na Gaeilge a chur ar fáil níos forleitheadaí i dTuaisceart Éireann;
- dóigheanna níos éifeachtaí a aimsiú le léiriúchán scannánaíochta agus teilifíse Gaeilge i dTuaisceart Éireann a spreagadh agus tacaíocht airgeadais a chur ar fáil dó; agus
- páirtithe a spreagadh lena chomhaontú go gcomhlíonfaidh Tionól Nua an gealltanais seo ar dhóigh a gcuireann mianta agus íogaireachtaí an phobail san áireamh.

An Dearbhú Comhpháirteach 2003

- B.2 In 2003, d’eisigh Rialtais na Breataine agus na hÉireann Dearbhú Comhpháirteach mar chuid den bheart le cineachadh a athbhunú i dTÉ. Shainigh an dá Rialtas gur mian leo na gealltanais a tugadh maidir leis an Ghaeilge i gComhaontú Bhéal Feirste 1998 a chomhlíonadh agus cur leo:

Leanfaidh Rialtas na Breataine dá ghealltanais uilig, de réir an Chomhaontaithe, a bhaineann leis an Ghaeilge a chomhlíonadh. Go saineúil, i dtaca leis an chraoltóireacht de, déanfaidh Rialtas na Breataine na bearta uilig is gá le ciste a bhunú, chomh luath agus is féidir i ndiaidh dó an cás deiridh gnó a fháil in Aibreán, faoi choinne tacaíocht airgeadais do Léiriúchán Scannánaíochta agus Teilifíse Gaeilge.... Leanfaidh an dá Rialtas de bheith ag obair leis na rialtóirí agus na húdaráis chraoltóireachta ábhartha le tabhairt faoi na constaicí teicniúla agus eile ionas go méadófar go suntasach glacadh TG4 i dTuaisceart Éireann.¹³

Comhaontú Chill Rímhinn 2006

- B.3 Thóg Comhaontú Chill Rímhinn 2006 ar na gealltanais i gComhaontú Aoine an Chéasta faoi Shnáithe a Trí ‘Cearta, Cosaintí agus Comhionannas Deiseanna’.
- B.4 Rinne Comhaontú Chill Rímhinn é seo tríd an mhéid seo:

Tabharfaidh Rialtas [na Breataine] isteach Acht Gaeilge ina léireofar taithí na Breataine Bige agus na hÉireann agus oibreoidh sé i gcomhpháirt leis an Fheidhmeannas atá le toghadh le forbairt na Gaeilge a fheabhsú agus a chosaint.¹⁴

Próiseas Comhairliúcháin 2007

- B.5 D’fhoilsigh an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta cáipéis chomhairliúcháin maidir le hábhair Dhréacht-Bhille Gaeilge in 2006, ina raibh 4 eiseamláir reachtaíochta, doiciméad POBAL, Acht na Gaeilge TÉ, a mholann cur chuige ceartbhunaithe, san áireamh. In achoimre na Roinne ar thorthaí an chomhairliúcháin, aithníonn an Roinn, (DCAL Márta 2007, lth. 6):

Astu siúd a chuir freagra isteach, bhí tromlach thar na bearta (93%) ar son reachtaíocht Ghaeilge a thabhairt isteach; agus bhí mionlach beag daoine nár aontaigh leis an mholadh ar chor ar bith. Luaigh na daoine a bhí ina éadan (7%) cúrsaí costais agus d’aithin siad go mbeadh reachtaíocht ina hábhar deighilte go polaitiúil. (Féach nóta faoin aistriúchán ó leagan Béarla na Roinne)

This reflects a significant level of interest in the issues raised in the paper. Of those who responded, the overwhelming majority (93 percent) favoured the adoption of Irish language legislation; while a small minority of respondents strongly disagreed with the proposal. Those in favour preferred a rights-based approach. Those against (7 per cent) cited cost issues and

¹³ Joint Declaration by the British and Irish Governments, April 2003; Rights, Equality, Identity and Community, Paragraph 30

¹⁴ St Andrews Agreement, 2006; Annex B, Human Rights, Equality, Victims and Other Issues

the perception that legislation would be politically divisive. (Official DCAL English language version, see note on translation to Irish language version) DCAL 13 March 2007, Introduction, p. 6.

NB: Tá difear idir an dá leagan, agus dhá fhrása sa Bhéarla nach bhfuil sa Ghaeilge: ‘This reflects a significant level of interest in the issues raised in the paper’, and ‘Those in favour preferred a rights-based approach.’

- B.6 Thosaigh an Roinn an dara próiseas comhairliúcháin in 2007. Rinneadh na freagraí a chomhaireamh ar bhealach difriúil ón chéad chomhairliúchán. Go fóill, d’aithin an Roinn go raibh tromlach na bhfreagróirí ar an dara chomhairliúchán ar son moltaí POBAL arís. (DCAL, DF 2007)

Acht Thuaisceart Éireann 1998

- B.7 I ndiaidh Chomhaontú Chill Rímhinn 2006, rith Rialtas na Breataine reachtaíocht ag Westminster le hAcht TÉ 1998 a leasú. Áirítear in Alt 28D d’Acht 1998 an méid seo a leanas:
- (1) Glacfaidh an Coiste Feidhmeannais Straitéis chuige féin a leagfaidh amach mar a bheartaíonn sé forbairt na Gaeilge a fheabhsú agus a chosaint
- B.8 Cruthóidh na forálacha nua sa reachtaíocht ón Chomhaontú ‘Ré Nua Cur Chuige Nua’ (Eanáir 2020) caibidil nua reachtaíochta de chuid Acht Thuaisceart Éireann 1998. Tá seo luaite faoi alt 27 (h) sa chomhaontú polaitiúil 2020.¹⁵

Clár Rialtais 2011-2015

- B.9 Ina Chlár Rialtais 2011-15, a foilsíodh ar 12 Márta 2012, d’aithin an Feidhmeannas an tábhacht atá le tosaíochtaí a shocrú don am atá le teacht agus an deis a thugann an cineachadh a thapú le todhchaí chomhroinnte níos fearr a thógáil do gach duine. Daingnítear é seo faoi Thosaíocht 4 ‘Pobal Láidir, Comhroinnte a Chothú’ ina ndírítear, i measc nithe eile, ar chaidreamh a chothú idir pobail agus buntáiste a bhreith ar acmhainn earnáil an chultúir mar ghléas i dtreo athrú dearfach. Áirítear leis fosta, straitéis i leith na Gaeilge mar bhunchloch dhúshraithe leis an tosaíocht seo a bhaint amach.

Dréacht-Straitéis le Forbairt na Gaeilge a Fheabhsú agus a Chosaint (RCEF) 2015

- B.10 D’fhoilsigh an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta (RCEF) agus an tAire CEF dréacht - Straitéis 20 bliain le Forbairt na Gaeilge a fheabhsú agus a Chosaint (2015-2035). Tá bunús na moltaí a rinneadh sa straitéis sin curtha san áireamh anseo, nó tá uasdátú déanta orthu chun go mbeadh siad ag teacht le cúinsí reatha san earnáil agus le cuid de na hathruithe a tháinig ar athbheochan na teanga idir an dá linn.

¹⁵ https://assets.publishing.service.gov.uk/government/uploads/system/uploads/attachment_data/file/856998/2020-01-08_a_new_decade__a_new_approach.pdf

B.11 Ní raibh comhaontú polaitiúil ann an dréacht-straitéis sin a chur i bhfeidhm in 2015. In 2016, d'fhoilsigh an Roinn cáipéis nua 'Bliain ar aghaidh' a luaigh cuid de na gníomhartha a bhí déanta ag an Roinn.¹⁶

Dréacht-Bhille don Ghaeilge (RCEF) 2015

B.12 Rinneadh comhairliúchán in 2015 ar 'Tograí faoi choinne Bille Gaeilge'¹⁷. I mí na Nollag 2015, foilsíodh torthaí an chomhairliúcháin sin. Fuarthas beagnach 13,000 freagra, agus bhí 94.7% ar son reachtaíocht don Ghaeilge¹⁸:

Fuair RCEF 12,911 freagairt don chomhairliúchán, ó eagrais agus ó dhaoine aonair. Tharraing an comhairliúchán tacaíocht ollmhór do reachtaíocht Ghaeilge - 94.7% (12,233) de fhreagairtí a léirigh tacaíocht agus chuir 5.3% (678) ina héadan... (lch. 5).

Mar chuid de sin, rinneadh scrúdú comhionannais (EQIA) agus scrúdú impleachtaí dea-chaidrimh ar an dréacht-bhille. Níor tháinig siad ar aon tionchar diúltach a d'fheadfadh a bheith ag an reachtaíocht seo ar aon sciar den phobal, agus maidir le dea-chaidrimh, fógraíodh go mbeadh tionchar dearfach ag an reachtaíocht:

Is é an dearcadh atá ag RCEF go dtiocfaidh tionchar dearfach, trí reachtaíocht a bhunú, ar lucht labhartha na Gaeilge agus, mar sin de, go hindíreach ar Chaitlicigh, náisiúnaithe, daoine singile, daoine níos óige, daoine nach bhfuil faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil cleithiúnaithe acu. Dar le RCEF, ní thiocfaidh aon tionchair idirdhealaitheacha ná dhíobhálacha... Mheas RCEF go bhfuil d'fhéidearthacht ag tabhairt isteach Bille Gaeilge an dea-chaidreamh a fheabhsú, nó beidh níos mó comhionannais ag baint leis an Ghaeilge agus beidh ardán inrochtana aici do gach cuid den phobal. (lch. 44).

An Comhaontú Fresh Start (Samhain, 2015)

B.13 I bhfómhar 2015, fógraíodh comhaontú polaitiúil nua, Fresh Start. Dearbhaíodh go sonrach mar chuid den chomhaontú sin go dtógfaí ar na comhaontuithe a rinneadh roimhe sin, ó 1998 ar aghaidh. Tugadh, fosta, gealltanas sonrach, mar bhunphrionsabal de chuid an chomhaontuithe úir, deiseanna comhionannais a chinntiú agus ionchuimsiú, mar aon le hathmhuintearas, a éascú mar chuid lárnach, leanúnach den phróiseas síochána:

Building on the political Agreements reached in the past, the progress made to date - and to ensure it continues - we reiterate the primacy and centrality of peace and the political process to the continued transformation of our society, through democracy, inclusion, reconciliation, equality of opportunity for all and the absence of violence. (FS, lch 14).

¹⁶ https://www.communities-ni.gov.uk/sites/default/files/publications/dcal/The%20Irish%20Language%20Strategy%20-%20one%20year%20on%20-%20March%202016_0.pdf

¹⁷ <https://www.communities-ni.gov.uk/consultations/proposals-irish-language-bill>

¹⁸ Tá na freagraí ar fáil anseo: <https://www.communities-ni.gov.uk/publications/irish-language-bill-consultation-2015-report-and-responses>

I measc na nithe sin, tugadh, fosta, gealltanais nua don Ghaeilge, agus dearbhaíodh sa Chomhaontú, faoi alt 68, go gcuirfí i bhfeidhm gealltanais stairiúla don Ghaeilge, mar aon le forálacha reatha sa Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh:

The UK Government and the Irish Government, recalling commitments from previous Agreements, and recognising the importance of understanding, tolerance and respect in relation to linguistic diversity, endorse the need for respect for and recognition of the Irish language in Northern Ireland, consistent with the Council of Europe Charter on Regional or Minority Languages. (FS, Ich. 38).¹⁹

Dréacht-Chlár Rialtais 2016-2021

B.14 Leis an dréacht-Chlár Rialtais 2016-2021, tugadh gealltanais éagsúla maidir leis an tsochaí, an éagsúlacht, an tsláinte agus seirbhísí poiblí. Ba cheart gurbh ionann na gealltanais sin do shaoránaigh a roghnaíonn saol trí Bhéarla agus a roghnaíonn saol (agus oideachas) trí Ghaeilge. I measc na mór-spriocanna bhí:

We are a shared society that respects diversity

We have a more equal society

We give our children and young people the best start in life (p. 12.)

I measc na bpríomhtháscairí a bhí luaite chun dul chun cinn na spriocanna a thomhas²⁰ bhí:

12. Reduce educational inequality

13. Improve the quality of education

14. Improve the skills profile of the population

27. Improve cultural participation

31. Increase shared space

35. Increase reconciliation

Dréacht-Spriocanna do Chlár Rialtais 2021-2026

B.15 Idir Eanáir agus Márta 2021, tugadh faoi chomhairliúchán poiblí, trí Oifig an Fheidhmeannais (TEO) ar na príomhspriocanna a bheadh leis an Chlár Rialtais nua (2021 – 2026). I measc an réamh-eolais a bhí luaite leis an Chlár Rialtais in 2021, rinneadh tagairtí sonracha do shraith straitéisí tras-rannóige, mar a bhí geallta agus luaite sa chomhaontú Ré Nua Cur Chuige Nua (Eanáir 2020):

¹⁹ https://www.northernireland.gov.uk/sites/default/files/publications/nigov/a-fresh-start-stormont-agreement_0.pdf

²⁰ <https://www.northernireland.gov.uk/consultations/draft-programme-government-framework-2016-21-and-questionnaire>

“The Outcomes-based approach means departments think and work outside of their boundaries. They create, or co-design and co-produce, strategies and plans that cut across departments and sectors to tackle societal problems and improve wellbeing for all.”²¹

An Ghaelscolaíocht faoi bhláth, 50 bliain ar an fhód

B.16 Tháinig ann don chéad bhunscoil lán-Ghaeilge ó thuaidh in 1971, le bunadh Bhunscoil Phobal Feirste, atá ag ceiliúradh 50 bliain ar an fhód. 50 bliain ar aghaidh, agus breis agus 7,000 duine óg ag freastal ar sholáthar Gaeloideachais, idir naiscoileanna, bhunscoileanna agus mheánscoileanna Gaeilge, tá géarghá le soláthar cuimsitheach, cothrom agus é seo bunaithe ar an dualgas reachtúil a ceanglaíodh le Comhaontú Aoine an Chéasta, faoi Shnáithe 3:

iallach reachtúil a chur ar an Roinn Oideachais leis an Ghaelscolaíocht a chur chun cinn agus a éascú ar an dóigh chéanna a ndéantar i gcás an oideachais imeasctha;

Moltar nach mór fis a leagan amach a fhreastalóidh ar an dualgas seo agus ar riachtanais páistí atá ag roghnú na Gaelscolaíochta mar rogha oideachais. I measc na bhforálacha is gha a chur san áireamh, tá ceisteanna cóiríochta, acmhainní, áiseanna, soláthair múinteoirí, soláthair sainriachtanais oideachais, taistil agus eile. Glactar leis go forleathan i measc phobal na Gaeilge gurb í an Ghaelscolaíocht ‘cuisle na hathbheochana’.

Moltar gur chóir, mar chuid den straitéis, go mbeadh an Roinn Pobal ag obair ar bhonn leanúnach le reachtaíocht chuimsitheach Ghaeilge a thabhairt isteach agus moltaí POBAL sa doiciméad Acht na Gaeilge Eis. II (2012)²² agus Conradh na Gaeilge (2017)²³ maidir leis an oideachas san áireamh. Má tá aon chodarsnacht idir na moltaí seo agus/nó reachtaíocht RNCCN, glactar leis na moltaí is láidre de réir saineolaithe neamhspleácha.

Moltar mar bhunphrionsabal sa reachtaíocht Ghaeilge as seo amach, agus i gcur i bhfeidhm na straitéise, go gcaithfear a aithint go bhfuil sé de cheart ag tuismitheoirí i dtÉ go bhfaigheadh a gcuid páistí oideachas réamhscoile, bunscoile agus iar-bhunscoile trí mheán na Gaeilge agus ceachtanna Gaeilge a fháil ag gach céim den oideachas bunscoile agus iar-bhunscoile.

An Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh

B.17 Is coinbhinsiún idirnáisiúnta í an Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh (an Chairt) arb aidhm di teangacha réigiúnacha agus mionlaigh a chosaint agus a chur chun cinn mar ghné d’oidhreacht chultúrtha na hEorpa atá faoi bhagairt. Ar an ábhar seo, chomh maith le halt neamh-leithcheala a bhaineann le húsáid na dteangacha seo²⁴, tá foráil ann i leith bearta a thairgeann tacaíocht ghníomhach dóibh. ‘Is ar an dóigh seo amháin ar féidir

21 <https://www.northernireland.gov.uk/programme-government-pfg-2021>

22 <https://static1.squarespace.com/static/602f79a565837b32cc85cebe/t/61767fbd5f3b4c74841c07cd/1635155910841/Acht+na+Gaeilge+Eis+2+Edition.pdf>

23 https://cnag.ie/images/Acht_Gaeilge_%C3%B3_Thuaidh/15M%C3%812017_Pl%C3%A9ch%C3%A1ip%C3%A9is_ar_Acht_Gaeilge_%C3%B3_Thuaidh.pdf

24 European Charter for Regional or Minority Languages – Part II, Article 7(2) Objectives and Principles

na teangacha seo a chúiteamh, nuair is gá, as dálaí neamhfhabhracha san am atá caite agus iad a chaomhnú agus a fhorbairt mar ghné d'fhéiniúlacht chultúrtha na hEorpa.²⁵

- B.18 Cuirtear chun cinn sa Chairt cur chuige ilchultúrtha maidir leis na teangacha a chosnaítear inti. Is iad a cuid aidhmeanna, a bhfuil tionchar acu ar an tuairisc seo, cultúr a chruthú ina n-éiríonn le teangacha réigiúnacha agus mionlaigh a bheith beo i gcuideachta a chéile agus i gcuideachta mhórtheangacha an Stáit.
- B.19 Socraítear, sa Chairt, comhphrionsabail láir, atá leagtha amach i gCuid II, a bhaineann le gach teanga réigiúnach nó mhionlaigh. I gCuid III den chairt, tá sraith forálacha sainiúla a bhaineann le hionad teangacha réigiúnacha nó mionlaigh i gcodanna éagsúla de shaol an phobail. Faoi Chuid III, 'tá de shaoirse ag stáit aonair, laistigh de shrianta áirithe, cinneadh a dhéanamh faoi cé acu de na forálacha a bhainfidh le gach teanga a labhraítear taobh istigh dá dteorainneacha'.²⁶
- B.20 Rinne Rialtas na Ríochta Aontaithe (RA) an Chairt a dhaingniú i Márta 2001 agus d'aithin oibleagáidí leis an Ghaeilge, a bhfuil stádas Chuid III aici, a chosaint agus a chur chun cinn. Tá sé airteagal is tríocha faoin Chairt roghnaithe ag Rialtas na RA lena chinntiú, a oiread agus is féidir, ar bhonn réasúnta, go n-úsáidfean an Ghaeilge san oideachas agus sna meáin agus a húsáid a cheadú i gcomhthéacsanna breithiúnacha agus riaracháin, sa tsaol eacnamaíochta agus shóisialta agus i ngníomhaíochtaí cultúrtha.
- B.21 D'fheidhmigh an Roinn Cultúir, Ealaín agus Fóillíochta mar chathaoirleach agus chuir siad rúnaireacht ar fáil do Ghrúpa Idir-rannach um Fheidhmiú na Cairte a mhaoirsíonn feidhmiú na Cairte ag na ranna agus a chomhordaíonn ionchur i dtuairiscí tréimhseacha le Comhairle na hEorpa ar dhul chun cinn an fheidhmithe le Comhairle na hEorpa.
- B.22 Tomhaiseann Coiste Saineolaithe (COMEX) de chuid Chomhairle na hEorpa dul chun cinn ar fheidhmiú na Cairte gach trí bliana. I ndiaidh a gcuairte i Meán Fómhair 2009, mhol COMEX go ndéanfadh údaráis na RA tosaíocht de 'glacadh chuige féin agus feidhmiú polasaí cuimsitheach Gaeilge, agus an dóigh is fearr ná trí reachtaíocht a rith'.²⁷

25 European Charter for Regional or Minority Languages – Explanatory Note, Paragraph 10

26 European Charter for Regional or Minority Languages – Explanatory Note, Paragraph 22

27 Council of Europe: Committee of Ministers, Recommendation CM/RecChL(2010)4 of the Committee of Ministers on the application of the European Charter for Regional or Minority Languages by the United Kingdom, 21 April 2010

An Creat-Choinbhinsiún um Mionlaigh Náisiúnta a Chosaint

B.23 Ghlac Comhairle na hEorpa leis an Chreat-Choinbhinsiún um Mionlaigh Náisiúnta a Chosaint sa bhliain 1994, agus shínigh Rialtas na Ríochta Aontaithe é sa bhliain 1995. Leagann an conradh amach oibleagáidí an stáit maidir le forbairt beartas chun cearta mionlach a chosaint sa tsaol phríobháideach agus phoiblí araon²⁸. Déantar monatóireacht ar chomhlíonadh an choinbhinsiúin gach 5 bliana; sa tuairisc mhonatóireachta is déanaí (2017), moltar:

- i. The Executive adopt appropriate legislation protecting and promoting the Irish language and take measures to ensure progress on language rights of persons belonging to the Irish minority; and
- ii. The UK Government engage in a dialogue to create the political consensus needed for adopting legislation.

Conradh na Gaeilge High Court Action (2017)

B.24 Sa bhliain 2017, 2 bhliain tar éis fhoilsiú na dréacht-Straitéise Gaeilge ag an iar-Aire DCAL, Carál Ní Chuilín, chuir Conradh na Gaeilge tús le cás dlí chun dúshlán a thabhairt maidir leis an mhoill ar chur i bhfeidhm na straitéise Gaeilge. Chinn breitheamh na hArd-Chúirte mar rialú san athbhreithniú bhreithiúnach gur theip ar an Fheidhmeannas a gcuid dualgas faoi Alt 28d d'Acht Thuaisceart Éireann a chomhlíonadh:

It cannot have been the intention of Parliament that, after nearly 10 years from the coming into force of the Act in 2007, this obligation would remain unfulfilled.

Rialaíodh go ndearna Feidhmeannas Thuaisceart Éireann sárú ar Roinn 28(d) d'Acht Thuaisceart Éireann (1998) agus go raibh teip déanta acu ina ndualgas reachtúil straitéis Ghaeilge a chur i bhfeidhm.

4ú Tuairisc Mhonatóireachta an Choiste Saineolaithe (2014)

B.25 Déanann Comhairle na hEorpa monatóireacht ar chomhlíonadh na Cairte Eorpaí um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh gach 3 bliana. Tar éis a dteagmhála le hoifigigh stáit agus le hionadaithe ó phobal na Gaeilge le linn cuairt stáit agus 4ú tuairisc tréimhseacháin na Ríochta Aontaithe á cur san áireamh, mhol an 4ú tuairisc monatóireachta de chuid an Choiste Saineolaithe go ndéanfadh Rialtas na Ríochta Aontaithe:

Adopt and implement a comprehensive Irish language policy, preferably through the adoption of legislation providing statutory rights for the Irish speakers.²⁹

28 <https://rm.coe.int/168007cdac>

29 <https://rm.coe.int/CoERMPublicCommonSearchServices/DisplayDCTMContent?documentId=09000016806dcc8d>

Ré Nua Cur Chuige Nua (2020)

B.26 Thug an Comhaontú Ré Nua Cur Chuige Nua gealltanais go gcuirfí Straitéis Ghaeilge i bhfeidhm taobh istigh de 6 mhí den chomhaontú. Tugadh 100 lá le:

- i. clár ama maidir le cur i gcrích na straitéise a fhoilsiú; agus
- ii. tús a chur leis an phróiseas comhdheartha.

B.27 Deir an Comhaontú:

under Section 28D of the Northern Ireland Act 1998, the re-established Executive will produce a draft Irish Language Strategy and a draft Ulster Scots Language, Heritage and Culture Strategy for consultations within 6 months. This will include programmes and schemes which will assist in the development of the Irish language and the Ulster Scots language, culture and heritage.³⁰

B.28 Chomh maith leis seo, leag an Comhaontú amach gealltanas maidir le foilsiú amlíne chuimsitheach na straitéise. Deir sé:

The parties agree that, within 3 months, a new Executive will publish a comprehensive timetable for the development and delivery of these and other strategies necessary to achieve the outcomes in the Programme for Government.

5ú Tuairisc Mhonatóireachta an Choiste Saineolaithe (Iúil, 2020)

B.29 I mí Iúil 2020, mar chuid den 5ú tuairisc mhonatóireachta de chuid Choiste na Saineolaithe, maidir le cur i bhfeidhm na Cairte i leith na Gaeilge ag Rialtas an RA, foilsíodh 20 moladh chun na dualgais uile maidir leis an Ghaeilge sa Chairt a chomhlíonadh. Ba iad:

2.2.2. Recommendations by the Committee of Experts on how to improve the protection and promotion of Irish in the United Kingdom³¹

The Committee of Experts encourages the authorities of the United Kingdom to comply also with all undertakings under the European Charter for Regional or Minority Languages which are not considered “fulfilled” (see under 2.2.1 above), as well as to continue to comply with those that are fulfilled. The following overview presents the Committee of Experts’ recommendations of the previous monitoring cycles which the United Kingdom has not yet implemented and the recommendations of the current monitoring cycle. The recommendations by the Committee of Ministers of the Council of Europe on the application of the Charter in the United Kingdom [5] remain valid in their own right. Recommendations made in the monitoring procedure of the Charter aim to support the authorities in the implementation process.

³⁰ https://assets.publishing.service.gov.uk/government/uploads/system/uploads/attachment_data/file/856998/2020-01-08_a_new_decade_a_new_approach.pdf

³¹ https://search.coe.int/cm/Pages/result_details.aspx?ObjectId=0900001680948544

I. Recommendations for immediate action

- a. Adopt a comprehensive law and a strategy on the promotion of Irish in Northern Ireland.
- b. Provide the basic and further training of a sufficient number of teachers teaching in Irish.

II. Further recommendations

- c. Extend the provision of pre-school, primary and secondary education in Irish.
 - d. Eliminate the unjustified exclusion relating to the use of Irish before courts.
 - e. Extend the offer of Irish as a university subject.
 - f. Ensure the teaching of the history and culture reflected by Irish.
 - g. Translate into Irish, and make publicly available, the most important national and Northern Irish statutory texts.
 - h. Ensure that users of Irish may submit oral or written applications in Irish to local branches of the national authorities, the authorities of Northern Ireland, local authorities and public service providers.
 - i. Introduce simultaneous translation facilitating the full use of Irish in the Northern Ireland Assembly and in local councils.
 - j. Ensure that local branches of the national authorities draft documents in Irish.
 - k. Facilitate the adoption and use, by local and regional authorities as well as public service providers, of place names in Irish.
 - l. Take practical measures facilitating the use of family names in Irish in conformity with the Irish spelling.
 - m. Extend the offer of public radio and television broadcasts in Irish.
 - n. Facilitate the broadcasting of private radio programmes in Irish on a regular basis and extend the broadcast radius of Raidió Fáilte.
 - o. Encourage and/or facilitate the creation of at least one newspaper in Irish either in printed form or online.
 - p. Apply existing measures for financial assistance to include audiovisual productions in Irish.
 - q. Take measures to remove technical obstacles to the reception of television broadcasts from the Republic of Ireland.
 - r. Adopt and implement a strategy on cultural production and activities in Irish.
 - s. Make provision, in cultural policy abroad, for Irish and the culture it reflects.
 - t. Promote cross-border exchanges, in the fields covered by the Charter, for the benefit of Irish.
-

5ú Tuairisc Mhonatóireachta an Choiste Saineolaithe – freagra Choiste na Saineolaithe ar an RA (Márta, 2021)

- B.30 Déanann Comhairle na hEorpa monatóireacht ar na dóigheanna a gcomhlíonann an Ríocht Aontaithe a bhfreagrachtaí maidir le teangacha mionlaigh a chosaint agus a chur chun cinn sa tsaol phoiblí. Déanann an Coiste Saineolaithe monatóireacht ar chur i bhfeidhm na Cairte gach trí bliana.
- B.31 Sa 5ú tuairisc a foilsíodh i mí an Mhárta 2021, tar éis freagraí agus aighneachtaí ón tsochaí agus ó Rialtas na Breataine, mhol Tuairisc an Choiste Saineolaithe an Ghaeilge a chosaint agus dúirt siad go raibh Acht agus Straitéis Ghaeilge ‘riachtanach i gcosaint agus i gcur chun cinn na Gaeilge i dTuaisceart na hÉireann’. Mhol siad an dá rud a leanas:
1. Adopt a comprehensive law and a strategy on the promotion of Irish in Northern Ireland.
 2. Provide the basic and further training of a sufficient number of teachers teaching in Irish.³²
- B.32 Sa bhreis air sin, mhol an Coiste Saineolaithe sa tuairisc seo (2021) gur cheart go nglacfaí leis an straitéis seo chomh luath agus ab fhéidir agus go gcuirfí san áireamh ann spriocanna, amlíne agus gníomhartha maidir le hoideachas, le cultúr, agus leis an tsaol phoiblí mar aon le deiseanna athbhreithnithe agus monatóireachta leanúnacha i gcomhar leis an phobal:
27. Concerning an Irish Language Strategy, the Committee of Experts encourages the authorities to adopt this as swiftly as possible. It notes further that the development of an Irish Language Strategy has been committed to in the past, notably under the Northern Ireland Act 1998 and the St Andrew’s Agreement of 2006, and as such is a domestic legal requirement as well as an obligation under the Charter. In concrete terms, the strategy should contain goals and milestones, and concrete measures in education, culture and other spheres of public life, along with opportunities for review and periodic monitoring in consultation with Irish speakers.

32 <https://rm.coe.int/ukevaliria5-en/1680a287e0>

Coinbhinsiún UNESCO Maidir le Caomhnú na hOidhreachta Cultúrtha Doláimhsithe

B.33 Ina Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030, leag Rialtas na hÉireann amach na peirspictíochtaí idirnáisiúnta a bhí mar thacaíocht ag comhthéacs beartais a straitéise. Baineann an sliocht seo a leanas ó Straitéis 2010-2030 de chuid Rialtas na hÉireann le haon straitéis amach seo agus d’imir sé tionchar ar an tuairisc seo:

Aithnítear go hidirnáisiúnta an fiúntas a bhaineann le héagsúlacht theangeolaíoch. Is iad teangacha na príomhuirlisí atá ag an duine le hidirghníomhú a dhéanamh agus le smaointe, mothúcháin, eolas, cuimhní agus luachanna a chur in iúl. Déanann teangacha nathanna cainte cultúrtha agus oidhreacht theibí chultúrtha a thabhairt leo freisin, ar nithe iad is croí d’fhéiniúlacht an duine aonair agus d’fhéiniúlacht grúpaí. Tá ról tábhachtach teangacha ó thaobh léiriú agus tarchur oidhreachta cultúir de aitheanta i gCoinbhinsiún NA maidir le Caomhnú na hOidhreachta Cultúrtha Doláimhsithe.

Caithfear, mar sin, teangacha cosúil leis an nGaeilge a chosaint chun éagsúlacht chultúir a choinneáil ar fud an domhain. Tuairiscíonn UNESCO³³ go bhfuil leath de na 6,700 teanga a labhraítear faoi láthair i gcontúirt dul i léig roimh dheireadh an chéid, próiseas nach féidir a mhoilliú ach le gníomh práinne ó Rialtas agus ó na pobail a labhraíonn na teangacha³⁴. Cothaíonn an Endangered Languages Programme de chuid UNESCO comhoibriú ar bhonn idirnáisiúnta le haird a tharraingt ar an staid thromchúiseach sin agus le réiteach nuálach a mholann pobail, saineolaithe agus údaráis a chur chun cinn. Chuir an t-eagrán is déanaí den Atlas of the World’s Languages in Danger (UNESCO³⁵) síos ar an nGaeilge mar theanga atá “definitely endangered”. Tá an stádas sin athraithe ó shin agus feabhsaithe go “vulnerable” i gcomhthéacs eolais faoi bhearta atá glactha ag an Rialtas le tacú leis an teanga le blianta beaga anuas.


D’aithin an Coinbhinsiún maidir le Caomhnú na hOidhreachta Cultúrtha Doláimhsithe an ról fíorthábhachtach atá ag teanga ó thaobh oidhreacht bheo a chur in iúl agus chun cinn. Braitheann oidhreacht cultúir theibí ar theanga ó thaobh a beochta laethúla agus lena cur ar aghaidh chuig an gcéad ghlúin eile. I gcás traidisiúin bhéil, lena n-áirítear amhráin, filíocht agus béaloideas, ní amháin gurb í an teanga a úsáidtear chun an oidhreacht chultúir a tharchur ach is í an teanga croílár na hoidhreachta sin. Chomh maith le hanailís a dhéanamh ar staid teangacha atá faoi bhrú ar fud an domhain, tá forbairt déanta ag UNESCO ar chreat oibre le beocht teanga a thomhas le cuidiú le Rialtais agus le dreamanna eile ó thaobh polasaí a fhorbairt, riachtanais agus bearta cosanta cuí a aithint. Tugadh aird ar an gcreat³⁶ sin atá bunaithe ar na naoi gcritéar seo a leanas agus an straitéis seo á forbairt.

33 United Nations Educational Scientific and Cultural Organisation

34 www.unesco.org/new/en/culture/themes/endangered-languages/

35 www.unesco.org/culture/languages-atlas/en/atlasmap.html

36 UNESCO Ad Hoc Expert Group on Endangered Languages, Language Vitality and Endangerment (March 2003)



Fíor 1 | Figure 1: Beogacht Teanga EOECA

Cuid C: Moltaí an PCS maidir le hAidhmeanna, Cuspóirí agus Torthaí

Moltaí maidir le Príomhspríocanna aon straitéise amach anseo³⁷

- C.1 Molaimid gurb iad seo a leanas na príomhspríocanna d'aon straitéis amach anseo:
- I. Go mbeidh eolas ar an Ghaeilge ag 500,000 duine faoin bhliain 2042 agus go ndéanfar tomhas ar an dul chun cinn seo tríd an daonáireamh gach 10 mbliana (de réir Dhaonáireamh 2011, bhí eolas ar an Ghaeilge ag 184,898 nduine, sin 10.65% den phobal).
 - II. Go mbeidh an Ghaeilge mar phríomhtheanga ag 20,000 duine faoin bhliain 2042 agus go ndéanfar tomhas ar an dul chun cinn seo tríd an daonáireamh gach 10 mbliana agus an suirbhé tí go bliantúil³⁸.
 - III. Go mbeidh an Ghaeilge mar teanga laethúil ag {figiúr le líonadh bunaithe ar Dhaonáireamh 2021} duine faoin bhliain 2042 agus go ndéanfar tomhas ar an dul chun cinn seo tríd an daonáireamh gach 10 mbliana agus an suirbhé tí go bliantúil³⁹.
 - IV. Forbairt a dhéanamh ar an phobal oideachais trí mheán na Gaeilge agus 10% den phobal mhór scolaíochta a bheith sa Ghaeloideachas faoi 2042.

Moltaí an PCS maidir le hAidhmeanna aon straitéise amach anseo

- C.2 Molann an PCS gurb iad seo thíos na bunaidhmeanna is fearr d'aon straitéis amach anseo:
- I. Mar aidhm agus cuspóir, ba chóir don straitéis cuidiú ar bhealach córasach, straitéiseach le deireadh a chur le haon idirdhealú, eisiámh, srianadh nó tosaíocht éagórach a bhaineann le húsáid na Gaeilge más cuspóir dóibh cothabháil nó forbairt na teanga a dhímholadh nó a chur i gcontúirt.
 - II. Tacú le sealbhú agus foghlaim na Gaeilge ar bhonn ardchaighdeáin agus inbhuanaithe.
 - III. Stádas agus infheictheacht na Gaeilge a fheabhsú agus a chosaint.
 - IV. Gréasáin agus pobail ardchaighdeáin agus inbhuanaithe Ghaeilge a sholáthar.
 - V. An Ghaeilge a chur chun cinn le pobal láidir Gaeilge a chothú.

³⁷ Beidh na príomhspríocanna seo le huasdátú agus sprioc le cur le huimhir III, bunaithe ar Dhaonáireamh 2021 nuair a bheidh na torthaí ar fáil. Moltar, chomh maith le ceisteanna éagsúla nó/agus sa bhreis maidir leis an Ghaeilge a chur i nDaonáireamh 2031, gur chóir don Roinn Pobal taighde saineolach, neamhspleách ar leith a choimisiúnú ar bhonn bliantúil / gach trí bliana le sainiúchadh a dhéanamh ar threochtaí sochteangeolaíochta phobal na Gaeilge. Tugtar cur síos ar an taighde atá a mholadh sa rannóg Taighde.

³⁸ De réir Dhaonáireamh 2011, bhí an Ghaeilge mar phríomhtheanga ag 4,045 dhuine, sin 0.24% den phobal

³⁹ Níor cuireadh an cheist seo roimhe seo sa daonáireamh.

Moltaí an PCS maidir le cuspóirí aon straitéise amach anseo⁴⁰

C.3 Leis na haidhmeanna thuasluaite a bhaint amach, molann an PCS gur chóir na cuspóirí seo a leanas a leagan síos:

AIDHM 1: Tacú le sealbhú agus le foghlaim ardchaighdeáin agus inbhuanaithe Gaeilge.

- CUSPÓIR 1: Líon na ndaoine atá ag sealbhú Gaeilge tríd an Ghaelscolaíocht a mhéadú.
- CUSPÓIR 2: Líon na ndaoine atá ag foghlaim Gaeilge tríd an chóras oideachais Béarla a mhéadú.
- CUSPÓIR 3: Líon na ndaoine atá ag foghlaim Gaeilge taobh amuigh den chóras oideachais fhoirmiúil a mhéadú.
- CUSPÓIR 4: Múinteoirí a sholáthar do gach céim den earnáil Gaeloideachais agus iniúlachtaí sainiúla an tumoideachais curtha san áireamh chomh maith le hoideachas do mhúinteoirí Gaeilge sna scoileanna Béarla.
- CUSPÓIR 5: Líon na dteaghlach a bhíonn ag tógáil a bpáistí trí Ghaeilge nó go dátheangach a ardú agus an tacaíocht chuí a chur ar fáil dóibh.

AIDHM 2: Stádas agus infheictheacht na Gaeilge a fheabhsú agus a chosaint

- CUSPÓIR 6: Gach oibleagáid a bhaineann leis an Ghaeilge faoi reachtaíocht Ghaeilge atá le tabhairt isteach faoin doiciméad RNCCN, agus gach reachtaíocht eile a bhaineann leis an Ghaeilge⁴¹ agus an Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh a chomhlíonadh.
- CUSPÓIR 7: Cosaint reachtúil ar an Ghaeilge, bunaithe ar mholtaí a d'fhoilsigh POBAL sa cháipéis Acht na Gaeilge TÉ, Eis. II (2012)⁴² agus Plécháipéis Chonradh na Gaeilge (2017)⁴³ a fheidhmiú don Ghaeilge taobh istigh d'achar ama réasúnta, aontaithe. In aon chás ina mbeadh codarsnacht idir na moltaí sa dá cháipéis thuasluaite, glacfar leis na míreanna is láidre de réir comhairle shaineolach, neamhspleách. Is é is tábhachtaí go mbeidh an reachtaíocht láidir go leor le spriocanna molta an PCS don straitéis a bhaint amach.
- CUSPÓIR 8: Rochtain ar mheáin ardchaighdeáin Ghaeilge a mhéadú, na meáin chlóite, chraolta shóisialta uilig san áireamh.
- CUSPÓIR 9: Feasacht ar luach geilleagrach agus sóisialta na Gaeilge a mhéadú.

⁴⁰ Figiúirí intomhaiste le cur le cuspóirí 1-5 mar shlat tomhais ar féidir seasamh leo.

⁴¹ mar shampla An tOrd Oideachais, Comhaontú Chill Rímhinn 2006 srl

⁴² <https://static1.squarespace.com/static/602f79a565837b32cc85cebe/t/61767fbd5f3b4c74841c07cd/1635155910841/Acht+na+-Gaeilge+Eis+2+Edition.pdf>

⁴³ https://cnag.ie/images/Acht_Gaeilge_%C3%B3_Thuaidh/15M%C3%812017_Pl%C3%A9ch%C3%A1ip%C3%A9is_ar_Acht_Gaeilge_%C3%B3_Thuaidh.pdf

AIDHM 3: Gréasáin agus pobail ardchaighdeán agus inbhuanaithe Gaeilge a sholáthar.

- CUSPÓIR 10: Pleananna agus tionscnaimh áitiúla phobalbhunaithe Ghaeilge atá inbhuanaithe agus ar ardchaighdeán a fhorbairt agus a mhaoiniú go sásúil faoi réir riachtanais an phobail.
- CUSPÓIR 11: Gréasáin teaghlaigh, shóisialta agus phobail a spreagadh agus cur le réimse na seirbhísí poiblí trí Ghaeilge, agus maoiniú sásúil déanta orthu seo chun deiseanna a chur ar fáil don réimse is leithne daoine agus is féidir an Ghaeilge a úsáid.
- CUSPÓIR 12: Tacú le méadú ar líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge ar bhonn laethúil.

AIDHM 4: An Ghaeilge a chur chun cinn ar dhóigh a gcuirfidh le cothú pobal láidir, comhroinnte.

- CUSPÓIR 13: Dearcthaí dearfacha ar an Ghaeilge a mhéadú i ngach cuid den phobal, agus an pobal Protastúnach, Aontachtach, Dílseach san áireamh.
- CUSPÓIR 14: Aithnítear, mar sin, go bhfuil luach leis an obair chun an teanga a chur chun cinn ar bhonn trasphobail, ach caithfidh an straitéis tús áite a thabhairt do riachtanais agus do chearta phobal na Gaeilge.
- CUSPÓIR 15: Bunmhaoiniú ráithe a chinntiú d'earnáil dheonach na Gaeilge ó thuaidh le hinfreastruchtúr na teanga a neartú agus le forbairt na Gaeilge a chur chun cinn. Chomh maith le hacmhainní agus tacaíocht chúil a chur ar fáil do na heagrais Ghaeilge ó thuaidh, agus do na heagrais Ghaeilge a fheidhmíonn go huile-oileánda, déanfaidh an Roinn Pobal próiseas leanúnach a shonrú i dtaca le hionchur na ngrúpaí Gaeilge agus ionchur an phobail a spreagadh agus a éascú maidir le forbairt na straitéise, de réir riachtanais, thar tréimhse ama.
- CUSPÓIR 16: Tábhacht taighde neamhspleách, shaineolaigh a aithint le cur leis an eolas logánta, náisiúnta agus idirnáisiúnta ar chothú agus ar chosaint na Gaeilge agus na teangacha mionlaigh go ginearálta agus an Roinn Pobal ag obair lena cinntiú go gcuirfidh Ranna, Comhairlí agus maoinitheoirí eile acmhainní cuí ar fáil don taighde seo.
- CUSPÓIR 17: Dul i ngleic le claontacht agus caoinfhulaingt agus feachtais dhearfacha teanga a fheidhmiú, a chuirfidh i gcoinne tuairimíochta agus polasaithe leatromacha, leis an tsaineolas chúil idirnáisiúnta maidir le hathbheochan mionteangacha a chur chun cinn.

Moltaí an PCS maidir le Torthaí Straitéiseacha

- C.4 Cuirfidh an Roinn Pobail plean feidhmiúcháin le chéile agus feidhmeoidh siad ar an phlean leis an dul chun cinn ar na cuspóirí intomhaiste a mheas go leanúnach.
- C.5 Déanfar monatóireacht agus tomhas ar chur i bhfeidhm an phlean feidhmiúcháin ar bhonn rialta agus na torthaí thíos curtha san áireamh i gcomhthéacs na gcuspóirí thuas:
- líon méadaithe daoine a bheith ag foghlaim agus ag úsáid na Gaeilge sa chóras fhoirmiúil oideachais, trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon;
 - deiseanna feabhsaithe chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid taobh amuigh den chóras fhoirmiúil oideachais;
 - líon méadaithe a bheith ag úsáid na Gaeilge ar bhonn rialta;
 - líon méadaithe teaghlach a bheith ag úsáid na Gaeilge;
 - eispéiris fheabhsaithe ar sheirbhísí poiblí a rochtain i nGaeilge trí fheidhmiú cuimsitheach reachtaíocht RNCCN, na Cairte Eorpaí do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh agus reachtaíochta eile Gaeilge a reachtófar as seo amach;
 - infheistíocht agus acmhainní airgeadais agus daonna substaintiúla a bheith curtha ar fáil d'Oifig an Choimisinéara Gaeilge;
 - infheictheacht chuimsitheach Ghaeilge ar gach ardán de chuid na meán agus rochtain mhéadaithe ar thuilleadh craoltóireacht seirbhíse poiblí ardchaighdeáin Ghaeilge;
 - deiseanna feabhsaithe do ghnólachtaí a chuireann seirbhísí Gaeilge ar fáil;
 - níos mó tacaíochta do phobail agus líonraí áitiúla ardchaighdeáin, inbhuanaithe a bhíonn ag úsáid na Gaeilge, lena n-áirítear ceantair ainmnithe Ghaeltachta agus foghlama, rud a dtiocfaidh úsáid agus infheictheacht fheabhsaithe na teanga dá barr;
 - a bheith ag tabhairt go gníomhach faoi chlár taighde cuimsitheach le tacú le forbairt na Gaeilge i measc réimsí ar fad na tuairisce seo agus eile nuair is cuí;
 - forbairt leanúnach ar chosaint reachtaíochta do stádas na Gaeilge agus cur i bhfeidhm éifeachtach na reachtaíochta; agus
 - dearthaí níos dearfaí ar an Ghaeilge, go háirithe i measc an phobail Phrotastúnaigh, Aontachtaigh agus Dhílsigh agus, dá thoradh sin, dearthaí agus tuiscint fheabhsaithe trasphobail.

Cuid D: Moltaí an PCS maidir le Réimsí Gnímh

D.1 Molaimid go leagfar amach naoi réimse gnímh in aon straitéis amach anseo faoi sheacht mbuntéama:

1. Reachtaíocht agus Stádas na Gaeilge
2. Seirbhísí Poiblí
3. Oideachas
4. Seachadadh na Gaeilge sa Teaghlach – Luath-Idirghabháil
5. An Ghaeilge agus an Pobal
6. An Óige
7. Na Meáin, na Foilseacháin agus an Teicneolaíocht
8. An Saol Eacnamaíochta
9. Taighde

Cuid E: Moltaí an PCS maidir le Cur i bhFeidhm

E.1 Molaimid go dtabharfaidh Ranna cur i bhfeidhm aon straitéise agus monatóireacht uirthi amach anseo chun cinn le cuidiú ó phainéal de shaineolaithe neamhspleácha agus páirtithe leasmhara i bpobal na Gaeilge. Ní éireoidh le haon straitéis ach amháin má bhunaítear comhpháirtíocht idir na páirtithe leasmhara uilig lena n-áirítear an Rialtas agus pobal na Gaeilge. Molaimid go gcinnteoidh an Roinn Pobal go gcuirfear na hacmhainní cuí agus an t-infreastruchtúr cuí ar fáil chun go gcuirfí an Straitéis Ghaeilge i bhfeidhm ina hiomláine.

Moltaí an PCS maidir le monatóireacht ar aon straitéis amach anseo

Grúpa Seachadta Straitéise

- E.2 Molaimid go mbunófar Grúpa Seachadta Straitéise a mbeidh freagracht fhoriomlán aige as a chinntiú go gcomhlíonfar aidhmeanna aon straitéise amach anseo. Molaimid gurb é/í an tAire Pobal a bheidh ina c(h)athaoirleach ar an Ghrúpa agus mar chuid de go mbeidh oifigigh shinsearacha de chuid na ranna, Foras na Gaeilge agus ionadaithe (2-3) de chuid phobal na Gaeilge.⁴⁴
- E.3 Molaimid go ndéanfar comhairliúchán le Foras na Gaeilge, an foras a bunaíodh faoi Chomhaontú Bhéal Feirste leis an Ghaeilge a chur chun cinn ar fud oileán na hÉireann, lena chinntiú gur prionsabail na pleanála teanga atá mar bhonn eolais ag an phróiseas feidhmiúcháin Straitéise. Cinnteoidh sé, fosta, go gcuirfear leas phobal na Gaeilge in iúl.
- E.4 Molaimid go ndéanfar, chomh maith, comhairle a lorg, ar bhonn rialta, ó shaineolaithe neamhspleácha náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- E.5 Beidh cruinniú ag an Ghrúpa Soláthair Straitéise uair sa ráithe, ar a laghad.
- E.6 Molaimid gurb ea a dhéanfaidh an Grúpa Soláthair Straitéise:
- bheith ina cheannaire agus ina chrann taca ag an straitéis seo;
 - pleananna feidhmiúcháin Roinne a chomhaontú leis an straitéis seo a sholáthar;
 - cruinnithe rialta le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na straitéise seo;
 - tuairisciú ar dhul chun cinn na straitéise; agus
 - moltaí a thabhairt maidir le forbairtí in earnáil na Gaeilge agus leasuithe agus moltaí a thabhairt maidir le riachtanais úra a d'fhéadfadh teacht chun cinn i rith shaolré na straitéise.

⁴⁴ Bhunaigh Foras na Gaeilge an Fóram Forbartha Teanga mar chuid den athbhreithniú ar na hEagrais Bhunmhaoinithe Ghaeilge

Moltaí an PCS maidir le hAonad Straitéise

Moltar na gníomhartha seo a leanas:


- E.7 Go mbunófar Aonad Straitéise sa Roinn Pobal lena chinntiú go dtabharfar obair ar sholáthar na Straitéise chun cinn go héifeachtach.
- E.8 Is é a dhéanfaidh an tAonad Straitéise:
- tacaíocht agus comhairle a thabhairt ar obair an Ghrúpa Soláthair Straitéise;
 - ionchur Roinne ar phleananna feidhmiúcháin (gníomhaireachtaí agus forais ar neamhthuilleamaí san áireamh) a choimisiúnú agus a chomhordú agus a shonrú mar a chuirfidh siad le soláthar na mbunréimsí gnímh;
 - dul i gcomhairle go rialta le Foras na Gaeilge agus leis na sé Cheanneagraíocht bhunmhaoinithe, de réir mar is cú;
 - comhairle a thabhairt do Ranna ar an fheidhmiúchán, ag tarraingt ar chomhairle Foras na Gaeilge agus an Fhórait Chomhairligh;
 - bheith ag obair go dlúth le Ranna agus le páirtithe leasmhara eile leis an fheidhmiúchán a thabhairt chun cinn;
 - monatóireacht a dhéanamh ar nuashonruithe rialta ar fheidhmiúchán na straitéise agus iad a fhoilsiú;
 - tuairisciú ar dhul chun cinn na bpleananna feidhmiúcháin leis an Ghrúpa Soláthair Straitéise;
 - a bheith freagrach as maoirseacht fheidhmiú na Cairte Eorpaí do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, an fheidhm rúnaireachta san áireamh;
 - a bheith freagrach as rúnaíocht agus bainistíocht rialta a dhéanamh ar an Ghrúpa Tras-Rannóige maidir le cur i bhfeidhm na Cairte Eorpaí; agus
 - plé go dlúth leis an Choimisinéir Gaeilge, le hOifig an Fheidhmeannais agus le páirtithe eile maidir le cur i bhfeidhm comhchothrom na reachtaíochta taobh leis an straitéis Ghaeilge.

Moltaí an PCS maidir le Fóram Comhairleach

Moltar na gníomhartha seo a leanas:

- E.9 Go mbunófar Fóram Comhairleach, ar a mbeidh an tAonad Straitéise, Foras na Gaeilge, ionadaithe atá freagrach as na réimsí a aithnítear faoin phleanáil teanga (an óige; teaghligh; pobal; oideachas; ealaíon; cumarsáid; abhcóideacht/reachtaíocht; forbairt eacnamaíochta; luathbhlianta) agus páirtithe leasmhara áitiúla Gaeilge eile.
- E.10 Is é an ról a bheidh ag an Fhóram Chomhairleach comhairle a chur ar an Aonad. Lena chois sin, cinnteoidh sé go gcuirfear tuairimí an phobail in iúl.

- E.11 Léirítear i bhFíor 3 an gaol idir an Grúpa Soláthair Straitéise agus an Grúpa Comhairleach.
- E.12 Beidh cruinniú ag an Fhóram Comhairleach trí huaire sa bhliain ar a laghad.



Fíor 3: Struchtúr Feidhmiúcháin na Straitéise

Figure 3: Strategy Implementation Structure

Moltaí an PCS maidir le Pleananna Feidhmiúcháin

Moltar na gníomhartha seo a leanas:

- E.13 Go gcuirfear plean gnímh 5 bliana le chéile le haghaidh gach tréimhse cúig bliana.
- E.14 Go bhfoilseoidh na ranna pleananna feidhmiúcháin agus tuairiscí monatóireachta ina leagfar amach mar atá siad ag soláthar aidhmeanna, chuspóirí agus réimsí gnímh na straitéise gach bliain bunaithe ar an Phlean Gnímh 5 Bliana.
- E.15 Go mbeidh na ranna freagrach as aidhmeanna agus cuspóirí na straitéise seo a chur in iúl dá bhforais ar neamhthuilleamaí agus le forais phoiblí eile a dtacaíonn siad leo. Nuair is infheidhme, déanfaidh na ranna idirchaidreamh le forais eile ionas go dtig leo a gcion féin a dhéanamh i dtreo aidhmeanna agus chuspóirí na straitéise seo a sheachadadh.
- E.16 Go gcomhlánóidh Plean Corparáideach Fhoras na Gaeilge feidhmiú na straitéise seo.

Moltaí an PCS maidir le Súil Siar agus Athbhreithniú

Moltar na gníomhartha seo a leanas:

- E.17 Déanfaidh painéal, atá neamhspleách ar na ranna Stáit, ar ghníomhairí Stáit agus ar rannpháirtithe na ngrúpaí éagsúla atá luaite i gCuid 5 thuas, tuairisc chuimsitheach gach cúig bliana ar chur i bhfeidhm na straitéise. Beidh Gaeilgeoirí agus saineolaithe idirnáisiúnta mar ionadaithe ar an phainéal.
- E.18 Coinneofar an straitéis faoi athbhreithniú agus is féidir go leasófar í nó go gcuirfear straitéis úr ina háit.⁴⁵

⁴⁵ Acht Thuaisceart Éireann, Roinn 28D(3)

1. Moltaí an PCS maidir le Reachtaíocht agus Stádas na Gaeilge

Comhthéacs na moltaí

An tAcht Gaeilge

- 1.1 Maidir le dualgais Chomhionannais Alt 75 agus an Ghaeilge, déanann an tuarascáil COMEX 2010 an trácht seo:

123. The Committee of Experts on the European Charter for Regional or Minority Languages (COMEX) has been informed of several instances, especially within local councils where it was decided not to promote or use the Irish language within their services on the grounds that it would contravene Section 75 of the Northern Ireland Act, which states that public authorities should take due regard of the need to promote equality of opportunity, among others between persons of different religious belief or political opinion. The Committee of Experts emphasises that this undertaking states that the adoption of special measures in favour of regional or minority languages aimed at promoting equality between the users of these languages and the rest of the population or which take due account of their specific conditions is not considered to be an act of discrimination against the users of more widely used languages.

- 1.2 Maítear i gComhaontú Chill Rìmhinn:

Tabharfaidh an Rialtas [RA] isteach Acht Gaeilge ina léireofar taithí na Breataine Bige agus na hÉireann agus oibreoidh siad i bpáirt leis an Fheidhmeannas atá le toghadh le forbairt na Gaeilge a fheabhsú agus a chosaint.⁴⁶

- 1.3 Tá sé seo ag cur le moladh COMEX gur chóir d'údaráis RA, ar bhonn tosaíochta:

polasaí cuimsitheach Gaeilge a ghlacadh chucu féin agus a fheidhmiú, agus is trí reachtaíocht a rith an dóigh is fearr.⁴⁷

Caithfear a aithint, ó thug Rialtas na RA a ghealltanais i gComhaontú Chill Rìmhinn in 2006, go ndearnadh forbairt shuntasach sa Bhreatain Bheag agus i bPoblacht na hÉireann ar a gcuid taithí maidir le cosaintí teanga, mar gheall ar Bheart na Breataine (An Bhreatain Bheag) 2011 agus na hathbhreithnithe atá déanta ar Acht na dTeangacha Oifigiúla i bPoblacht na

⁴⁶ St Andrews Agreement, 2006; Annex B, Human Rights, Equality, Victims and Other Issues

⁴⁷ Council of Europe: Committee of Ministers, Recommendation CM/RecChL(2010)4 of the Committee of Ministers on the application of the European Charter for Regional or Minority Languages by the United Kingdom, 21 April 2010

hÉireann. Moltar go gcaithfear na forbairtí atá déanta sna dlínsí thuasluaite ó bhí 2006 ann a chur san áireamh nuair a thabharfaidh Rialtas na RA Acht Gaeilge isteach bunaithe ar thaithí na Breataine Bige agus Phoblacht na hÉireann, de réir mar a ghealltar i gComhaontú Chill Rímhinn.

1.4 In 2017, dúirt Coiste na nAirí de chuid Chomhairle na hEorpa gur cheart do na húdaráis:

Adopt a comprehensive law and a strategy on the promotion of Irish in Northern Ireland.

1.5 Go fóill, cé go bhfuil tagairtí do reachtaíocht teanga in RNCCN, níl aon dlí cuimsitheach ann agus beidh an straitéis ag obair go leanúnach le cosaint agus cothú na Gaeilge a fheabhsú agus a fhorbairt ach reachtaíocht láidir ceartbhunaithe a thabhairt isteach ag Westminster nó ag Stormont, ag brath ar chúinsí, taobh istigh d’achar gairid ama.

1.6 In 2021, dúirt an Coiste Saineolaithe de chuid Chomhairle na hEorpa i 5ú Tuairisc Mhonatóireachta an Choiste Saineolaithe (2021) i bpointe 26, nach leor an reachtaíocht atá molta sa chomhaontú Ré Nua Cur Chuige Nua:

26. Therefore the Committee of Experts reiterates that an Irish Language Act would provide the basis for comprehensive and structured policy for the promotion of Irish in Northern Ireland, which would enable resolute action on the protection and promotion of Irish, in line with the United Kingdom’s undertakings under the Charter. In this context, the Committee of Experts considers that, even once the measures contained in the January 2020 agreement are enacted, there remains a need for a comprehensive Irish Language Act.

1.7 Sa bhreis air sin, sa tuarascáil chéanna, dearbhaíonn an Coiste Saineolaithe (2021) gur chuid lárnach de chosaint agus de chur chun cinn na Gaeilge iad an straitéis agus an reachtaíocht chuimsitheach Ghaeilge araon agus mar bhunlíne íosta go mbeadh an straitéis agus an reachtaíocht ionadaíoch, ar a laghad, ar réimsí níos leithne den tsaol ná na cinn a luaitear sa reachtaíocht atá molta in RNCCN:

28. The Committee of Experts maintains its position that an Irish Language Act and a strategy are integral to the protection and promotion of Irish in Northern Ireland. It cannot but reiterate its previous recommendations to this effect. It welcomes that the proposed amendments to the Northern Ireland Act provide official recognition to Irish but is concerned that these amendments have not been adopted, and that their scope is somewhat limited vis-à-vis an Irish Language Act. It asks that further consideration be given, in these amendments, to making express provision for specific language rights, such as in the fields of education, access to public services, public signage and cultural activities.

1.8 Dúirt an tOllamh Robert Dunbar ó Ollscoil Dhún Éideann, ag labhairt dó ar fhóram Páirtíochta um Ilchineálacht⁴⁸ i Sabhal Mòr Ostaig, an Coláiste Gàidhlig ar an Oileán Sgitheanach, i Meitheamh 2006:

Tá reachtaíocht riachtanach do theangacha mionlaigh go díreach ar an ábhar nach mbíonn

48 The Partnership for Diversity forum is a project of the European Bureau for Lesser-Used Languages

an timpeallacht ina maireann cainteoirí teangacha mionlaigh, den chuid is mó, tacúil. Is iondúil nach bhfreastalaíonn institiúidí a bhfuil ról tábhachtach acu sa saol laethúil ar riachtanais cainteoirí teangacha mionlaigh. Fiú nuair a bhíonn leibhéal caoinfhulaingthe agus fiú dea-thoil ann don mhionlach teanga, cuireann tosaíochtaí eile isteach ar chláir oibre na n-institiúidí seo agus is é is toradh dó seo gurb iondúil go gcuirtear riachtanais na gcainteoirí teangacha mionlaigh i leataobh.⁴⁹

1.9 Léirigh, Fernand De Varennes, Rapporteur speisialta na NA ar cheisteanna mionlaigh:

Respect for the language of individuals flows from a fundamental right and is not some special concession or privileged treatment. Simply put is the right to be treated equally without discrimination, to which everyone is entitled.⁵⁰

1.10 Dar leis an Dr Oszmiańska-Pagett ó Chomhairle na hEorpa (CoE), tá reachtaíocht teanga riachtanach:

To have the legislation in place is one of the most important obligations stemming from the [European] charter, from just the legal point of view. But from a practical point of view this is essential because then education, culture and media are not held hostage to political tension.⁵¹

1.11 Tá a n-údar imní curtha in iúl ag Coiste na Náisiún Aontaithe ar Chearta Eacnamaíochta, Sóisialta agus Cultúrtha:

nach bhfuil aon chosaint ar an Ghaeilge i dTuaisceart Éireann, ach go bhfuil cosaint ar an Bhreatnais agus ar an Ghàidhlig trí Acht na Breatnaise 1993 agus Acht na Gàidhlig (Albain) 2005, faoi seach. Is é moladh an Choiste:

go ritheann páirtí an Stáit nó an riarachán cineachta i dTuaisceart Éireann, Acht Gaeilge agus é d'aidhm acu teangacha mionlaigh agus oidhreacht chultúrtha a chaomhnú.⁵²

Moltaí an PCS:

1.12 Moltar gur chóir, mar chuid den straitéis, don Roinn Pobal a bheith ag obair, ar bhonn leanúnach, le cosaint reachtaíochta, bunaithe ar na moltaí a d'fhoilsigh POBAL i 2012 (Acht na Gaeilge TÉ Eis. II)⁵³ agus Plécháipéis Chonradh na Gaeilge (2017)⁵⁴, nach bhfuil san áireamh i reachtaíocht Ré Nua Cur Chuige Nua cheana féin, a fheidhmiú don Ghaeilge taobh istigh d'amscála réasúnta. In aon chás ina mbeadh codarsnacht idir moltaí an dá

49 Dunbar, R. (2006) Implementing Language Legislation: A Comparison, Page 3

50 De Varennes, F., 1996. Language, Minorities and Human Rights (International Studies in Human Rights, v. 45). Ich: 117

51 BBC, 15/5/2018: <https://www.bbc.com/news/uk-northern-ireland-44116786>

52 UN Committee for Economic, Social and Cultural Rights, Concluding Observations for Great Britain and Northern Ireland (2009) E/C.12/GBR/CO/5, Paragraph 37

53 <https://static1.squarespace.com/static/602f79a565837b32cc85cebe/t/61767fbd5f3b4c74841c07cd/1635155910841/Acht+na+Gaeilge+Eis+2+Edition.pdf>

54 https://cnag.ie/images/Acht_Gaeilge_%C3%B3_Thuaidh/15M%C3%812017_Pl%C3%A9ch%C3%A1ip%C3%A9is_ar_Acht_Gaeilge_%C3%B3_Thuaidh.pdf

cháipéis thuasluaite nó le reachtaíocht RNCCN, glacfar leis na míreanna is láidre de réir comhairle shaineolach, neamhspleách. Moltar, taobh istigh de thréimhse cúig bliana de dháta tabhairt isteach reachtaíocht RNCCN, go reachtófar reachtaíocht nua, chuimsitheach, cheartbhunaithe Ghaeilge.

- 1.13 Moltar gur chóir, mar chuid den reachtaíocht chuimsitheach thuasluaite, go mbeadh moltaí POBAL (Acht na Gaeilge TÉ Eis. II) agus Conradh na Gaeilge (2017) maidir le hoideachas san áireamh. Moltar mar bhunphrionsabal sa reachtaíocht Ghaeilge as seo amach, agus i gcur i bhfeidhm na straitéise, go gcaithfear a aithint go bhfuil sé de cheart ag tuismitheoirí i dTÉ go bhfaigheadh a gcuid páistí oideachas réamhscoile, bunscoile agus iar-bhunscoile trí mheán na Gaeilge agus ceachtanna Gaeilge ar fáil ag gach céim den oideachas bunscoile agus iar-bhunscoile.
- 1.14 Faoi reachtaíocht RNCCN, beidh ról reachtúil ag Coimisinéir na Gaeilge i monatóireacht agus in athbhreithniú rialta ar aon reachtaíocht a bhaineann leis an Ghaeilge. Déanfaidh sí/sé comhordú air seo le hionchur sna próisis mhonatóireachta agus athbhreithnithe ó phobal na Gaeilge agus ó shaineolaithe neamhspleácha.
- 1.15 Moltar, taobh istigh de chúig bliana de dháta teacht i bhfeidhm reachtaíocht na Gaeilge atá geallta i gComhaontú RNCCN, agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, go n-athbhreithneoidh an Coimisiún Um Chomhionannas a léirmhíniú ar an dualgas Dea-Chaidrimh faoi Alt 75 (2) Acht Thuaisceart na hÉireann 1998 lena chinntiú go bhfuil an léirmhíniú sin comhoiriúnach leis an reachtaíocht Gaeilge RNCCN, le haon reachtaíocht a bhaineann leis an Ghaeilge anois nó as seo amach, leis an Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, agus leis na caighdeáin ábhartha ceart daonna uilig, intíre agus idirnáisiúnta, atá i bhfeidhm i dTuaisceart na hÉireann.
- 1.16 Moltar, ar theacht i bhfeidhm reachtaíocht Ghaeilge RNCCN, go ndéanfaidh Rialtas na Ríochta Aontaithe athbhreithniú ar na ranna rialtais uilig a bhfuil sé freagrach astu, agus go n-éileoidh sé athbhreithniú ó na comhlachtaí Corónach uilig a ndéanann sé maoirseacht orthu lena chinntiú nach bhfuil san áireamh i mbeartais na ranna agus na gcomhlachtaí uilig den chineál sin aon idirdhealú éagórach a bhaineann leis an Ghaeilge. Mar an gcéanna, moltar go ndéanfaidh Tionól Thuaisceart na hÉireann athbhreithniú mar sin ar na ranna uilig sa riarachán chineachta agus go n-éileoidh sé athbhreithniú den chineál sin ó aon chomhlacht Corónach a ndéanann sé maoirseacht orthu.
- 1.17 Moltar go n-aistreofar na gealltanais de chuid Chairt na hEorpa a bhaineann leis an Ghaeilge isteach sa dlí intíre i dTuaisceart na hÉireann, agus aon ghealltanais de chuid na Cairte a bhaineann le réimsí saoil faoi dhlínse Westminster amháin, go n-aistroidh parlaimint Westminster isteach sa dlí intíre iad. Moltar go mbainfear seo amach taobh istigh de naoi mí ó theacht i bhfeidhm reachtaíocht RNCCN.
- 1.18 Moltar go ndéanfaidh an Roinn Pobal comhordú leis na forais chuí agus le comhlachtaí cuí eile sa Bhreatain Bheag agus in Alban agus go ndéanfaidh an Roinn Pobal idirbheartaíocht ar leibhéal Westminster le go nglacfar, taobh istigh d'achar ama réasúnta, le tuilleadh

míreanna agus míreanna níos láidre de chuid na Cairte, bunaithe ar mholtaí a d'fhoilsigh POBAL sa doiciméad, An Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlach Páirt III Moltaí i dtreo dhaighniú líon d'ailt níos suntasaí agus níos láidre i leith na Gaeilge. / Proposal for the Ratification of Further Part III Clauses of The European Charter for Regional or Minority Languages in respect of Irish.⁵⁵

An tAcht um Riar an Chirt (Teanga) (Éire) 1737 - Moltaí an PCS:

- 1.19 Tá an tAcht um Riar an Chirt (Teanga) (Éire) 1737, a thoirmeascann úsáid teanga ar bith eile seachas an Béarla in imeachtaí cúirte, i bhfeidhm i dTuaisceart na hÉireann go fóill. Faoi dheireadh an 19ú haois, rinneadh leasuithe ar na hAchtanna ábhartha i Sasana, sa Bhreatain Bheag agus ina dhiaidh sin sna 26 chontae d'Éirinn i ndiaidh bhunú an Stáit. Tá forálacha dlí ann anois maidir le húsáid na Breatnaise, na Gàidhlice agus na Gaeilge i gcúirteanna sa Bhreatain Bheag, in Albain agus in Éirinn faoi seach.
- 1.20 Moltar go ndéanfar Bille leis an Acht um Riar an Chirt (Teanga) (Éire) 1737 a aisghairm a chur faoi bhráid an Fheidhmeannais agus an Tionóil (nó Westminster) a luaithe agus is féidir mura bhfuil sé déanta sula nglacfar le straitéis na Gaeilge. Mar chuid den phróiseas leanúnach idirbheartaíochta le reachtaíocht chúí a fheidhmiú don Ghaeilge, moltar go leanfaidh an Roinn Pobal agus an Roinn Cirt de bheith ag déanamh na hidirbheartaíochta le reachtaíocht Ghaeilge chuimsitheach, cheartbhunaithe a fheidhmiú taobh istigh de cúig bliana i ndiaidh teacht i bhfeidhm reachtaíocht RNCCN. Mar cuid den reachtaíocht seo, chomh maith le réimse leathan de chearta ráthaithe san oideachas, sna forais pholaitiúla, sna comhairlí áitiúla, sna meáin, agus sna seirbhísí poiblí, moltar go mbeidh sé de cheart ag duine an Ghaeilge a úsáid agus é/í os comhair aon chúirte, aon bhinse nó aon chomhlachta breithiúnais den chineál sin i dTuaisceart na hÉireann. Moltar go mbeidh sé de cheart aige, fosta, an Ghaeilge a úsáid in aon phléadáil nó in aon cháipéis a bhaineann leis na forais sin. Nuair a bhíonn imeachtaí breithiúnais ar siúl, moltar go mbeidh dualgas ar gach cúirt, gach binse agus gach comhlacht breithiúnais den chineál sin a chinntiú go dtabharfar éisteacht i nGaeilge, gan aon mhíbhuntáiste, d'aon duine a bheidh os a gcomhair nó a bheidh ag tabhairt fianaise ansin más mian leis an duine sin an Ghaeilge a úsáid in ainneoin labhairt agus tuiscint an Bhéarla a bheith aige. Má roghnaíonn duine an Ghaeilge a úsáid, moltar go gcuirfear ateangaire ar fáil dó in aisce. Lena chois sin, go mbeidh sé de dhualgas ar an chúirt, ar an bhinse agus ar gach aon chomhlacht breithiúnais, a chur in iúl d'aon duine a thiocfaidh ina láthair agus don phobal go ginearálta gurb ann don cheart ar Ghaeilge a úsáid, mar a fhógraítear sa mhír seo.
- 1.21 Faoi Sheirbhísí Poiblí / Riar na Córa sa tuairisc seo, tugtar míniú ar úsáid na Gaeilge sna cúirteanna. Le haisghairm Acht 1737, moltar go gcinnteofar go mbeidh seirbhísí Gaeilge ar fáil, fógartha agus éascaithe dóibh siúd ar mhian leo iad a úsáid.

55 <https://static1.squarespace.com/static/602f79a565837b32cc85cebe/t/618e47c1de3df46a31d74600/1636714434254/Cuid+III+alit+breise.pdf>

Téacsanna Dlí - Moladh an PCS:

1.22 Agus glactha acu le hAirteagal 9(3) den Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, tá d'iallach ar Rialtas na RA na téacsanna reachtúla is tábhachtaí a chur ar fáil i nGaeilge chomh maith leo sin a bhaineann le húsáideoirí Gaeilge go háirithe. I ndiaidh an chúigiú timthriall acu de mhonatóireacht ar fheidhmiú na Cairte, thug Coiste na Saineolaithe le fios nár cuireadh tuilleadh téacsanna reachtúla ar fáil i nGaeilge. Moltar go gcaithfear líon na dtéacsanna dlí ar leibhéal náisiúnta agus logánta a chuirtear ar fáil i nGaeilge a mhéadú ionas go gcuirfear gach téacs suntasach dlí ar fáil i nGaeilge.

Caighdeáin Teanga agus seirbhísí - Moltaí an PCS:

1.23 Faoi reachtaíocht Chomhaontú Ré Nua Cur Chuige Nua, tabharfar isteach Caighdeáin Ghaeilge. Ag croílár cur chuige na Breataine Bige maidir le cosaint teanga ó 2011, tá córas rialacháin bunaithe ar Chaighdeáin Teanga. Moltar go léireofar i soláthar reachtaíochta agus rialacháin i dTuaisceart na hÉireann dea-chleachtas i dtaca le bearta na gCaighdeán, ina measc sin (ach ní go heisiach), moltar go nglacfar le 5 chineál caighdeán, iad uilig le sonrú ag An Choimisinéir Gaeilge:

- (1) Caighdeáin maidir le seachadadh seirbhísí
- (2) Caighdeáin maidir le déanamh polasaithe
- (3) Caighdeáin oibríochta
- (4) Caighdeáin chothaithe
- (5) Caighdeáin maidir le taifeadchoimheád

1.24 Moltar go mbeidh toradh amháin nó níos mó ná sin as 3 thoradh ar chaighdeáin déanta beartas. Mar chéad toradh, caithfidh an duine a ghlacfaidh an cinneadh maidir le beartas machnamh a dhéanamh ar na hiarmhairtí (dearfacha nó diúltacha) a bheadh ag an chinneadh ar: (a) dheiseanna ag daoine eile an Ghaeilge a úsáid, nó (b) ar an dualgas le caitheamh leis an Ghaeilge ar bhonn cothrom leis an Bhéarla.

Moltar, mar dhara toradh, go gcaithfidh an duine a ghlacfaidh an cinneadh maidir le beartas machnamh a dhéanamh ar an dóigh ar féidir an cinneadh a ghlacadh ionas go mbeadh éifeachtaí dearfacha, nó níos mó éifeachtaí dearfacha (is cuma cé acu an éifeachtaí díreacha nó indéreacha iad), ar (a) dheiseanna ag daoine eile an Ghaeilge a úsáid, nó (b) ar an dualgas le caitheamh leis an Ghaeilge ar bhonn cothrom leis an Bhéarla.

Mar thriú toradh, moltar go gcaithfidh an duine a bheidh ag glacadh an chinnidh maidir le beartas machnamh a dhéanamh ar an dóigh ar féidir an cinneadh a ghlacadh ionas nach mbeadh drochéifeachtaí (díreacha nó indéreacha) ar (a) dheiseanna ag daoine eile an Ghaeilge a úsáid, nó (b) a bheidh ag caitheamh leis an Ghaeilge ar bhonn cothrom leis an Bhéarla.

- 1.25 Faoi reachtaíocht RNCCN, tá liosta na gcomhlachtaí poiblí a thiteann faoi thionchar na reachtaíochta mar a bhaineann sé le cur i bhfeidhm na gCaighdeán Teanga. Tá an liosta sin teoranta don Acht Seirbhísí Poiblí Ombudsman TÉ 2016. Chomh maith leis sin, moltar nach mór reachtaíocht RNCCN, agus nuair is gá, reachtaíocht ar leibhéal Westminster, a chlárú agus a lua le haon chomhlacht poiblí nó seirbhís Rialtais eile a luaitear san Acht Ceart Daonna 1998, go háirithe na croisheirbhísí poiblí atá ar fáil ag gov.uk ina measc seirbhísí DVLA, cánach/HMRC, pas, sláinte, aibhléise, gáis, uisce mar aon leis an BBC.

2. Moltaí an PCS maidir le Seirbhísí Poiblí

Comhthéacs na Rannóige ar Sheirbhísí Poiblí

- 2.1 Mar a dhéantar cur síos air sa rannóg “Reachtaíocht agus Stádas na Gaeilge”, molann an PCS go n-oibreofar an straitéis, ar bhonn leanúnach, le reachtaíocht Ghaeilge chuimsitheach, cheartbhunaithe a fheidhmiú, bunaithe ar mholtaí a d’fhoilsigh POBAL (2012)⁵⁶ agus Conradh na Gaeilge (2017).⁵⁷
- 2.2 Maítear sa Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh (an Chairt) go bhfuil buntábhacht, i dtaca le stádas agus forbairt na dteangacha réigiúnacha nó mionlaigh de, go gceadaítear iad a úsáid nuair a bhítear ag plé le húdaráis phoiblí. Is meán cumarsáide í teanga agus ní féidir í a theorannú go dtí an réimse príobháideach amháin. Lena chois sin, maítear sa Chairt, mura n-úsáidtear nó mura bhfuil teanga feiceálach i réimse na polaitíochta, an dlí, an riaracháin, ‘go gcaillfidh sí a cumas téarmaíochta ar fad sa réimse sin agus teanga ‘faoi bhac’ a bheas inti nach féidir gach gné de shaol an phobail a chur in iúl inti’.
- 2.3 Faoi reachtaíocht RNCCN, is é an Coimisinéir Gaeilge a bheidh freagrach as na húdaráis phoiblí a rangú, na Caighdeáin Ghaeilge a fhaomhadh agus na seirbhísí riachtanacha a bheidh de dhíth le hiad a chur i gcrích a shocrú.
- 2.4 Mar chuid den rangú a dhéanfaidh an Coimisinéir Gaeilge, déanfar iniúchadh ar chumas Gaeilge na bhfostaithe agus staid reatha na seirbhísí Gaeilge. Nuair a chinnfidh an Coimisinéir Gaeilge é, aimseofar na heochairphoist ina mbeidh líofacht sa Ghaeilge de dhíth agus cuirfidh an t-údarás poiblí clár traenála cuí ar fáil. Díreofar ar na ceantair sin ina mbíonn pobail agus gréasáin inbhuanaithe, ardchaighdeáin ag úsáid na Gaeilge nó ina mbíonn forbairt á déanamh. Bunófar, fosta, plan gnímh le soláthar seirbhísí a chinntiú do na ceantair eile de réir éilimh.
- 2.5 Tar éis do chomhlacht poiblí ar bith, nach comhlacht poiblí é atá liostaithe sa Sceideal faoi reachtaíocht RNCCN, fógra a fháil ón Choimisinéir Gaeilge, beidh sé de dhualgas air plan don Ghaeilge a ullmhú agus a chur i láthair an Choimisinéara tráth nach déanaí ná sé mhí ón lá a bhfaigheann sé an fógra sin; plan a leagann amach na dóigheanna a gcomhlíonfar na hoibleagáidí atá air faoi na Caighdeáin a leagfaidh an Coimisinéir síos. Féadfaidh an Coimisinéir Gaeilge an plan sin a fhaomhadh mar atá sé nó féadfaidh sé ceangal a chur ar an chomhlacht poiblí aon athruithe is cuí le Bord an chomhlachta a dhéanamh, agus más amhlaidh go n-iarrfar ar an chomhlacht poiblí athruithe mar sin a dhéanamh, caithfidh

56 <https://static1.squarespace.com/static/602f79a565837b32cc85cebe/t/61767fbd5f3b4c74841c07cd/1635155910841/Acht+na+Gaeilge+Eis+2+Edition.pdf>

57 https://cnag.ie/images/Acht_Gaeilge_%C3%B3_Thuaidh/15M%C3%812017_Pl%C3%A9ch%C3%A1ip%C3%A9is_ar_Acht_Gaeilge_%C3%B3_Thuaidh.pdf

sé beart a dhéanamh dá réir agus an plean a chur i láthair arís taobh istigh de thrí mhí. Má bhíonn an Coimisinéir den bharúil nach bhfuil an plean arna athrú de réir mar a d'iarr sé, féadfaidh an Coimisinéir plean a fhorchur faoi réir pé coinníoll is cuí leis an Choimisinéir.

Moltaí an PCS

- 2.6 Moltar go gcaithfear reachtaíocht Ghaeilge a bhaineann leis an doiciméad RNCCN, reachtaíocht eile (An tOrd Oideachais, Acht Chill Rímhinn 2006 srl), Cairt na hEorpa do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, uirlisí idirnáisiúnta cuí eile agus aon reachtaíocht Ghaeilge a reachtófaí as seo amach, a chur i bhfeidhm go héifeachtach.
- 2.7 Moltar go ndéanfar soláthar chun go mbeidh daoine a bheidh ag lorg seirbhís trí Ghaeilge in ann a ngnóthaí a dhéanamh tríd an Ghaeilge leis na forais pholaitiúla uilig, le Ranna rialtais, idir lárnaigh agus áitiúil, le forais eile de chuid na hearnála poiblí agus leis an chóras dlí. Ba cheart go mbeadh an tseirbhís sin ar comhchéim, idir caighdeán, luas agus rochtain ar eolas ar sheirbhísí Gaeilge, le seirbhísí reatha Béarla.
- 2.8 Faoi reachtaíocht RNCCN, beidh úsáideoirí seirbhísí ar mian leo seirbhísí a fháil trí Ghaeilge, ábalta teacht ar na seirbhísí sin de réir mar a leagfaidh an Coimisinéir Gaeilge amach sna caighdeáin dea-chleachtas. Moltar go gcuirfear gach eolas maidir leis na seirbhísí a bheidh ar fáil chun cinn i measc an phobail agus go gcuirfidh na ranna Rialtais tairiscint ghníomhach ar fáil don phobal do na seirbhísí Gaeilge chomh maith leis na seirbhísí Béarla. Is ionann tairiscint ghníomhach agus an tseirbhís Ghaeilge a thairiscint/ a chur ar fáil, gan bheith ag brath ar iarratas ón phobal. Mura bhfuil an pobal ar an eolas faoi na seirbhísí a bhíonn ar fáil ó chomhlacht poiblí trí mheán na Gaeilge, ní féidir leo, nó beidh drogall orthu, éileamh a dhéanamh ar na seirbhísí seo. Cruthaíonn tairiscint ghníomhach cultúr maith don phobal ó thaobh na Gaeilge de as siocair go mbíonn sé soiléir do dhaoine go bhfuil fáilte roimh labhairt na Gaeilge sa chomhlacht agus go mbeidh seirbhísí ar fáil trí mheán na Gaeilge más í sin an rogha a dhéanfar. Ní leor go mbeadh seirbhísí bunúsacha amháin ar fáil trí mheán na Gaeilge mura mbíonn siad ar comhchaighdeán leis an tseirbhís a bhíonn ar fáil trí mheán an Bhéarla ón fhoinsé cheánna. Caithfear fáil ar na seirbhísí seo a bheith ag pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta gan aon choinníollacha, ama nó iarrachtaí breise óna dtaobhsan. Mar chuid den tairiscint ghníomhach, is gá a chinntiú go mbíonn an Ghaeilge le feiceáil i gcomhlachtaí poiblí ar comhchéim leis an Bhéarla. Cruthaíonn feiceálacht na Gaeilge atmaisféar compordach do dhaoine a gcuid Gaeilge a úsáid agus a fhios acu go pléifear leo nó mar is cuí.
- 2.9 Moltar go ndéanfaidh na forais pholaitiúla uilig, chomh maith le gach comhlacht poiblí atá ag feidhmiú i dTuaisceart na hÉireann, gníomh diongbháilte chun an Ghaeilge a chothú ina gcuid oibríochtaí. Moltar, i measc rudaí eile: (a) go bhféachfaidh sé leis an Ghaeilge a úsáid, agus úsáid na Gaeilge a chothú, taobh istigh dá chuid oibre inmheánaí, agus (b) go gcuirfidh sé seirbhísí ar fáil don phobal trí mheán na Gaeilge chomh fada agus is féidir.

- 2.10 Moltar go n-éascóidh na ranna agus na húdaráis phoiblí úsáid na Gaeilge i bhfoirm béil agus scríofa araon agus daoine ag lorg amhlaidh trí mheán na Gaeilge. I spiorad an chomhaontaithe Ré Nua Cur Chuige Nua, méadófar feiceálacht na Gaeilge i spásanna poiblí roinnte chun cur le normalú, meas, caoinfhulaingt agus tuiscint ar an Ghaeilge.
- 2.11 Moltar gurb ionann údaráis phoiblí agus na dreamanna ar fad atá luaite faoi Sceideal 3 den Acht Ombudsman Seirbhísí Poiblí. Tá seo sonraithe sa reachtaíocht Ghaeilge a luaitear leis an Chomhaontú Ré Nua Cur chuige Nua.
- 2.12 Moltar go gcuirfear, le treoir ón Choimisinéir Teanga nó tríd na Caighdeáin, aon fhoirmeacha, foirmeacha ar líne san áireamh, a úsáidtear go forleathan sa phobal ar fáil go dátheangach (nó leagan Gaeilge agus leagan Béarla, más cuí sin) agus go gcinnteofar go ndéileálfar leis na foirmeacha a bhíonn comhlánaithe i nGaeilge chomh gasta céanna agus a dhéanfaí lena leithéid i mBéarla. Beidh an dá theanga chomh húdarásach le chéile sna foirmeacha.
- 2.13 Má ainmnítear, sa leagan Gaeilge, aon duine, aon áit, aon eagraíocht, aon teach, aon sráid, aon cheantar, nó aon bhaile fearainn, moltar go mbeidh an t-ainm sin chomh bailí céanna lena leithéid eile sa Bhéarla. Agus fiú mura mbíonn aon leathbhreac de leagan Béarla ann, ní bhainfidh sin de bhailíocht an leagain Gaeilge d’ainm ar bith.
- 2.14 Lena chois sin, moltar go gcaithfear úsáid cheart an tsínte fhada a éascú agus a chur chun cinn trí chórais na mbogearraí agus an riaracháin taobh istigh de shé mhí ó thabhairt isteach aon straitéis amach anseo.
- 2.15 Moltar go gcuirfear na hacmhainní cuí ar fáil do Mhol Aistriúcháin Lárnach ag Stormont lena chinntiú go mbeidh an mol in ann freastal ar éileamh agus riachtanais na gcomhlachtaí stáit ar fad in am réasúnta.
- 2.16 Moltar go ndéanfar bearta sna háiteanna ina bhfuil ionadaíocht bhuan ag an Fheidhmeannas leis an Ghaeilge a chur chun cinn, mar shampla in Washington agus sa Bhruiséil.
- 2.17 Moltar go méadófar líon na nGaeilgeoirí ar an leibhéal shinsearach sa Státseirbhís (grád 5 ar aghaidh). I measc na mbeartas, moltar go gcuirfear aonad foirne faoi leith ar bun laistigh den Roinn Pobal, agus oifigeach sinsearach i gceannas air a fhreagróidh don Cheann Roinne, a bheadh ag plé le cúrsaí maoinithe, stráitéise Gaeilge agus deiseanna maoinithe do phobal na Gaeilge. Moltar go gcruthófar infreastruchtúr buan sa Státseirbhís, idir fhoireann, acmhainní agus sholáthar tacaíochta Gaeilge, nach mbeidh ag brath ar fheidhmiú an Choimisinéara Gaeilge.
- 2.18 Moltar go n-eagróidh an Roinn Pobal feachtas cuimsitheach poiblíochta bliantúil le stádas na Gaeilge a ardú agus le daoine a spreagadh leis an Ghaeilge a fhoghlaim, a úsáid agus comhbhá i leith na Gaeilge a ardú. San áireamh anseo, beidh comharthaíocht, cláir theilifíse, cláir raidió, meáin scríofa agus iad seo uilig ar fáil do gach aoisghrúpa.

Comhlachtaí Poiblí - Molann an PCS:

- 2.19 Gealltar stádas oifigiúil don Ghaeilge i gComhaontú RNCCN. Ós teanga oifigiúil de chuid Thuaisceart na hÉireann í an Ghaeilge, ba chóir gach foráil i reachtaíocht na Gaeilge atá beartaithe i RNCCN a thuiscint ar dhóigh atá de réir stádas oifigiúil. Mar a dhéantar cur síos air sa rannóg ‘Reachtaíocht agus Stádas na Gaeilge’. Molann an PCS go n-oibreofar an straitéis, ar bhonn leanúnach, le reachtaíocht Ghaeilge chuimsitheach, cheartbhunaithe a fheidhmiú, bunaithe ar mholtaí a d’fhoilsigh POBAL (2012) agus Conradh na Gaeilge (2017).
- 2.20 Maidir le haon cheart a bhronnann reachtaíocht RNCCN, agus reachtaíocht eile Ghaeilge as seo amach, ar an duine an Ghaeilge a úsáid, nach mbeidh sin ag brath ar chumas an duine sin an Béarla a labhairt nó a thuiscint.
- 2.21 Go gcinnteofar na rudaí seo a leanas:
- go nochtfar féiniúlacht chorparáideach an chomhlachta poiblí go dátheangach i gcónaí, sa dóigh go mbeidh ainm an chomhlachta, maille le gach faisnéis eile faoin chomhlacht, le feiceáil ar pháipéarachas, ar chártaí gnó nó ar fheithiclí, agus go mbeidh sin scríofa i nGaeilge agus i mBéarla araon agus litreacha na bhfocal a bheith ar aon mhéid sa dá theanga;
 - gur i nGaeilge agus i mBéarla a bheidh ainm an chomhlachta agus aon fhaisnéis ar aon chomharthaíocht a úsáidtear ar an taobh amuigh d’fhoirgnimh a úsáideann an comhlacht poiblí, agus litreacha den mhéid chéanna in úsáid ach amháin i gcás na gcomhlachtaí poiblí sin a bhfuil a gcuid seirbhísí dírithe go príomha ar riachtanais na gcainteoirí Gaeilge agus a chinneann ar chomharthaíocht eachtrach a úsáid a thugann tosaíocht nó eiseachas don Ghaeilge;
 - chomh fada agus is féidir, gur i nGaeilge agus i mBéarla araon a bheidh aon chomhartha a úsáideann an comhlacht poiblí taobh istigh den fhoirgneamh, agus na litreacha a bheith ar cóimhéid sa dá theanga;
 - go mbainfidh suíomh idirlín an chomhlachta poiblí a oiread úsáide agus is féidir as an Ghaeilge agus go gcuirfidh sé gach eolas tábhachtach faoina chuid imeachtaí / seirbhísí ar fáil i nGaeilge;
 - go bhfoilseofar na cáipéisí seo a leanas go comhuaineach, i bhformáid chlóite agus i bhformáid leictreonach, i nGaeilge agus i mBéarla;
 - aon cháipéis a leagann amach moltaí i dtaca le beartais poiblí, go háirithe cáipéisí comhairliúcháin faoi reachtaíocht agus rialacháin;
 - aon tuarascáil bhliantúil; agus
 - aon phreasráiteas nó ráiteas foirmiúil eile a eisítear do lucht na nuachtán, lucht raidió nó lucht teilifíse, chomh maith leis na meáin shóisialta ar líne.
 - a chinntiú, chomh fada is féidir, gur i nGaeilge chomh maith le Béarla a bheidh aon cháipéis poiblí eile a ullmhaíonn an comhlacht poiblí;
-

- maidir le haon cháipéisí poiblí nó aon ábhar clóite nó ar líne a ullmhaíonn an comhlacht poiblí i nGaeilge, go ndéanfar uasdátú, athfhoilsiú agus scaipeadh forleathan orthu ar an dóigh chéanna leis na leaganacha Béarla, sa dóigh nach mbeidh lucht na Gaeilge faoi aon mhíbhuntáiste;
- go ndéanfar bearta cuí, soláthar an aistriúcháin chomhuainigh agus na hateangaireachta san áireamh, chun a chinntiú go mbeifear ábalta an Ghaeilge a úsáid ag cruinniú poiblí ar bith de chuid an chomhlachta agus nach mbeidh duine ar bith faoi mhíbhuntáiste má roghnaíonn sé/sí a leithéid a dhéanamh; agus
- go gcloifidh gníomhaithe agus conraitheoirí de chuid aon chomhlachta poiblí leis na míreanna seo thuas.

Na Comhairlí Áitiúla - Molann an PCS:

- 2.22 Gealltar stádas oifigiúil don Ghaeilge i gComhaontú RNCCN. Ós teanga oifigiúil í an Ghaeilge sna húdaráis áitiúla, ba chóir gach foráil i reachtaíocht na Gaeilge atá beartaithe i RNCCN a thuiscint ar dhóigh atá de réir stádas oifigiúil. Mar a dhéantar cur síos air sa rannóg ‘Reachtaíochta agus Stádas na Gaeilge’, molann an PCS go n-oibreofar an straitéis, ar bhonn leanúnach, le reachtaíocht Ghaeilge chuimsitheach, cheartbhunaithe a fheidhmiú bunaithe ar mholtaí a d’fhoilsigh POBAL (2012) agus Conradh na Gaeilge.
- 2.23 Moltar go ndéanfaidh an Roinn Pobal comhordú ar chlár eolais do chomhairlí áitiúla, lena chinntiú go dtuigfidh siad a gcuid dualgas faoi reachtaíocht RNCCN, reachtaíocht eile a bhaineann leis an Ghaeilge agus faoi aon reachtaíocht nua Ghaeilge as seo amach, chomh maith lena gcuid dualgas faoi aon straitéis amach anseo. Déanfar seo i gcomhar leis an Choimisinéir Gaeilge, le Foras na Gaeilge agus leis an Cheanneagraíocht atá freagrach as abhcóideacht.
- 2.24 Moltar, maidir le haon chead a bhronnann reachtaíocht RNCCN, agus aon cheart a chruthófar i reachtaíocht Ghaeilge eile as seo amach, ar an duine an Ghaeilge a úsáid, nach mbeidh sin ag brath ar chumas an duine sin Béarla a labhairt nó a thuiscint.
- 2.25 Moltar go n-aithneofar go bhfuil sé de cheart ag gach duine an Ghaeilge a úsáid in aon chruinniú, in aon díospóireacht nó in aon imeacht eile de chuid na n-údarás sin, na gcoistí agus na gcomhlachtaí eile. Tá dualgas ar na húdaráis feidhmiú an chirt sin a éascú, fosta.
- 2.26 Moltar, nuair a bhainfear úsáid as an Ghaeilge, go gcuirfear áiseanna ar fáil don aistriúchán chomhuaineach / ateangaireacht ó Ghaeilge go Béarla ar mhaithe le gach rannpháirtí sna himeachtaí, leis an lucht éisteachta, leis na meáin chumarsáide agus leis an phobal i gcoitinne.
- 2.27 Moltar, sna tuairiscí oifigiúla ar chruinnithe, ar dhíospóireachtaí agus ar imeachtaí eile de chuid na n-údarás áitiúil, agus de chuid a gcuid coistí agus comhlachtaí eile, go dtuairisceofar i nGaeilge gach rud a deirtear i nGaeilge agus go gcuirfear aistriúchán Béarla ina chuideachta.
-

2.28 Moltar, le linn dó a bheith ag forbairt Pleananna Pobail, go gcaithfidh gach údarás áitiúil aird chúí a thabhairt ar riachtanais agus ar thuairimí na nGaeilgeoirí a chónaíonn taobh istigh dá cheantar riaracháin.

2.29 Moltar go cinnteoidh comhairlí áitiúla:

- go gcuirfear i bhfeidhm go hiomlán ceanglais na reachtaíochta Gaeilge de chuid RNCCN, na reachtaíochta eile mar a bhaineann leis an Ghaeilge, na Cairte Eorpaí do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh agus na n-uirlisí eile idirnáisiúnta agus aon reachtaíochta nua a reachtófaí as seo amach agus go soláthróidh siad seirbhísí éifeachtacha Gaeilge;
- nach nglacfar le cinntí nó idirdhealú cúlchéimnitheach nó leatromach a mbeidh tionchar diúltach acu ar an Ghaeilge; agus áit a dtiocfaidh sin chun cinn, go mbeidh sé de dhualgas ar an chomhairle bearta gníomhacha a thógáil le dul i ngleic leis an leatrom nó leithcheal, agus gníomh sna cúirteanna san áireamh, más gá;
- go gcloífear ar fad leis an Chaighdeán Teanga a bhaineann le comhairlí áitiúla faoi reachtaíocht RNCCN agus gach beart a leagfar síos sa Chaighdeán Teanga sin. Mar sholáthraí seirbhíse áitiúla, ba cheart go mbeadh an chomhairle áitiúil sa chatagóir is airde i dtaobh na gcaighdeán teanga agus mar sin go mbeidh réimse leathan de sheirbhísí dea-chleachtais acu;
- soláthar seirbhísí i nGaeilge a uasmhéadú i gcomhar le páirtithe leasmhara agus leis an Mhol Aistriúcháin Lárnach de chuid Stormont;
- polasaithe, straitéis agus pleananna Gaeilge a ghlacadh chucu féin agus oifigigh Ghaeilge lánaimseartha a cheapadh;
- áiseanna a thionscnamh nó a mhéadú le haghaidh úsáid na Gaeilge ina gcruinnithe comhairle nó coiste;
- infheictheacht na Gaeilge a mhéadú ach poiblíocht a dhéanamh go bhfuil seirbhísí Gaeilge ar fáil uathu, go háirithe ar bhileoga poiblí, ábhair mhargaíochta, ar na meáin shóisialta agus ar aon fhógraíocht eile;
- leagan Gaeilge nó dátheangach a chur ar fáil dá bhfoilseacháin phoiblí, doiciméid oifigiúla mar a bhaineann siad le seirbhísí don phobal, agus foirmeacha, suíomh gréasáin / acmhainní digiteacha / cuntais meán sóisialta ar aon dul le cur chuige aon straitéise amach anseo, na gCaighdeán cuí agus na reachtaíochta Gaeilge in RNCCN agus eile, agus na Cairte Eorpaí do Theangacha Réigiúnacha, chomh maith leis na huirlisí idirnáisiúnta eile;
- go mbeidh brandáil shoiléir dhátheangach ina féiniúlacht chorparáideach a éascóidh breis infheictheachta don Ghaeilge ar chomharthaí inmheánacha, ar chomharthaí seachtracha, agus ar ionaid agus áiseanna de chuid na Comhairle. Moltar go ndéanfar seo de réir dea-chleachtas idirnáisiúnta atá luaite ar leathanach 25 den treoir ó Fhoras na Gaeilge⁵⁸;

58 <https://www.forasnagaeilge.ie/wp-content/uploads/2015/12/Foras-A4-Council-Guidelines-English-Prf10-1.pdf>

- fud fad limistéar gach comhairle, go ndéanfar úsáid logainmneacha Gaeilge, seoltaí bailte fearainn Gaeilge srl. a chaomhnú agus a fhorbairt agus comharthaíocht chuí a chur in airde do logainmneacha agus seoltaí bailte fearainn, comharthaí ‘fáiltithe’ srl. trí bheartas réamhghníomhach cuimsitheach logainmneacha bailte fearainn agus sráidainmneacha de réir dea-chleachtas idirnáisiúnta agus beartas a chruthú maidir le hainmniú agus le hainmneacha Gaeilge ar fhorbairtí úra tithíochta de réir logainmneacha aitheanta áitiúla; agus nach mbeadh an beartas sin teoranta go ceantair ar leith, nó ag brath ar iarratais ón phobal; agus
- líon suntasach de thionscnaimh thurasóireachta agus chultúrtha trí mheán na Gaeilge a chur chun cinn.

Tionól TÉ - Molann an PCS:

- 2.30 Gealltar stádas oifigiúil don Ghaeilge i gComhaontú RNCCN. Ós teanga oifigiúil de chuid Thionól Thuaisceart na hÉireann í an Ghaeilge faoi reachtaíocht don Ghaeilge atá geallta in RNCCN, ba chóir gach foráil i reachtaíocht RNCCN don Ghaeilge a thuiscint ar dhóigh atá de réir an stádas oifigiúil. Mar a dhéantar cur síos air sa rannóg ‘Reachtaíocht agus Stádas na Gaeilge’, molann an PCS go n-oibreofar an straitéis, ar bhonn leanúnach, le reachtaíocht Ghaeilge chuimsitheach, cheartbhunaithe a fheidhmiú bunaithe ar mholtaí a d’fhoilsigh POBAL (2012) agus Conradh na Gaeilge (2017).
- 2.31 Maidir le haon cheart a bhronnann reachtaíocht RNCCN, agus aon reachtaíocht Ghaeilge eile as seo amach, ar an duine an Ghaeilge a úsáid, nach mbeidh sin ag brath ar chumas an duine sin an Béarla a labhairt nó a thuiscint.
- 2.32 Nach nglacfar le cinntí nó idirdhealú cúlchémnitheach nó leatromach a mbeidh tionchar diúltach acu ar an Ghaeilge; agus áit a dtiocfaidh sin chun cinn, go mbeidh sé de dhualgas ar an Tionól bearta gníomhacha a thógáil le dul i ngleic leis an leatrom nó leithcheal, agus gníomh sna cúirteanna san áireamh, más gá.
- 2.33 Go mbeidh sé de cheart ag gach duine an teanga sin a úsáid in aon díospóireacht nó in aon imeacht eile de chuid an Tionóil, nó in imeachtaí coiste nó imeachtaí chomhlachtaí eile an Tionóil, go mbeidh sé de dhualgas ar an Tionól feidhmiú an chirt sin a éascú fosta.
- 2.34 Nuair a úsáidfean an Ghaeilge sa Tionól, go gcuirfean ar fáil córas aistriúcháin chomhuainigh / ateangaireacht ó Ghaeilge go Béarla, agus seo ar mhaithe le gach duine atá rannpháirteach sna himeachtaí, leis an phobal atá i láthair, leis na meáin agus leis an phobal mhór go ginearálta.
- 2.35 Má úsáidtear an Ghaeilge, go mbeidh tuairisc Ghaeilge ar an chaint sin sna tuarascálacha oifigiúla a dhéanfar ar dhíospóireachtaí agus imeachtaí eile an Tionóil, a chuid coisti agus comhlachtaí eile, agus go bhfoilseofar aistriúchán ar an chaint sin i mBéarla agus i dteanga eile, más gá, lena chois sin.

Riar na Córa - Moltaí an PCS:

- 2.36 Go mbeidh sé de cheart ag aon duine an Ghaeilge a úsáid agus é/í os comhair aon chúirte, aon bhinse nó aon chomhlachta breithiúnais den chineál sin i dTuaisceart na hÉireann. Go mbeidh sé de cheart aige/aici, fosta, Gaeilge a úsáid in aon phléadáil nó in aon cháipéis a bhaineann leis na forais sin; nach mbainfidh sin de bhailíocht an leagain Ghaeilge ar cháipéisíocht ar bith, fiú má bhíonn leagan Béarla ar fáil den cháipéisíocht chéanna.
- 2.37 Nuair a bhíonn imeachtaí breithiúnais ar siúl, go mbeidh dualgas ar gach cúirt, gach binse agus gach comhlacht breithiúnais den chineál sin a chinntiú go dtabharfar éisteacht i nGaeilge, gan aon mhíbhuntáiste, d'aon duine atá os a gcomhair nó a bhíonn ag tabhairt fianaise ansin más mian leis an duine sin an Ghaeilge a úsáid in ainneoin labhairt agus tuiscint an Bhéarla a bheith aige. Má roghnaíonn duine an Ghaeilge a úsáid, cuirfear ateangaire ar fáil dó in aisce. Lena chois sin, go mbeidh sé de dhualgas ar an chúirt, ar an bhinse agus ar gach aon chomhlacht breithiúnais, a chur in iúl d'aon duine a thiocfaidh ina láthair agus don phobal go ginearálta gurb ann don cheart ar Ghaeilge a úsáid.
- 2.38 Nuair a bhíonn Tionól Thuaisceart na hÉireann, údarás áitiúil, nó aon chomhlacht eile mar pháirtí in imeachtaí sibhialta os comhair cúirte, binse nó aon chomhlachta breithiúnais i dTuaisceart na hÉireann ina mbeidh socraithe ag an pháirtí eile an Ghaeilge a úsáid, moltar:
- Go n-úsáidfidh an Tionól, an t-údaras nó an comhlacht poiblí an Ghaeilge i rith na n-imeachtaí má roghnaítear an Ghaeilge;
 - Go nglacfar le huacht bháis agus le huacht is tiomna deiridh scríofa i nGaeilge agus go mbeidh an leagan Gaeilge chomh bailí céanna le leagan Béarla; agus
 - Go gcuirfear na cáipéisí seo a leanas, mar aon leis na foirmeacha iarratais uilig ar cháipéisí den tsórt, ar fáil i nGaeilge:
 - (a) Ceadúnais tiomána de gach réim
 - (b) Pasanna taistil agus víosaí (faoi choimirce RA)
 - (c) Teastais bheireatais
 - (d) Teastais bháis, agus
 - (e) Teastais phósta agus teastais do pháirtíochtaí sibhialta
- Go mbeidh dualgas ar Oifig an Chláraitheora Ghinearálta leagan Gaeilge de theastais phósta agus de pháirtíochtaí sibhialta a sholáthar má iarrtar sin.

Moltaí an PCS maidir leis an Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh

- 2.39 Is gléas tábhachtach í an Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh le seirbhísí poiblí i nGaeilge a chur ar fáil agus moltar gur riachtanach, mar sin de, go bhfeidhmeofar, go hiomlán, na hairteagail uilig i leith na Gaeilge, atá comhaontaithe ag Rialtas na Breataine, i gCuid II agus i gCuid III. Lena chois sin, moltar gur cóir don Roinn Pobal idirbheartaíocht a dhéanamh le Rialtas na Breataine le go nglacfaidh sé le réimse leathan de mhíreanna níos láidre de Chuid III na Cairte a dhaingniú don Ghaeilge, bunaithe ar mholtaí a d'fhoilsigh POBAL sa doiciméad, An Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh Páirt III Moltaí i dtreo dhaingniú líon d'ailt níos suntasaí agus níos láidre i leith na Gaeilge. / Proposal for the Ratification of Further Part III Clauses of The European Charter for Regional or Minority Languages in respect of Irish⁵⁹
- 2.40 Moltar nach mór bunús feidhmeach dlíthiúil a bheith ag an Chairt Eorpach sa dlí áitiúil i dTuaisceart na hÉireann. Moltar gurbh fhéidir leis an Roinn Pobal seo a dhéanamh tríd an Bhille Ceart a gealladh i gComhaontú Aoine an Chéasta, nó trí reachtaíocht ar leith eile, nó trí idirbheartaíocht ar leibhéal Westminster.

Moltaí an PCS maidir leis An Choimisinéir Gaeilge & Na Caighdeáin Ghaeilge

- 2.41 Mar a luaitear sa rannóg “Reachtaíocht agus Stádas na Gaeilge”, ag pointe 1.23, faoi reachtaíocht RNCCN, tabharfar isteach Caighdeáin Ghaeilge. Ag croilár cur chuige na Breataine Bige maidir le cosaint teanga ó 2011, tá córas rialacháin bunaithe ar Chaighdeáin Teanga. Moltar go ndéanfaidh an Roinn Pobal gníomh diongbháilte lena chinntiú go léireofar i soláthar reachtaíochta agus rialacháin i dTuaisceart na hÉireann dea-chleachtas i dtaca le bearta na gCaighdeán; ina measc sin (ach ní go heisiach), glacfar le 5 chineál caighdeán, iad uilig le sonrú ag an Choimisinéir Gaeilge. (1) Caighdeán maidir le seachadadh seirbhísí (2) Caighdeán maidir le déanamh beartas (3) Caighdeán oibríochta (4) Caighdeán chothaithe (5) Caighdeán maidir le taifeadchoimheád.
- 2.42 Faoi reachtaíocht Ghaeilge RNCCN, caithfear na comhlachtaí poiblí, atá luaite sa Sceideal, plean a ullmhú don Ghaeilge. Moltar go gcaithfidh gach plean teanga a chruthófar tagairt a dhéanamh do na nithe seo leanas:
- (a) mionsonraí faoin dóigh a ndéanfaidh an comhlacht poiblí freastal ar dhaoine a rachaidh i dteagmháil leis i nGaeilge, ina measc siúd, mionsonraí faoi na socruithe chun freagraí i nGaeilge a thabhairt ar cheisteanna ó na meáin chumarsáide;
 - (b) mionsonraí faoi cháipéisí agus ábhar eile a chuirfidh an comhlacht poiblí ar fáil i nGaeilge don úsáid inmheánach agus sheachtrach, agus eolas faoi cén chuid díobh seo a chruthófar i nGaeilge agus cén chuid a aistreofar ó bhunábhar Béarla;

59 <https://static1.squarespace.com/static/602f79a565837b32cc85cebe/t/618e47c1de3df46a31d74600/1636714434254/Cuid+III+alít+breise.pdf>

- (c) mionsonraí faoi na seirbhísí aistriúcháin a chuirfidh an comhlacht poiblí ar fáil, má iarrtar iad, maidir le hábhar nach rún dó a chur ar fáil i nGaeilge de ghnáth;
- (d) mionsonraí faoi sheirbhísí a chuirfear ar fáil go heisiach do chainteoirí Gaeilge, foghlaimeoirí san áireamh;
- (e) mionsonraí faoi dhuine amháin, ar a laghad, a bhfuil post sinsearach bainisteoireachta nó foirne aige/aici agus a bheidh ainmnithe mar theagmhálaí do dhaoine ón taobh istigh agus ón taobh amuigh ar mian leis/léi ceisteanna a chur i nGaeilge nó faoi chúrsaí Gaeilge;
- (f) mionsonraí –
 - (i) faoi cé acu de na baill foirne / rannóige a gcuirfidh an comhlacht poiblí oiliúint Ghaeilge ar fáil dóibh agus cén sórt traenála a bheidh i gceist;
 - (ii) faoi dheiseanna a chuirfidh an comhlacht poiblí ar fáil dá fhoireann an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid.
- (g) mionsonraí faoi na poist a sonródh an comhlacht poiblí cumas cumarsáide i nGaeilge mar cháilíocht lánriachtanach dóibh; agus
- (h) mionsonraí faoin dóigh ar rún don chomhlacht phoiblí feidhm nó dualgas ar bith i leith na Gaeilge a chomhlíonadh má eascraíonn sin ó achtachán ar bith seachas aon achtachán atá i reachtaíocht RNCCN seo; agus mionsonraí faoi –
 - (i) amscála atá socraithe ag an chomhlacht phoiblí d'fheidhmiú gach birt a shonraítear sa phlean;
 - (ii) an t-amscála agus na socruithe atá ar intinn ag an chomhlacht phoiblí d'athbhreithniú an phlean;
 - (iii) agus tuar ar an leibhéal d'úsáid na Gaeilge a bheidh an comhlacht poiblí a chleachtadh i gcomhlíonadh a chuid feidhmeanna, agus léargas ar an dóigh ar rún don chomhlacht phoiblí tomhas agus taifead a dhéanamh ar an úsáid sin.

2.43 Moltar go gcaithfidh gach phlean Gaeilge a ullmhófar de bhun na míreanna cuí thuas tréimhse thrí bliana a chlúdach, agus ag deireadh na tréimhse sin, go mbeidh sé de fhreagracht ar an chomhlacht phoiblí ábhartha tuarascáil a chur faoi bhráid an Choimisinéara Gaeilge ar fheidhmiú agus ar chomhlíonadh an phlean, agus ar an phlean nua atá beartaithe don chéad tréimhse thrí bliana eile. Déanfar monatóireacht bhliantúil ar an chur i bhfeidhm.

2.44 Moltar go gcaithfidh na forais uile, orthu siúd, ollscoileanna, coláistí breisoideachais srl. agus gach comhlacht creidiúnaithe, comhlachtaí gairme san áireamh, a gheobhaidh fógra ón Choimisinéir, go gcaithfidh siad phlean teanga a ullmhú a chomhlíonfaidh na prionsabail atá leagtha amach sna míreanna thuas agus a chuirfidh na hábhair uile san áireamh a shonraítear sna míreanna trína gcuid tiomantas a leagan amach maidir le hoiliúint a thabhairt do na soláthraithe seirbhísí Gaeilge a bheidh á n-oiliúint nó á gcreidiúnú ag an chomhlacht nó an fhoras sin. Déanfaidh an Coimisinéir daingniú ar phlean ar bith den chineál seo.

- 2.45 Moltar go mbainfidh na dualgais a shonraítear sna míreanna seo ar dhóigh ghinearálta le comharba nó forais shannta ar bith de chuid aon chomhlachta poiblí a chlúdaítear i reachtaíocht RNCCN nó reachtaíocht Ghaeilge as seo amach. Más amhlaidh, in aon Acht nua de chuid Pharlaimint na Ríochta Aontaithe nó de chuid Thionól Thuaisceart na hÉireann, go gcruthófar teorainneacha nua d'aon cheantar atá anois faoi chúram ceann ar bith de na comhlachtaí poiblí reatha (comhlachtaí atá ann nuair a rithfear reachtaíocht RNCCN), nó más amhlaidh go gcruthófar comhlachtaí nua chun aon chuid de chúram na gcomhlachtaí reatha a dhéanamh, go gcaithfear a chinntiú nach gcuirfidh na teorainneacha nua seo aon bhac ar chothú na Gaeilge nó ar na cearta agus na deiseanna atá ag Gaeilgeoirí faoi reachtaíocht RNCCN ná d'aon straitéis amach anseo, agus go gcaithfear a chinntiú, fosta, go mbeidh na comhlachtaí nua, más ann dóibh, faoi cheangal go buan ag na dualgais a leagtar amach sna míreanna thuas. Lena chois sin, go gcaithfear leasú iarmhartach a chur in aon acht nua chun Sceideal an Achta seo a leasú sa dóigh go gcuimseoidh sé gach comhlacht nua a dhéanfaidh freastal ar limistéir atá anois faoi chúram ceann ar bith de na comhlachtaí poiblí atá liostaithe i Sceideal reachtaíocht RNCCN.
- 2.46 Gach comhlacht poiblí lena mbaineann an chuid seo, go gcinnteoidh sé go ndéanfar bearta cuí, lena n-áirítear soláthar comharthaí, fógraí agus eolais eile ar sheirbhísí agus ar thionscnamh cumarsáide le pobal na Gaeilge, lena chur in iúl do phobal na Gaeilge go bhfuil na seirbhísí sin ar fáil i nGaeilge ar rogha aon bhaill den phobal Gaeilge, agus go spreagfaidh sé baill den phobal sin le leas a bhaint as an deis le seirbhísí a fháil sa Ghaeilge.

Monatóireacht - Moltaí an PCS

- 2.47 Go mbeidh sé de dhualgas ar gach aon chomhlacht poiblí a liostaítear i Sceideal reachtaíocht RNCCN bearta cuí a dhéanamh chun go ndéanfar monatóireacht ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach thuas. Caithfidh an comhlacht poiblí an faireachán seo a dhéanamh go bliantúil agus caithfidh sé tuairisc an fhaireacháin seo a chur faoi scrúdú ag Coimisinéir na Gaeilge, ar bhonn bliantúil.

Moltaí an PCS maidir le hEarcaíocht agus Oiliúint

- 2.48 Faoi reachtaíocht RNCCN, go ndéanfaidh gach comhlacht poiblí atá ag feidhmiú i dTuaisceart na hÉireann, iad siúd san áireamh atá ag obair ar fud na Ríochta Aontaithe chomh maith, gníomh diongbháilte chun an Ghaeilge a chothú ina gcuid oibríochtaí. Go gcaithfidh siad bearta cuí a dhéanamh le foireann a bhfuil Gaeilge acu a earcú; i measc rudaí eile, ach ní go heisiach, le freastal go sásúil ar éileamh agus ar riachtanais:
- na poist uilig a fhógairt go dátheangach sna meáin chumarsáide; réimse réasúnta d'fhoilseacháin Ghaeilge san áireamh, agus a chinntiú go luafar gur buntáiste fostaíochta an Ghaeilge i gcás post ar bith ina dtiocfadh í a úsáid chun déileáil go héifeachtach leis an phobal;

- a chinntiú go nglacfar le cáilíocht Ghaeilge ar comhchéim le cáilíocht Bhéarla d'aon phost a mbeidh a leithéid riachtanach dó.

2.49 Go gcuirfidh gach comhlacht poiblí an t-eolas seo a leanas chuig an Choimisinéir Gaeilge:

- mionsonraí faoi dhuine amháin, ar a laghad, a bhfuil post sinsearach bainisteoireachta nó foirne aige/aici agus a bheidh ainmnithe mar theagmhálaí do dhaoine ón taobh istigh agus ón taobh amuigh ar mian leis/léi ceisteanna a chur i nGaeilge nó faoi chúrsaí Gaeilge;
- faoi cé acu de na baill foirne a gcuirfidh an comhlacht poiblí oiliúint Ghaeilge ar fáil dóibh agus cén sórt traenála a bheidh i gceist;
- faoi dheiseanna a chuirfidh an comhlacht poiblí ar fáil dá fhoireann an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid; agus
- mionsonraí faoi na poist a sonródh an comhlacht poiblí cumas cumarsáide i nGaeilge mar cháilíocht lánriachtanach dóibh.

2.50 Go n-ainmneoidh gach comhlacht poiblí bainisteoir sinsearach a údarásóidh agus a spreagfaidh an fhoireann le Gaeilge a fhoghlaim go leibhéal atá cuí le go dtig leo a gcuid cúraimí oibre a dhéanamh trí Ghaeilge. Go gcuirfidh na comhlachtaí poiblí traenáil sa Ghaeilge ar fáil go leanúnach mar chuid d'fhorbairt phroifisiúnta, agus go gcuirfidh siad go leor áiseanna airgeadais ar fáil le hé seo a éascú.

2.51 Go n-éascófar agus go spreagfar gach aon bhall den fhoireann riar a chuid oibre féin de Ghaeilge a fhoghlaim.

2.52 Go n-eagrófar cláir feasachta agus oiliúna teanga agus go gcuirfear ar fáil iad sa dóigh go mbeidh a dhóthain d'fhoireann na seirbhísí poiblí ábalta seirbhísí a thabhairt go héifeachtach i nGaeilge do chustaiméirí a iarrfaidh iad. Go ndéanfar na cláir seo a chur in oiriúint do riachtanais úsáideoirí na Gaeilge i gcodanna éagsúla den earnáil phoiblí.

2.53 Go gcuirfear oiliúint sa Ghaeilge ar fáil go buan mar chuid d'fhorbairt ghairmiúil na foirne, agus go gcinnteofar a dhóthain airgid a chur ar fáil chun seo a chur i gcrích.

2.54 Go ndéanfar na bearta cuí chun Gaeilgeoirí a earcú don fhoireann, bearta a chuimseoidh, i measc rudaí eile, na poist uilig a fhógairt go dátheangach sna meáin chumarsáide, réimse réasúnta d'fhoilseacháin Ghaeilge san áireamh, agus a chinntiú go luafar gur buntáiste fostaíochta an Ghaeilge i gcás post ar bith ina dtiocfadh í a úsáid chun déileáil go héifeachtach leis an phobal.

2.55 Go gcinnteofar go nglacfar le cáilíocht sa Ghaeilge ar comhchéim le cáilíocht sa Bhéarla d'aon phost a mbeidh cáilíocht Bhéarla riachtanach dó.

3. Moltaí an PCS maidir le hOideachas

- 3.1 Scríobhfaidh an Roinn Oideachais beartas roinne a dhéanfaidh riar cuí ar an Ghaeilge ina gcuid scoileanna go léir agus a fhreagróidh don chúram reachtúil i leith éascú agus spreagadh an Ghaeloideachais agus Straitéis na Gaeilge. Déanfar monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bheartais Gaeilge / Gaeloideachais sa Roinn Oideachais agus san Údarás Oideachais (agus in aon chomharba nó in údarás eile dá sanntar dualgais na gcomhlachtaí seo), agus in áisíneachtaí nó i gconraitheoirí dá gcuid a bheidh ag comhlíonadh feidhmeanna cuí ar a son. Déanfar gníomhartha díongbháilte chun spreagadh, éascú agus leormhaoiniú a sholáthar chun na gníomhartha seo a leanas de chuid an PCS a chur i gcrích.
- 3.2 Glacfaidh an Roinn Oideachais céimeanna cuí chun fianaise a thabhairt ar bhonn rialta ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha thíos, (a)-(j):
- oideachas réamhscoile, bunscoile agus meánscoile trí mheán na Gaeilge a fhorbairt ar dhóigh a éascóidh teacht forleathan ar oideachas trí mheán na Gaeilge ar gach leibhéal agus leanúnachas soláthair a chinntiú, go háirithe idir oideachas réamhscoile agus bunscoile, bunscoile agus meánscoile agus meánscoile agus tríú leibhéal;
 - oideachas tosaigh agus oideachas leanúnach múinteoirí a sholáthar don earnáil lán-Ghaeilge ag gach céim agus inniúlachtaí sainiúla tumoideachais lárnach ann;
 - teagasc na Gaeilge mar ábhar i mbunscoileanna agus meánscoileanna Béarla a chur chun cinn bunaithe ar an chleachtas idirnáisiúnta is fearr i bhfoghlaím teanga dhúchais, ó thús bunscoile go deireadh meánscoile; agus bearta cuí a dhéanamh chun an Ghaeilge a chur ar fáil mar ábhar staidéir do dhaltaí meánscoile a bhfuil a gcuid bunscolaíochta uile, nó páirt di, faighte acu trí mheán na Gaeilge, agus leanúnachas soláthair a chinntiú, go háirithe idir oideachas bunscoile agus meánscoile, agus meánscoile agus tríú leibhéal;
 - leormhéid téacsleabhar, bogearraí, earraí cuí closamhairc agus idirlín, oiriúnach don oideachas trí Ghaeilge agus thairis sin, gach ábhar atá oiriúnach do riachtanais páistí a bheidh ag foghlaim Gaeilge in oideachas trí Bhéarla a fhorbairt agus a chur ar fáil;
 - tacú le forbairt an Áisaonaid mar acmhainn ag pobal an Ghaeloideachais a dhéanann riar ar riachtanais lán-Ghaeilge go sainiúil; forbairt agus soláthar a dhéanamh ar réimse iomlán seirbhísí tacaíochta trí Ghaeilge, lena n-áirítear, ach nach teoranta di, seirbhís chúraim agus faisnéise sláinte do Ghaelscoileanna agus do dhaltaí a bheidh ag fáil oideachas trí Ghaeilge;
 - forbairt agus soláthar a dhéanamh ar réimse iomlán seirbhísí tacaíochta curaclaim agus oideachasúla, lena n-áirítear, ach nach teoranta díobh, uirlisí agus tacaíocht i gcomhair scrúduithe agus measúnachtaí, agus iad seo a bheidh ag freagairt do riachtanais shonracha na ndaltaí Gaelscoile;
-

- g. forbairt agus soláthar a dhéanamh ar churaclam a bheidh ag freastal ar riachtanais shonracha na ndaltaí Gaelscoile agus a léireoidh an cleachtas idirnáisiúnta is fearr sa tumoideachas;
 - h. forbairt agus soláthar a dhéanamh ar churaclam a bheidh ag freastal ar riachtanais shonracha na ndaltaí a bheidh ag foghlaim Gaeilge i scoileanna Béarla;
 - i. soláthar a dhéanamh, trí mheán comhairliúcháin agus comhordaithe le comhlachtaí cuí eile, ar sheirbhís seachchuraclaim agus óige d'earnáil na nGaelscoileanna, agus (i) soláthar a dhéanamh, i gcomhairle agus i gcomhordú lena leithéid de chomhlachtaí eile a bheadh oiriúnach, ar leorsheirbhís sheach-churaclaim agus óige a bheadh oiriúnach do riachtanais daltaí nach bhfuil cláraithe in oideachas trí Ghaeilge ach a bhfuil an Ghaeilge á teagasc dóibh; agus
 - j. taighde a mhaoiniú agus a sholáthar a chinnteoidh go mbeidh bonn taighde faoin teagasc & faoin fhoghlaim san earnáil maidir le forbairt an Ghaeloideachais.
- 3.3 Cinnteoidh aon straitéis amach anseo go ndéanfaidh an Roinn Oideachais, tríd an Údarás Oideachais, socruithe cuí taistil (bus scoile, tacsáí, pas don chóras iompair phoiblí nó deontas airgid a chlúdóidh an costas iomlán) chun gach dalta a bheadh cláraithe ar Gaelscoil a thabhairt chuig an Ghaelscoil is cóngaraí agus ar ais abhaile gan aon rud a bheith le híoc ag an dalta, ag tuismitheoirí an dalta nó ag an scoil.
- 3.4 Cinnteoidh aon straitéis amach anseo go ndéanfaidh an Roinn Oideachais, tríd an Údarás Oideachais, beart diongbháilte chun spreagadh, éascú agus maoiniú cuí a thabhairt d'fhorbairt na réamhscolaíochta Gaeilge, agus aird chuí a dhíriú ar riachtanais teanga na bpáistí atá ag foghlaim na Gaeilge mar an dara teanga.
- 3.5 De réir na straitéise, déanfar monatóireacht ar chur i bhfeidhm dhualgas reachtúil na Roinne Oideachais maidir le forbairt an oideachais trí Ghaeilge a mhisniú agus a éascú. Déanfar tosaíocht den dualgas sin áit a dtarlódh coimhlint le rialacha a dhearfaí gan riachtanais an phobail lán-Ghaeilge a bheith curtha san áireamh iontu go follasach.
- 3.6 Taobh istigh de 6 mhí i ndiaidh don straitéis a bheith faofa, foilseoidh gach roinn beartas Gaeilge a thaispeánfaidh na céimeanna a ghlactar sa roinn chun Straitéis na Gaeilge a chur i bhfeidhm.
- 3.7 Glacfaidh an Roinn Oideachais céimeanna cuí a chinnteoidh go ndéanfaidh gach údarás ábhartha poiblí an lánréimse seirbhísí tacaíochta a chuirtear ar fáil i mBéarla do dhaltaí atá ag fáil oideachais trí Bhéarla, go ndéanfaidh sé na seirbhísí uilig den chineál sin a sholáthar trí mheán na Gaeilge do na Gaelscoileanna uilig agus do na daltaí uilig atá ag fáil oideachas trí Ghaeilge. Go háirithe, go gcuirfidh an Roinn Sláinte, agus na hIontaobhais Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta i dTuaisceart na hÉireann cúram sláinte agus soláthar sláinte trí mheán na Gaeilge ar fáil do na Gaelscoileanna uilig agus do na daltaí uilig atá ag fáil oideachais trí Ghaeilge, agus go gcuirfidh siad ábhair agus eolas a bhaineann le forbairt phearsanta agus sláinte ar fáil do scoileanna mar sin trí mheán na Gaeilge.
-

- 3.8 Mar bharr ar na gníomhartha thuas, cuirfidh an Roinn Oideachais na pointí thíos san áireamh mar chuid den phróiseas deartha agus le linn ullmhú bheartas na Roinne:
- (i) moltaí a foilsíodh sa chaipéis Acht na Gaeilge Eis. II (POBAL, 2012)⁶⁰ a chur san áireamh;
 - (ii) dréachtleagan den bheartas a fhoilsiú;
 - (iii) comhairliúchán a dhéanamh le haon duine nó le haon eagraíocht a mheasfar a bheith leaspháirteach agus aird chuí a thabhairt ar aighneachtaí;
 - (iv) fianaise a sholáthar ar na dóigheanna a dtabharfaidh sé éifeacht dá dhualgais reachtúla maidir le córas agus earnáil an oideachais trí Ghaeilge faoi Ordú Oideachais (Tuaisceart na hÉireann) 1998;
 - (v) forbrófar líonra oiriúnach don tsoláthar, ag cinntiú leanúnachais ó oideachas trí Ghaeilge réamhscoile go bunscoile, bunscoile go meánscoile, agus meánscoile go tríú leibhéal agus ag cinntiú leanúnachais sa tsoláthar dhearfach a dhéanfaidh gach mír nó rannóg inmheánach sa Roinn féin;
 - (vi) spriocanna bliantúla a leagan amach maidir le líon na ndaltaí a dteagascfar Gaeilge dóibh, an líon a ghlacfaidh Gaeilge mar ábhar ag GSCE agus ag A-leibhéal, agus na gráid a gheofar; agus
 - (vii) na dóigheanna a thaispeáint ina bhforbróidh sé córas cuí iompair le freastal ar riachtanais daltaí atá cláraithe san oideachas trí Ghaeilge ar gach leibhéal agus riachtanais na hearnála trí Ghaeilge ina hiomláine le forbairt na hearnála sin a éascú.
- 3.9 Déanfar tagairt don bheartas thuasluaite chun cinntí a thagann faoi Alt 14 den Ord Oideachais agus Leabharlann (TÉ) 1986 a dhéanamh maidir le Gaelscoileanna nua a bhunú.
- 3.10 Cuirfidh an Roinn Oideachais, TÉ, Ciste Forbartha don Oideachas trí Ghaeilge ar bun agus saineoidh an Roinn Oideachais an modh ina mbeidh sé ag brath an ciste seo a fheidhmiú agus an sainchistiú breise a chuirfidh sé ar fáil lena chinntiú gur leor an ciste i gcomhair na gcuspóirí thuasluaite.
- 3.11 Cuirfidh an Roinn Oideachais, TÉ, Ciste Eolais agus Margaíochta don Oideachas trí Ghaeilge ar bun agus saineoidh an Roinn Oideachais an modh ina mbeidh sé ag brath an ciste seo a fheidhmiú agus an sainchistiú breise a chuirfidh sé ar fáil lena chinntiú gur leor an ciste i gcomhair na gcuspóirí dá bhfeidhmeofar é.
- 3.12 Moltar acmhainní cuí a chur ar fáil chun an Fráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE) do theangacha i gcuraclam na Gaeilge a chur i bhfeidhm mar áis mheasúnaithe. Thabharfadh úsáid an FTCE stádas breise don Ghaeilge mar ábhar agus chabhródh sé le deiseanna fostaíochta na ndaltaí (mar shampla, beidh 20% do na daoine a earcófar faoi 2030 ó dheas in Éirinn inniúil ar an Ghaeilge bunaithe ar an FTCE).

60 <https://static1.squarespace.com/static/602f79a565837b32cc85cebe/t/61767fbd5f3b4c74841c07cd/1635155910841/Acht+na+Gaeilge+Eis+2+Edition.pdf>

- 3.13 Ba chóir machnamh ar shruthanna nó aonaid Ghaelscolaíochta mar chéim idirmheánach trínar féidir oideachas a sholáthar trí mheán na Gaeilge, áit arb í rogha an phobail í, agus tacaíocht chuí a bheith curtha ar fáil don aistriú go scoil neamhspleách.

An Ghaelscolaíocht (GS)

- 3.14 Is é an taithí atá ag ceannairí scoileanna go bhfuil comhleanúnachas idir Ranna éagsúla agus idir fo-ranna sa Roinn Oideachais féin le treisiú agus le feabhsú. Is minic a bhíonn frustrachas ar phobal na scoileanna agus iad ag iarraidh ar an Roinn forbairt an Ghaeloideachais a chur chun cinn. Tuairiscítear fianaise ar fhorbairt polasaithe i leith an chórais oideachais go ginearálta gan aitheantas cuí don difear idir ionannas agus cothroime agus gan aird ar riachtanais an Ghaeloideachais ná ar chomhlíonadh dualgas reachtúil mar thosaíocht. Mar shampla, má thaispeánann fortheilgean fianaisebhunaithe go mbainfidh scoil lán-Ghaeilge spriocanna inmharthana amach maidir le líon daltaí, a chomhlíonfaidh critéir a bhaineann le cóiríocht bhuan, is cuí sin a aithint agus an chóiríocht chuí a cheadú. Má chuirtear Gaelscoil faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar bheartas a dearadh don phobal mhór, ceistítear éifeachtúlacht chur i bhfeidhm an dualgais chun an Ghaeloideachas a chothú agus a spreagadh.
- 3.15 Glacfaidh an Roinn Oideachais céimeanna cuí chun fianaise a thabhairt, ar bhonn rialta, ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha thíos:
- Go mbeidh sé mar sprioc, amhail mar atá sa Bhreatain Bheag, an líon daltaí sa tumoideachas a mhéadú go suntasach. Bunófar plean oibre ar an straitéis chun an líon daltaí a mhéadú de réir na réamh-mheastachán is dóchasaí atá déanta ag Comhairle na Gaelscolaíochta, bunaithe ar thosca fabhracha a bheith ann agus acmhainní leordhóthain a bheith ar fáil le tacú le ráta fáis leanúnach. Faoi láthair, tá níos lú ná 3% de na hiontrálacha iomlána sa bhunoideachas san earnáil bhunscolaíochta lán-Ghaeilge. Cuirfidh an Roinn Oideachais, i gcomhar le ranna eile, an straitéis i bhfeidhm agus aird ar sprioc 10% den phobal scolaíochta le bheith ag foghlaim trí mheán na Gaeilge faoi 2042.
 - Go ndéanfaidh an Roinn Oideachais beartas roinne (agus beartas tras-roinne nuair is cuí) don Ghaeloideachas agus don fhoghlaim neamhfhoirmiúil taobh amuigh den tseomra ranga a scríobh agus a fhoilsiú, agus déanfaidh sé comhairliúchán ar an bheartas agus a chur i bhfeidhm gan mhoill chun freastal ar na hilghnéithe uile den tsoláthar go cuimsitheach comhleanúnach agus chun freastal ar an dualgas reachtúil maidir le forbairt an Ghaeloideachais. Déanfar luacháil agus tuairisciú ar chur i bhfeidhm an bheartais ar bhonn bliantúil. Ní cheadaíonn scríobh beartais moill ar ghníomhartha aonair agus ar dhul chun cinn le linn an phróisis ullmhúcháin chun leanúnachas a chruthú.
 - Go ndéanfaidh an Roinn Oideachais gach beartas a iniúchadh ó thaobh a dualgais reachtúil i leith an Ghaeloideachais agus na foghlama neamhfhoirmiúla taobh amuigh den tseomra ranga agus a chinntiú nach bhfágfaidh beartas ar bith an Ghaeloideachas nó Seirbhísí Óige Gaeilge faoi mhíbhuntáiste, mar shampla, an Beartas um Scoileanna Inbhuanaithe.

- d. Go rachaidh an Roinn Oideachais agus an Roinn Pobal i gcomhairle faoi dhearadh beartais a chinnteoidh inrochtaineacht daltaí Gaelscoileanna ar acmhainní pobail agus acmhainní oideachais agus teanga na scoile mar mhodh cumarsáide, mar shampla, iarsmalanna, pláinéadlann, ionaid chultúrtha agus oideachasúla.
- e. Go n-aithneoidh an Roinn Oideachas na riachtanais shainiúla a bhaineann le forbairt earnáil an Ghaeloideachais. Comhlíonfar an dualgas reachtúil gan srian nó cosc ar an fhorbairt a tharlaíonn nuair a chuirtear beartais, rialacha agus gnáthaimh i bhfeidhm a dearadh gan riachtanais an Ghaeloideachais a chur san áireamh. Sampla: sainriachtanais teanga na scoileanna a aithint agus cead a thabhairt do Ghaelscoileanna páirtíochtaí a chruthú le scoileanna Gaeltachta mar chuid de thionscadail a mhaoinítear faoin Oideachas Chomhroinnte.
- f. Go gcaithfear cearta an tuismitheora agus cearta an pháiste i leith oideachas Gaeilge agus i leith fhoghlaim na teanga a fhíorú ach cur chuige straitéiseach comhtháite a bheith ann a chlúdóidh gach gné – Sainriachtanais Oideachais; taisteal, traenáil, áiseanna, curaclaim srl. Ba chóir moltaí a bhunú de réir dhoiciméad POBAL, Acht na Gaeilge Eis. II (2012)⁶¹. Go gcaithfidh an RO a cuid dualgas i leith na Gaelscolaíochta a aithint ina iomláine agus gníomhú dá réir. Go gcaithfear aitheantas agus acmhainní a sholáthar do na saineagrais Ghaeilge a chuireann seirbhísí ar fáil. Go gcaithfear ciste margaíochta a bhunú don Ghaelscolaíocht.
- g. Tabharfar aitheantas cuí do ról an Ghaeloideachais sa phobal Gaeilge agus i gcur chun cinn na Gaeilge. Tá 30 Gaelscoil neamhspleách ann (28 mbunscoil agus 2 iar-bhunscoil), 7 n-aonad Gaelscolaíochta ann ar leibhéal bunscoile agus 3 shruth ann ar leibhéal iar-bhunscoile. Aithnítear go bhfuil costas breise ar acmhainní agus ar an churaclam a bhíonn i gceist i scoil lán-Ghaeilge (Salisbury, 2013). Moltar athbhreithniú ar na costais reatha sna bunscoileanna agus ar an fhreastal a dhéantar sa Scéim Choiteann Mhaoinithe lena chinntiú go gclúdófar na costais bhreise a bhaineann le soláthar na Gaelscolaíochta.
- h. Tófar ar an dul chun cinn a rinneadh ó foilsíodh an tuairisc ar Athbhreithniú na Gaelscolaíochta (2009) chun todhchaí chomhroinnte a chruthú do gach duine bunaithe ar an chomhionannas. Tá RO ag leanúint de na moltaí a bhaineann le hearnáil na Gaelscolaíochta a chur i bhfeidhm ag céimeanna réamhscolaíochta, bunscolaíochta agus iar-bhunscolaíochta. Mar shampla, i dtaca leis an tsoláthar réamhscolaíochta de, tig le soláthraithe Gaelscolaíochta a bhfuil go leor páistí acu an clár maoinithe a fháil fiú má tá soláthar Béarla ar fáil sa cheantar chéanna ach nár líonadh é. Is é is toradh don athbhreithniú seo tacaíocht d'oideachasóirí agus d'acmhainní oideachais le GS a dhaingniú sa chóras oideachais. Leithroinneadh tuilleadh maoinithe le réimse tacaíochta a sholáthar do GS (curaclam, measúnacht agus cáilíochtaí, oideachas múinteoirí, áiseanna) le go gcinnteofaí comhionannas soláthair le hoideachas trí mheán an Bhéarla. Tá socrúithe feabhsaithe agus níos cuimsithí ar siúl anois maidir le haistriúcháin agus scrúduithe a

61 <https://static1.squarespace.com/static/602f79a565837b32cc85cebe/t/61767fbd5f3b4c74841c07cd/1635155910841/Acht+na+Gaeilge+Eis+2+Edition.pdf>

dhéantar i nGaeilge. I dtaca le tacaíocht d'oideoirí Gaelscolaíochta de, i ndiaidh an athbhreithnithe, cuirtear maoiniú ar fáil go fóill faoi choinne oideachas tosaigh múinteoirí d'ionaid GS, forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí agus cúntóirí ranga agus oideoirí réamhscoile a fhorbairt agus faoi choinne oiliúint Bord Gobharnóirí agus ceannasaíochta. Leanann RO de Chomhairle na Gaelscolaíochta (CnaG) a mhaoiniú leis an Ghaelscolaíocht a chur chun cinn. Baineann príomhfheidhmeanna agus príomhghníomhaíochtaí CnaG, agus í i mbun a ról, le hionadaíocht agus abhcóideacht, éiteas, caighdeáin a ardú, pleanáil cheantarbhunaithe, comhoibriú a chothú agus teagmháil le hearnálacha eile. Ag tógáil ar an dea-chleachtas sin, beidh an Roinn airdeallach agus í ag cuartú deiseanna chun an Gaeloideachas a fhorbairt.

- i. Faoi láthair, cuirtear breis le búiséad na nGaelscoileanna tríd an Scéim Choiteann Mhaoinithe ag leibhéal íseal. Tabharfaidh an RO aghaidh ar an éagothromas seo agus déanfar cinnte nach bhfágann na costais bhreise a bhaineann le háiseanna, soláthar foirne agus forbairt curaclaim sa Ghaeloideachas scoileanna faoi mhíbhuntáiste.

- 3.16 Déanfaidh an Roinn Oideachais monatóireacht leanúnach ar chur i bhfeidhm mholtaí an Athbhreithnithe agus ar chur i bhfeidhm an dualgais reachtúil i leith fhorbairt an Ghaeloideachais. Cuirfidh an tÚdarás Oideachais sparánachtaí d'fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí lán-Ghaeilge agus cúntóirí ranga, a cealaíodh in 2021, ar fáil.
- 3.17 Soláthraíonn an Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnachta (CCEA) agus an tÁisaonad, atá maoinithe ag Foras na Gaeilge agus atá lonnaithe i gColáiste Ollscoile Naomh Muire, réimse acmhainní seomra ranga don Ghaelscolaíocht. Déanfar tógáil ar na hacmhainní teagaisc agus foghlama de réir mhianta gairmiúla na múinteoirí agus riachtanais dhifreáilte na ndaltaí.
- 3.18 De réir na reachtaíochta, tá an Ghaeilge le feabhsú, le cosaint agus le forbairt. Tá sé tábhachtach go leanfaidh RO d'fheidhmiú na moltaí atá in Review of Irish-Medium Education Report 2008⁶². Tá beartaithe ag RO, fosta, aird chuí a thabhairt ar na torthaí agus na moltaí a d'eascair as an Ghrúpa Chomhairleach Aireachta ar an Iar-bhunscolaíocht Lán-Ghaeilge 2014 maidir leis an dóigh le hiar-bhunscolaíocht Lán-Ghaeilge inmharthana, inbhuanaithe a sholáthar ina bhfuil ardchaighdeáin, a fhreastalaíonn ar riachtanais na ndaltaí agus a spreagann muinín tuismitheoirí.

Moltaí an PCS maidir le hInrochtaineacht ar an Ghaeloideachas a leathnú ar bhonn trasphobail

- 3.19 Tá pleanáil straitéiseach de dhíth chun constaicí stairiúla, polaitíochta agus cultúrtha a sháru a chuireann bac ar leathnú na Gaeilge mar theanga bheo i measc an phobail mhóir agus ar inrochtaineacht ar oideachas trí mheán na Gaeilge. Cuirfidh an RO tascgrúpa ionadaíoch

62 <https://www.education-ni.gov.uk/publications/review-irish-medium-education-report>

ar bun chun an cheist seo a ransú agus plean a chur i dtoll a chéile. Mar chuid den phleanáil seo, beidh ról le himirt ag an gCiste Forbartha: margaiócht & poiblíocht, a bhunófar sa Roinn Oideachais le próifíl agus eolas a thabhairt ar an Ghaelscolaíocht i gcoitinne. Ní hamháin go gcuideoidh an Ciste Margaióchta le hearcú múinteoirí ach scaipfear eolas ar an phobal ina iomláine ar an rud is tumoideachas ann agus ar an oideachas lán-Ghaeilge.

- 3.20 Aithneofar an tábhacht le tógáil caidreamh ar bhonn uile-oileánda, oirthear-iarthar, agus ar bhonn idirnáisiúnta chun tuiscint ar an tumoideachas agus ar an Ghaeloideachas a roinnt agus gréasán dea-chleachtais a thógáil. Molann an PCS go gcuirfeadh an Roinn tacaíocht ar fáil do thionscadail forbartha a dhaingneoidh caidrimh.

Deiseanna uile-Éireann do GS

- 3.21 Mar chuid den Comhairle Aireachta Thuaidh Theas, díreoidh Airí ar chomhoibriú ar chúrsaí Gaeloideachais chun an earnáil a fhorbairt, chun acmhainní scoile a fhorbairt agus chun caidreamh idir scoileanna mar chuid den phobal Gaeloideachais a thógáil. Cuirfear leis an chorpas taighde a léireoidh comhoibriú ar bhonn uile-Éireann idir taighdeoirí agus a mhéadóidh an tsaintuiscint fhianaisebhunaithe ar an Ghaeloideachas.

Réamhscolaíocht GS

- 3.22 Glacfaidh an Roinn Oideachais céimeanna cuí chun fianaise a thabhairt ar bhonn rialta ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha thíos:
- Aithnítear an réamhscolaíocht lán-Ghaeilge mar bhunchloch a dtógtar forbairtí bunscoile agus iar-bhunscoile uirthi sa chóras Ghaeloideachais.
- 3.23 Tugtar fianaise ar na fachtóirí a imríonn tionchar ar aistriú rathúil go bunscoil lán-Ghaeilge sa tuairisc taighde a choimisiúnaigh an Roinn Oideachais (Mhic Aoidh et al., 2019) ag eascairt as ‘Learning to Learn – A Framework for Early Years Education and Learning 2013’⁶³. Ghlac an Roinn leis an mhórchuid de na moltaí a foilsíodh sa tuairisc agus aithnítear an dul chun cinn a rinneadh ó shin. Glacfaidh an Roinn céimeanna breise chun moltaí tábhachtacha atá sa tuairisc a chur i bhfeidhm go cuimsitheach, ina measc:
- Foghlaim ghairmiúil leanúnach agus tacaíocht le forbairt na sprioctheanga agus le hoideolaíocht na luathbhlianta a sholáthar d’fhoirne na náiscoiléanna agus éagsúlachtaí idir tréithe sna náiscoiléanna reachtúla agus náiscoiléanna deonacha a chomhardú áit ar cuí sin.
 - Líon na náiscoiléanna reachtúla a mhéadú agus iontráil i náiscoil reachtúil a éascú mar rogha ag tuismitheoirí. D’fhás an líon náiscoiléanna reachtúla ó 14 go 18 sna blianta 2013–2019. D’fhág sin líon na náiscoiléanna reachtúla giota maith níos ísle ná náiscoiléanna deonacha go fóill agus 29 náiscoil dheonacha ann.
 - Acmhainní tacaíochta agus áiseanna teangeolaíochta a sholáthar do thuismitheoirí.

63 <https://www.education-ni.gov.uk/publications/framework-early-years-education-and-learning-october-2013>

- 3.24 Baintear feidhm as an phróiseas um moltaí forbartha reachtúla nuair a phléann an Roinn le moltaí do sholáthar náiscolaíochta reachtúla. Is cuí don Roinn freagairt go dearfach do mholadh forbartha le haghaidh náiscoil reachtúil lán-Ghaeilge áit nach bhfuil nasc soláthair idir bunscoil agus náiscoil reachtúil cheana féin.
- 3.25 Déanfar athmhachnamh ar an chóimheas múinteora/stiúrthóra agus páistí sa tsuíomh náiscoil lán-Ghaeilge, ag cur san áireamh go bhfuil fianaise den nasc idir an cóimheas sin agus sealbhú na sprioctheanga mar atá de dhíth d'aistriú chuig an bhunscoil.
- 3.26 Cinnteoidh an RO go dtabharfar forbairtí a bhaineann leis an Chlár Oideachais Réamhscolaíochta chun tosaigh i gcomhthéacs a dualgais reachtúil agus go gcuirfear san áireamh gur dhá bhliain réamhscolaíochta sa sprioctheanga a mheastar a ullmhaíonn daltaí d'aistriú go bunscoil lán-Ghaeilge.
- 3.27 Leanfaidh an RO den dualgas reachtúil a chomhlíonadh maidir le forbairt GS ar an leibhéal réamhscolaíochta agus áiteanna a chur ar fáil i réimse ionad réamhscolaíochta, tríd an mheicníocht is cuí, lena chinntiú go mbeidh áit i náiscoil lán-Ghaeilge ar fáil ag gach páiste a roghnóidh a t(h)uismitheoir an Gaeloideachas.
- 3.28 Mar atá leagtha amach in Learning to Learn – A Framework for Early Years Education and Learning 2013, cruthóidh RO Cnuasaigh Thacaíochta Oideachais agus d'fhéadfaí gur sainchnuasach Gaelscolaíochta ceann amháin acu. Bainfidh na cnuasaigh úsáid as saineolas atá ar fáil cheana agus cuirfidh siad comhoibriú agus scaipeadh an dea-chleachtas i bhfeidhm.
- 3.29 Mar chuidiú le dul i ngleic le constaicí ar an fhoghlaim, áirítear leis an Chreat Foghlaim chun Foghlama bearta arb aidhm dóibh athfhócasú ar úsáid maoinithe scoileanna sínte le scoileanna gannfhorbartha sóisialta, mothúchánacha agus cumarsáide a shainaitheint agus tabhairt fúthu agus critéir a shocrú sa Chlár Réamhscolaíochta atá cosúil leo siúd a úsáidtear i scoileanna sínte in ionaid dheonacha agus phríobhaideacha. Beidh ionaid réamhscolaíochta Ghaeilge a chomhlíonfaidh na critéir san áireamh.
- 3.30 Áirítear le Foghlaim chun Foghlama, fosta, beart chun taighde a choimisiúnú ar thorthaí réamhscolaíochta Gaeilge faoi mar atá leagtha amach san Athbhreithniú ar an Ghaelscolaíocht.
- 3.31 Ní chuirfidh méid an tsoláthair sa réamhscolaíocht Bhéarla aon bhac ar oscailt/fhorbairt/mhaoiniú réamhscoileanna GS. Tá sé seo ar aon dul le moladh 2 sa Review of Irish-Medium Education, ina maítear:
- a. Ba chóir an polasaí ar sholáthar maoinithe réamhscolaíochta a athbhreithniú as siocair na teaglama uathúla atá ag éirí as an Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, buntáistí aitheanta an oideachais réamhscoile agus an dualgas reachtúil leis an Ghaelscolaíocht a spreagadh agus a éascú, le ligean do sholáthraithe cláraithe Gaelscolaíochta a bhfuil go leor páistí acu, maoiniú a fháil nó aistriú go stádas reachtúil más mian leo gan a bheith faoi srian ag próifíl an tsoláthair Bhéarla sa cheantar.

Bunscoileanna GS

- 3.32 Glacfaidh an Roinn Oideachais céimeanna cuí chun fianaise a thabhairt, ar bhonn rialta, ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha thíos:
- a. Leanfaidh an Roinn Oideachais den obair atá ar siúl chun moltaí in Athbhreithniú ar an Oideachas Lán-Ghaeilge (2008) a chur i bhfeidhm agus chun an bhunscolaíocht a chothú.
 - b. Leanfaidh an RO d'fhorbairt soláthair bunscolaíochta Gaeilge inbhuanaithe, bríomhaire agus ardchaighdeáin mar fhreagairt ar éileamh tuismitheoirí agus mar bhunchuid de Phleananna Ceantarbhunaithe. Déanfaidh an Roinn, i gcomhairle le páirtithe leasmhara, athbhreithniú ar an chur chuige pleanála cheantarbhunaithe ó pheirspictíocht éascú agus spreagadh an Ghaeloideachais.
 - c. Cuirfear an tacaíocht chuí ar fáil chun forbairt an Ghaeloideachais a spreagadh, ní hamháin ó thaobh fhás na scoileanna de ach ó thaobh spriocanna gairmiúla a bhaineann leis an tsoláthar de: caighdeáin a ardú a thuilleadh, tacú leis na próisis feabhsúcháin atá ar siúl ag eagrais aonair agus iad a chothabháil; agus dea-chleachtas a scaipeadh ar fud na hearnála, le buanseasmhacht ardchaighdeáin oibre a dhaingniú agus a fheabhsú a thuilleadh.
 - d. Tá tairseacha teidlíochta i leith maoiniú caipitil, a socraíodh i ndiaidh Athbhreithniú Bain, á gcur i bhfeidhm go leanúnach i gcomhthéacs Bheartas Scoileanna Inbhuanaithe RO.⁶⁴ Tá athbhreithniú de dhíth ar ailíniú an chórais seo le dualgas reachtúil na Roinne chun an Gaeiloideachas a fhorbairt agus a spreagadh. Is léir go gcruthaítear constaicí do scoileanna beaga atá suite i gcóiríocht a chuireann cosc ar fhás na scoile.⁶⁵
 - e. Ceann de na dúshláin is mó a bhíonn ag ceannairí bunscoileanna ná múinteoirí sealadacha a fháil i rith na bliana. Is cuí don Roinn tógáil ar an obair chun go leor múinteoirí tosaigh a ullmhú don earnáil.
 - f. Aithneoidh an Roinn go bhfuil inniúlachtaí gairmiúla sainiúla de dhíth ar mhúinteoirí lán-Ghaeilge. Aithneoidh an Roinn go bhfuil tacaíocht bhreise de dhíth ar chleachtóirí na nGaelscoileanna ó thaobh na tuisceana ar an tumoideachas agus ó thaobh inniúlachtaí sprioctheanga. Cuirfear maoiniú ar fáil chun cúrsaí gairmiúla a thairiscint, ag aithint go bhfuil na freagrachtaí teagaisc i gcuraclam an Ghaeloideachais níos leithne ná mar atá i scoileanna lán-Bhéarla.
 - g. Déanfar tógáil ar an tacaíocht do mhic léinn iarchéime agus tréimhse Ghaeltachta a éascú do mhic léinn thosaigh sa Ghaeloideachas i rith Bhaitisiléir an Oideachais.
 - h. Aithneoidh an Roinn go bhfuil curaclam níos leithne le teagasc agus le foghlaim sa bhunscoil lán-Ghaeilge agus go n-imríonn cúntóirí foghlama agus cúntóirí ranga ról bunúsach sa tumchlár. Is cuí líon na gcúntóirí ranga a mhaoinítear i ranganna náiscoilé

⁶⁴ Schools for the Future: Funding, Strategy, Sharing – Report of the Independent Strategic Review of Education (December 2006)

⁶⁵ <https://static1.squarespace.com/static/602f79a565837b32cc85cebe/t/61767fd5f3b4c74841c07cd/1635155910841/Acht+na+Gaeilge+Fis+2+Edition.pdf>

agus bunscoile a mhéadú ón naiscoil ar aghaidh agus cóimheas nua a aontú a d'éascódh an tacaíocht chuí i dtimpeallacht sprioctheanga. Moltar cúntóir ranga a bhfuil Gaeilge aige/aici a bheith i ngach rang ar fud na bunscoile.

- i. Déanfaidh an Roinn socrúithe cuí chun uirlisí agus cláir idirghabhála a chur ar fáil as Gaeilge do mhúinteoirí Gaeloideachais agus na cláir foghlama sin a thairiscint do dhaltaí a léiríonn go bhfuil tacaíocht bhreise de dhíth, ina measc, Athghabháil na Léitheoireachta agus Athghabháil na Mata.
- j. Léiríonn an taighde an nasc idir eispéiris seach-churaclaim agus forbairt na sprioctheanga. Déanfar imeachtaí seach-churaclaim a fhorbairt go struchtúrtha chun deiseanna le haghaidh úsáid agus shaibhriú na Gaeilge i measc daltaí Gaelscoileanna a sholáthar.

Córas iar-bhunscolaíochta GS

3.33 Glacfaidh an Roinn Oideachais céimeanna cuí chun fianaise a thabhairt, ar bhonn rialta, ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha thíos:

- a. Is de bhun na mbunphrionsabal thuasluaite a dhéanfaidh an Roinn Oideachais cinneadh ar bith i dtaca le haon mholtaí a thagann faoi alt 14 den Ordú um Oideachas agus Leabharlann (Tuaisceart na hÉireann), 1986, maidir le Gaelscoileanna nua a bhunú. Thairis sin, ní rachaidh soláthar teagaisc Gaeilge, nó acmhainn bhreise do theagasc Gaeilge a bheith ann, i gcion ar aon dóigh ar aon chinneadh maidir le soláthar oideachais trí Ghaeilge, ná ní rachaidh aon acmhainn bhreise a bheith i scoileanna trí Bhéarla maidir le háiteanna nó soláthar nó aon ábhar eile i gcion ar aon dóigh ar aon chinneadh maidir le soláthar oideachais trí Ghaeilge.
 - b. Ar aon dul le bunscoileanna GS, breithneoidh RO an Scéim Choiteann Mhaoinithe lena chinntiú go bhfuil an Scéim ag freastal mar is cuí ar riachtanais iar-bhunscolaíochta GS.
 - c. Ar aon dul le bunscoileanna GS fosta, is gá dul i ngleic leis an ghanntanas múinteoirí cáilithe ar leibhéal na hiar-bhunscolaíochta i roinnt ábhar. Leanfaidh RO de dhul i ngleic leis an dá cheist seo, ar mó an t-údar imní iad san iar-bhunscolaíocht ná sa bhunscolaíocht, trí fheidhmiú mholtaí Athbhreithniú GS.
 - d. Faoi láthair, tá ganntanas iarrthóirí fóirsteanacha ann le riar ar fholúntais phoist - i. múinteoirí a bhfuil céim acu in ábhar curaclaim agus leibhéal ard Gaeilge acu. Leithdháiltear ocht n-áit gach bliain ar an Teastas Iarchéime Oideachais (PGCE) agus déantar cúrsa san oideachas lán-Ghaeilge agus saibhriú na Gaeilge go comhuaineach leis. Is dúshlán é na háiteanna sin a líonadh le céimithe le sainábhair éagsúla agus caighdeán ard Gaeilge acu. Moltar múnla oideachas tosaigh a fhorbairt don bhunscolaíocht don earnáil iar-bhunscolaíochta agus PGCE trí mheán na Gaeilge a sholáthar mar aon le TICO bunscoile.
 - e. Ba chóir do lucht gairmthreorach i scoileanna aird daltaí a dhíriú ar na buntáistí a bhaineann le cumas Gaeilge agus teangacha eile a chothú i gcomhar le hábhair eile ag Ard Leibhéal.
-

- f. Is cuí don Roinn Oideachais feachtas poiblíochta a chur i bhfeidhm chun an óige a chur ar an eolas faoi dheiseanna fostaíochta, an mhúinteoireacht san áireamh, atá ar fáil do lucht labhartha na Gaeilge. Mar chuid den fheachtas seo, fógrófar deiseanna a léireoidh ganntanais go forleathan mar is cuí.
- g. Tá easpa fostaithe a bhfuil Gaeilge acu ar fáil chun an iliomad rólanna a líonadh sna iar-bhunscoileanna - riarthóirí, teicneolaithe, cúntóirí ranga, srl.
- h. Cuirtear an dúshlán céanna roimh iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge, a chuireann cosc ar fhorbairt bunscoileanna de thairbhe cóiríocht mhíshásúil. Is cuí don Roinn Oideachais beartas a bhaineann le maoiniú caipitil a leasú chun a dualgas reachtúil a chur i bhfeidhm.

Breisoideachas agus gairmoideachas

- 3.34 Glacfaidh an Roinn Oideachais céimeanna cuí chun fianaise a thabhairt, ar bhonn rialta, ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha thíos:
- a. Cinnteoidh aon straitéis amach anseo go ndéanfaidh an Roinn Eacnamaíochta beart díongbháilte chun spreagadh, éascú agus maoiniú cuí a thabhairt d'fhorbairt an bhreisoideachais agus an ghairmoideachais trí Ghaeilge agus do theagasc na Gaeilge mar ábhar sna forais bhreisoideachais agus ardoideachais.
 - b. Ba chóir beartas a fhorbairt le tacú le breisoideachas (BO) trí mheán na Gaeilge chun taithí oiliúna ar ardchaighdeán a sholáthar do dhaoine óga agus lena chinntiú go mbeidh conairí dóthanacha ar fáil le dul ar aghaidh chuig tuilleadh staidéir agus chuig fostaíocht.
- 3.35 Ba chóir go n-éascódh an beartas:
- a. Comhroinnt eolais agus saineolais idir soláthraithe reatha agus iad sin a bhféadfadh sé gur mhian leo BO trí mheán na Gaeilge a fhorbairt amach anseo;
 - b. Forbairt conairí oideachais agus fostaíochta do dhaoine óga a fuair oideachas trí mheán na Gaeilge; agus
 - c. Forbairt leanúnach agus tacaíocht do mhúinteoirí, do cheannasaithe agus d'fhoireann tacaíochta Gaelscolaíochta.
- 3.36 Ba chóir riar ar an fhoghlaim ghairme trí mheán na Gaeilge, bunaithe ar éileamh áitiúil. Ba chóir measúnú ar ghairmcháilíochtaí trí mheán na Gaeilge a éascú fosta.

Sainriachtanais Oideachais (SRO)

- 3.37 Glacfaidh an Roinn Oideachais céimeanna cuí chun fianaise a thabhairt, ar bhonn rialta, ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha thíos:
- a. Tá sé de dhualgas ar an Roinn Oideachais agus ar an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí agus ar an Údarás Oideachais freastal cuí a dhéanamh ar pháistí a bhfuil Gaeilge acu agus a bhfuil sainriachtanais oideachais acu, agus ar aon pháiste eile atá ag fáil oideachas trí mheán na Gaeilge agus a bhfuil sainriachtanais oideachais acu, sainriachtanais teanga go háirithe san áireamh.
-

- b. Tá gá le leanúint de bhearta le tabhairt faoin ghá atá le forbairt soláthair sainriachtanais oideachais sa Ghaelscolaíocht mar atá sonrathite i Moladh 17 den tuarascáil Athbhreithniú ar GS. Maidir leis an cheist seo, ag éirí as an Athbhreithniú, tá roinnt beart maoinithe ag RO le sainaitheint, measúnú agus soláthar SRO a neartú i scoileanna GS. Le blianta anuas, tá forbairt déanta ar an tuiscint ar shainriachtanais oideachais i gcomhthéacs an tumoideachais.
- c. Is gné den tsoláthar seo atá le feabhsú agus acmhainní de dhíth chun freastal mar is cuí ar dhaltaí ar leibhéal na réamhscolaíochta, na bunscolaíochta agus na hiarbhunscolaíochta. Le fada, tuigtear nach bhfuil uirlisí fóirsteanacha ann san earnáil GS le dul chun cinn daltaí a mheas go beacht. Is gá an réimse reatha de sheirbhísí curaclaim agus tacaíochta daltaí a sholáthraítear i mBéarla a chur ar fáil i nGaeilge don earnáil GS, lena n-áirítear acmhainní agus soláthar saineolais a thairgtear i saineonaid taobh istigh de scoileanna príomhshrutha. Is cuí tógáil ar an tús a cuireadh leis an tseirbhis seo i mbunscoil agus in iar-bhunscoil amháin i mBéal Feirste.
- d. Déanfaidh an Roinn Oideachais agus an Roinn Sláinte an comhoibriú straitéiseach a bheidh de dhíth chun a chinntiú gur féidir le daltaí Gaeloideachais a léireoidh riachtanais bhreise teacht ar an chúram chuí as Gaeilge, go háirithe seirbhísí urlabhra agus teanga.
- e. Cuirfear ionaid foghlama ar fáil d' Eochairchéim 3 agus 4 sna hiar-bhunscoileanna.

Acmhainní Gaelscolaíochta

3.38 Glacfaidh an Roinn Oideachais céimeanna cuí chun fianaise a thabhairt, ar bhonn rialta, ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha thíos:

- a. Tarraingíodh aird sa Tuairisc ar Athbhreithniú ar an Ghaelscolaíocht ar an ghá atá le réimse na n-acmhainní curaclaim Gaelscolaíochta atá ar fáil a mhéadú. Déanfaidh RO fiosrú, i gcomhar le Roinn Oideachais agus Scileanna na hÉireann agus earnáil na Gaelscolaíochta, deiseanna comhoibrithe le réimse agus infhaighteacht áiseanna curaclaim Gaelscolaíochta a mhéadú.
- b. Déanfar forbairt ar an réimse acmhainní atá ann le tacú le SRO, ar leibhéal na hiarbhunscolaíochta go háirithe.
- c. Ar leibhéal na bunscolaíochta, cuirfear le stór ábhair léitheoireachta, ag tógáil ar Chlár Luathléitheoireachta na hEarnála a scríobh an tÁisaonad i gColáiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste.
- d. Cuireann an taighde reatha ar an eolas muid faoin tábhacht a bhaineann le léitheoireacht fhairsing ar son pléisiúir agus chun tacú leis an eispéreas léitheoireachta bunaithe ar shraitheanna grádaithe ar nós “Céim ar Chéim” agus “an Clár Luathléitheoireachta”. Cuirfidh an Roinn maoiniú ar fáil chun cur leis na leabhair mhóra a d’fhoilsigh an tÁisaonad cheana féin agus chun tógáil ar an réimse leabhar atá ar fáil sa Ghaeilge do léitheoirí óga. Moltar go bhforbróidh an Roinn straitéis lena chinntiú go mbeidh leabhair atá de dhíth ar scoileanna agus a chuaigh as cló ar fáil ar bhonn leanúnach.

Oideachas Múinteoirí

- 3.39 Glacfaidh an Roinn Oideachais céimeanna cú chun fianaise a thabhairt, ar bhonn rialta, ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha thíos:
- a. Is iad na múinteoirí an acmhainn is luachmhaire i scoil ar bith agus tá diminsean breise ag baint lena ról mar eiseamláirí sprioctheanga sa tumoideachas. Tá forbairt mhór déanta ó 1995 ar aghaidh nuair a cuireadh tús le soláthar oideachais múinteoirí don earnáil bhunscolaíochta. De réir mar a forbraíodh cláir oideachais múinteoirí (BOid agus PGCE bunscóile), lean na scoileanna de ráta fáis a chruthaíonn éileamh mór ar mhúinteoirí cáilithe ar bhonn leanúnach.
 - b. Déanfar infheistíocht in oideachas tosaigh múinteoirí don earnáil Gaeloideachais, ag tógáil ar an chur chuige i leith oideachas múinteoirí don bhunscolaíocht, lena chinntiú go bhfuil go leor múinteoirí cáilithe ar fáil ar gach leibhéal chun freagairt do riachtanais na scoileanna. Tabharfar aird ar fhás an líonra scoileanna agus ar an ghá atá le múinteoirí buana agus ionadaíochta araon.
 - c. Moltar go n-éileoidh an straitéis ar an Roinn Oideachais, TÉ, soláthar oiliúna tosaigh trí Ghaeilge a chinntiú do mhúinteoirí agus d'fhoireann leorga bhreise a bheidh oiriúnach d'earnáil an Ghaeloideachais agus dóibh siúd a bhaineann le teagasc na Gaeilge, agus go gcuirfear san áireamh an leibhéal forbartha curaclaim agus seirbhísí tacaíochta, agus soláthar foirne leorga a bheidh oiriúnach chun riachtanais na hearnála a chinntiú taobh istigh d'eagrais a bhfuil sainróil reachtúla acu maidir le hoideachas trí Ghaeilge agus teagasc na Gaeilge.
 - d. Cuirfidh an RO maoiniú ar fáil chun PGCE lán-Ghaeilge a phleanáil agus a chur ar fáil don iar-bhunoideachas.
 - e. Déanfar aon tréimhse amháin Ghaeltachta a éascú do mhic léinn lán-Ghaeilge Bhaitsiléir an Oideachais le linn na 4 bliana den chéim chun tacú le forbairt inniúlachtaí teanga agus chun an dea-chleachtas sin a chothú mar chuid d'fhoghlaim ghairmiúil leanúnach ag an mhúinteoir lán-Ghaeilge.
 - f. Cuirfear tacaíocht ar fáil chun cúrsaí gairmiúla a dhearadh agus a sholáthar do mhúinteoirí ranga a chinnteoidh go leanfar den fhorbairt ghairmiúil thaighdebhunaithe a thacóidh le teagasc éifeachtach agus le feabhsú leanúnach. Ina measc sin, beidh cúrsaí Gaeilge don mhúinteoir lán-Ghaeilge, modheolaíochtaí teagaisc sa tumchlár, réimse téamaí a thacóidh le ceannairí foghlama agus planáil teanga do mhúinteoirí sainábhair san iar-bhunscoil agus scileanna aistriúcháin sa scoil lán-Ghaeilge.
 - g. Cuirfear sparánachtaí ar fáil chun cúrsaí a sholáthar do Chúntóirí Ranga lán-Ghaeilge ó thaobh na sprioctheanga agus cleachtais ghairmiúla agus tacaíochta sa tsuíomh lán-Ghaeilge, mar a bhí ar fáil go dtí 2020.
 - h. Cruthófar nasc leis an Ghaeltacht agus le scoileanna Gaeltachta a bhfuil beartais tumoideachais i ngach ceann acu anois ar an bhunleibhéal agus ar an mheánleibhéal.
-

- 3.40 Cuirfear tacaíocht chuí ar fáil d’institiúidí oideachais lena chinntiú go mbainfidh líon cuí múinteoirí cáilíochtaí amach le riar ar éilimh earnáil GS agus theagasc na Gaeilge i scoileanna Béarla. D’fhéadfaí go n-áireofaí leis seo:
- dreasachtaí a thabhairt do mhic léinn lena spreagadh chun céimeanna/cúrsaí a roghnú a bheadh le leas earnáil GS agus teagasc na Gaeilge mar ábhar.
 - go leor ama agus acmhainní a chur ar fáil do mhic léinn oideachais lena líofacht agus cruinneas Gaeilge a fhorbairt agus a choinneáil agus le haird a dhíriú ar an riachtanas leanúnach atá leis seo i bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD) do mhúinteoirí Gaelscoileanna.
 - ardán tacaíochta a chruthú do phríomhoidí/mhúinteoirí sinsearacha/bhainisteoirí le gur féidir leo taithí agus dea-chleachtas a roinnt agus ardscoileanna ceannaireachta a fhorbairt.

An Ghaeilge in Earnáil an Bhéarla - Intreoir

- 3.41 Taobh istigh de trí mhí de theacht i bhfeidhm aon straitéis amach anseo, ullmhóidh an Roinn Oideachais, TÉ, plan oibríochtúil a achoimreoidh an dóigh a ndéanfar teagasc na Gaeilge a leoracmhainniú agus a chur chun cinn san oideachas trí Bhéarla sna hearnálacha faoi chothabháil, faoi rialú agus comhtháite. Le linn an plan seo a ullmhú, déanfaidh an Roinn Oideachais cioradh ar an chleachtas idirnáisiúnta is fearr maidir le teagasc an dara teanga i scoileanna agus déanfaidh sé tagairt dó. San áireamh in aon straitéis amach anseo, beidh cur síos ar ghníomhaíochtaí taighde agus forbartha a dtabharfar fúthu mar thaca le teagasc na Gaeilge, chomh maith le clár scoláireachtaí agus cuidiú eile airgeadais mar thaca le freastal ar dhaltaí a bhfuil an Ghaeilge á teagasc dóibh ar chúrsaí Gaeilge ag coláistí Gaeltachta. Moltar go mbeidh sé mar sprioc ag an phlean an líon daltaí a bheidh ag foghlaim na Gaeilge sna bunscoileanna agus sna iar-bhunscoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla a mhéadú {figiúr le líonadh roimh fhoilsiú na straitéise} faoi 2042.
- 3.42 Cinnteoidh aon straitéis amach anseo go ndéanfaidh an Roinn Fostaíochta agus Foghlama beart diongbháilte chun spreagadh, éascú agus maoiniú cuí a thabhairt d’fhorbairt an bhreisoideachais agus an ghairmoideachais trí Ghaeilge agus do theagasc na Gaeilge mar ábhar sna forais bhreisoideachais agus ardoideachais.
- 3.43 Cinnteoidh aon straitéis amach anseo go ndéanfaidh Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, a cuid coláistí gaolmhara, agus Ollscoil Uladh, beart diongbháilte chun spreagadh, éascú agus maoiniú cuí a thabhairt d’fhorbairt an ardoideachais trí Ghaeilge agus do theagasc na Gaeilge mar ábhar sna forais ardoideachais.
- 3.44 Maidir le teagasc na Gaeilge i scoileanna Béarla, oideachas ar feadh an tsaoil agus oideachas tríú leibhéal, caithfear freastal ar riachtanais na teanga agus an phobail. Caithfear moltaí mionsonracha agus áiseanna cuí a chur ar fáil. Molaimid moltaí POBAL agus an Ghrúpa Oibre,

sa doiciméad Creat Straitéiseach don Ghaeilge⁶⁶ agus moltaí POBAL sa doiciméad, Acht na Gaeilge TÉ: Eisiúint II.⁶⁷

Déanfar riar cuí ar ardú feasachta maidir leis an Ghaeilge sna bunscoileanna / meánscoileanna in earnáil an Bhéarla. San am atá caite, d'éirigh go breá le roinnt tionscnamh leis an Ghaeilge a chur chun cinn i scoileanna Béarla. Ina measc seo, bhí teagasc na Gaeilge mar nuatheanga i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna chomh maith le cúrsaí saibhriúcháin i mbliain 13.

- 3.45 B'úsáideach dá rachadh réimse níos leithne scoileanna ina bhun seo agus é dírithe ar eochairchéimeanna éagsúla, faoi choimirce, b'fhéidir, obair thrasphobail. Tá gach páiste i dteideal tuiscint a bheith aige/aici ar an Ghaeilge sa domhan thart timpeall orthu – ainmneacha, sloinnte, logainmneacha agus raon na Gaeilge ar an Bhéarla anseo.
- 3.46 Tabharfar deis do scoláirí bunscoile agus meánscoile freastal ar chúrsaí tumchónaithe sa Ghaeltacht. Cuirfear béim ar leith ar mhaoiniú do dhéagóirí le freastal ar chúrsaí samhraidh sa Ghaeltacht agus cruthófar deiseanna do pháistí bunscoile blaiseadh a fháil de shaol na Gaeltachta.
- 3.47 Cuirfear tacaíocht ar leith ar fáil do scoileanna in earnáil an Bhéarla leis an Ghaeilge a fhí isteach sa churaclam - múinteoirí cuairte, scéimeanna oiliúna do mhúinteoirí san earnáil agus áiseanna nua-aimseartha a chuirfidh ar chumas na scoileanna ábhar eile (m.sh. corpoideachas nó ceardaíocht) a theagasc trí Ghaeilge.
- 3.48 Bainfear úsáid as féilte Ceilteacha (Imbolc, Bealtaine, Lúnasa agus Samhain) leis an Ghaeilge a fhí isteach sa churaclam agus le ceiliúradh a dhéanamh ar an oidhreacht roinnte sa chuid seo den domhan.

Bunscoileanna (Béarla)

- 3.49 Riarann an Clár Teangacha Bunscoile ar dhaltaí sa Bhonnchéim agus in Eochairchéim 1. Faoi Mheán Fómhair 2013, bhí 91 scoil ag foghlaim Gaeilge tríd an Chlár seo. Táthar ag freastal ar dhaltaí Eochairchéim 2 trí chlár píolótach 4 bliana ina bhfuil 10 mbunscoil i gceantar Dhoire/ an Iar-Thuaiscirt páirteach. Má éiríonn leis an chlár píolótach, ba chóir é a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach do gach scoil atá ag glacadh páirt sa Chlár Teangacha Bunscoile.
- 3.50 Tá CCEA coimisiúnaithe ag RO le creat teagaisc a fhorbairt don Ghaeilge i scoileanna Béarla agus forbrófar oiliúint agus acmhainní le tacú le scoileanna ar mian leo cur chuige comhordaithe a bheith acu i leith theagasc na Gaeilge i scoileanna Béarla.
- 3.51 In 2012/13, rinne daltaí de chuid 6 cinn de na 772 scoil Bhéarla measúnuithe Eochairchéim 2 sa Ghaeilge Chumarsáideach. Ghnóthaigh 86.8% de na daltaí seo leibhéal 4 nó os a chionn.

66 <https://static1.squarespace.com/static/602f79a565837b32cc85cebe/t/61793d81b52a8b6c217b9433/1635335556351/Creat+Strait%C3%A9iseach+++Strategic+Framework+++%C3%89is.pdf>

67 <https://static1.squarespace.com/static/602f79a565837b32cc85cebe/t/61767fd5f3b4c74841c07cd/1635155910841/Acht+na+Gaeilge+Eis+2+Edition.pdf>

- 3.52 Mórspríocanna do na scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla, i. go mbeidh an Ghaeilge á teagasc i {figiúr le líonadh roimh fhoilsiú na straitéise} scoil faoi 2042.
- 3.53 Leanfaidh RO de thacú le húsáid múinteoirí peiripitéiteacha le foghlaim na Gaeilge i mbunscoileanna Béarla a éascú.
- 3.54 Is tábhachtach go bhfásfar agus go bhforbrófar teagasc na Gaeilge in earnáil bhunscolaíochta an Bhéarla. Ba chóir an gá atá le clár forbartha comhtháthaithe Gaeilge i mbunscolaíocht an Bhéarla a bhreithniú. Thar ceann RO, rinne CCEA staidéar féidearthachta lena fháil amach cén tsuim a bhí in ábhair agus tacaíocht teagaisc agus foghlama a sholáthar i gcomhthéacs clár den sórt seo agus tá a gcuid torthaí tuairiscithe acu leis an Roinn.

Iar-bhunscoileanna (Béarla)

- 3.55 Glacfaidh an Roinn Oideachais céimeanna cuí chun fianaise a thabhairt, ar bhonn rialta, ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha thíos:
- a. Is tábhachtach go bhfásfar agus go bhforbróidh teagasc na Gaeilge in earnáil iar-bhunscolaíochta an Bhéarla. Tá titim shuntasach ar líon na n-iarrthóirí teangacha i scrúduithe CCEA agus tá gá le hathbhreithniú ar ról na dteangacha sa churaclam i gcoitinne. Tá ardán oiriúnach de dhíth ar mhúinteoirí le sainghnéithe den tsiollabas agus den chóras measúnachta a phlé ar bhonn rialta le CCEA, go háirithe agus muid ag plé le teanga bheo.
 - b. Tá gá le scéim léitheoireachta do scoláirí iar-bhunscolaíochta.
 - c. In 2012/13, bhí 1,786 iontráil ar TGMO Gaeilge (Irish) ó 82 scoil Bhéarla.
 - d. In 2012/13, bhí 259 iontráil ar A-Leibhéal Gaeilge ó 50 scoil Bhéarla.
 - e. Mórspríocanna do na scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla, i. go mbeidh an Ghaeilge á teagasc i {figiúr le líonadh roimh fhoilsiú na straitéise} scoile faoi 2042 agus {figiúr le líonadh roimh fhoilsiú na straitéise} dalta ag tabhairt faoin Ghaeilge don GCSE agus don A-leibhéal.
 - f. Go mbeidh {figiúr le líonadh roimh fhoilsiú na straitéise} dalta ag fáil scoláireacht Ghaeltachta sa bhliain faoi 2042.

Oideachas Tríú Leibhéal

- 3.56 Caithfear soláthar Gaeilge a neartú agus a leathnú in institiúidí tríú leibhéal agus cúrsaí a chur ar fáil ar leibhéal éagsúla laistigh den chóras sin - ó chúrsaí réamhchéime go cúrsaí iarchéime. Déanfar leathnú ar na roghanna cúrsaí trí Ghaeilge m.sh forbairt ar chomhchéimeanna le Gaeilge san áireamh. Cuirfear tacaíocht ar fáil do na hollscoileanna, i bhfoirm sparánachtaí, chun bealaí a chur ar fáil do phroifisiúnaigh ardscoileanna cumarsáide a fhoghlaim a chuirfidís in úsáid ina saol oibre, lena chinntiú go mbeidh an Ghaeilge in úsáid in earnálacha eile seachas oideachas amháin agus a chuirfeadh le stádas na Gaeilge sa tsochaí i gcoitinne. Leagfar béim ar chothú na Gaeilge i measc na foirne agus tabharfar deis do mhic léinn tacaíocht a thabhairt don fhoireann lena gcuid scoileanna Gaeilge a fhorbairt trí ranganna agus trí sheisiúin feasachta rialta le linn an téarma. Cruthófar deiseanna don fhoireann le freastal ar chúrsaí Gaeltachta mar chuid den fhorbairt ghairmiúil agus phearsanta.
- 3.57 Ba chóir go mbeadh oibleagáid ar institiúidí tríú leibhéal plean teanga don Ghaeilge a bheith acu ar aon dul le hinstitiúidí sa Bhreatain Bheag agus in Albain. Déanann na pleananna seo an teanga a chur chun cinn sa churaclam, i bhfoilseacháin agus in imeachtaí agus déantar an teanga infheicthe ar bhonn comhsheasmhach. Déanann siad an teanga a chur chun cinn i saol agus in imeachtaí laethúla na hinstitiúide. I dtaca le cúrsaí earcaíochta de, bheadh dualgas ar an institiúid daoine a bhfuil hardscileanna teanga acu a cheapadh a bheadh oiriúnach don phost. Bíodh na pleananna foilsithe agus ar fáil d'fhoireann agus do mhic léinn araon.
- 3.58 Bheadh 'Bord Gaeilge' dá cuid féin ag institiúid tríú leibhéal (ar aon dul leis an mhúnla atá ann i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh agus in institiúidí eile) mar chuid de struchtúr na hinstitiúide, le hoifigeach lán-aimseartha agus an bord freagrach as plean na hinstitiúide i leith na Gaeilge a chur i bhfeidhm. Bheadh neamhspleáchas ag an bhord agus chaithfí leis mar chuid de ghobharnóireacht na hinstitiúide. Bheadh acmhainn go leor ag an bhord le bheith in ann beartais a mhúnlú le cur chun cinn na Gaeilge a fhorbairt ar láithreacha éagsúla na n-institiúidí.
- 3.59 Tá gá le tacaíocht ar leith maidir le tumchónaí Gaeltachta do mhic léinn tríú leibhéal agus ba chóir go mbeadh maoiniú ar fáil do mhic léinn le seimeastar a chaitheamh sa Ghaeltacht mar chuid den chúrsa céime.
- 3.60 Ba chóir go mbeadh timpeallacht lán-Ghaeilge ar fáil do mhic léinn a bhfuil Gaeilge acu (idir mhic léinn na Gaeilge agus mhic léinn a bhfuil cúrsaí eile ar bun acu) le go mbeadh eispéireas foghlama trí Ghaeilge acu ar bhonn sóisialta agus cónaithe. Moltar ionad cónaithe do mhic léinn a bhfuil Gaeilge acu i mBéal Feirste agus i nDoire. D'fhéadfaí comhphobal beo a chruthú (imeachtaí cultúrtha, imeachtaí sóisialta, seimineáir agus eile) agus mic léinn a fhostú in ionaid chultúrtha mar chuid dá gcúrsa léinn.

- 3.61 Caithfear freagairt chuí don éileamh ar oideachas tríú leibhéal trí mheán na Gaeilge a chinntiú. Is den ríthábhacht cláir Ghaeilge d'aosaigh, cúrsaí Gaeilge idir lánaimseartha agus pháirtaimseartha a chuirfidh leis na riachtanais a bhaineann le forbairt teanga agus riachtanais an mhargaidh shaothair agus ba chóir leanúint dá gcur ar fáil tríd an oideachas tríú leibhéal (m.sh. Roinn na Gaeilge agus Roinn an Léinn Cheiltigh in Ollscoil Uladh agus Ollscoil na Banríona). Ba chóir cláir agus cúrsaí den chineál seo a dhreasú le mic léinn a mhealladh a bhfuil cumas iontu, rud a bheadh le leas phobal na Gaeilge, atá ag méadú leis.
- 3.62 Tabharfar tacaíocht chuí chun bonn taighde a dhaingniú atá beacht dian, é fréamhaithe i dtaighde feidhmeach, a chuirfeadh le rannpháirtíocht phobail; oideolaíocht i dtaca le hoideachas lán-Ghaeilge, agus a chuirfeadh bonn faoi forbairt beartais agus cleachtais Gaeilge ar leibhéal rialtais, institiúideach agus sochaí agus a thabharfadh deis chun cleachtas agus beartais ab éifeachtúla a bheith ann. Chothódh sé seo agus neartódh sé rannpháirtíocht phobail le sciarshealbhóirí Gaeilge trí mhalartú eolais agus trí chláir thionchair.
- 3.63 Déanfaidh an Feidhmeannas ciste tacaíochta agus forbartha cuí a chur ar fáil d'Iontaobhas na Gaelscolaíochta lena chinntiú go mbeidh scoileanna úra ábalta oibriú i gceart i dtreo inbhuanaitheachta agus go ndéanfar freastal ceart ar nua-thosaíochtaí Gaeloideachais ar leibhéal áitiúil.

4. Moltaí an PCS do Sheachadadh na Teanga sa Teaghlach – Idirghabháil Luath

Comhthéacs:

- 4.1 Ar fud an domhain, táthar ag aithint, níos mó ná riamh, gur de chroí na ceiste an seachadadh teanga agus gur gá é a fhiosrú má tá teangacha neamhfhorleathana ar nós na Gaeilge le teacht slán. Is gné thábhachtach é an seachadadh teanga sa bhaile sa phróiseas pleanála teanga agus is bunchloch dhúshraithe thábhachtach é sna hiarrachtaí le líon na gcainteoirí líofa Gaeilge a mhéadú.⁶⁸

Moltaí

- 4.2 Molann an PCS go gcuirfear comhairle, treoir agus acmhainní ar fáil do theaghlach ina labhraíonn na tuismitheoirí Gaeilge chun cabhrú leo agus iad a chumasú lena gcuid páistí a thógáil le Gaeilge nó go dátheangach, go háirithe mura bhfuil an teanga ach ag duine amháin. Molann an PCS gur chóir breathnú ar thaithí ar fud na hÉireann (Údarás na Gaeltachta, Glór na nGael agus Tuismitheoirí na Gaeltachta), na Breataine Bige agus na hAlban le heolas a sholáthar ar úsáid na Gaeilge sa teaghlach.
- 4.3 Molann an PCS go gcuirfear pacáiste tacaíochta agus feasachta ar fáil do thuismitheoirí úra a dhíríonn ar na buntáistí a bhaineann leis an dátheangachas, leis an Ghaeilge sa teach agus leis an Ghaelscolaíocht a roghnú. Molann an PCS gur cheart na pacáistí seo a chur ar fáil ón phointe is luaithe idirghabhála trí thairiscint ghníomhach.
- 4.4 Molann an PCS go gcuirfear tuismitheoirí ar an eolas faoi na buntáistí eacnamaíochta, fostaíochta agus oideachais a bhaineann le Gaeilge a labhairt lena gcuid páistí. Molann an PCS go ndéanfar seo ach feachtas feasachta digiteach, traidisiúnta agus cruthaitheach a chur chun cinn.
- 4.5 Molann an PCS go ndéanfar pacáiste tacaíochta a chur ar fáil do thuismitheoirí a roghnaíonn Gaeilge a thabhairt dá gcuid páistí ón chliabhán, mar shampla, sparánacht ar fiú an gnáththurastal náisiúnta a bheith ar fáil do thuismitheoir a roghnaíonn fanacht sa bhaile le rochtain teanga a thabhairt do leanbh/leanaí nó sparánacht a bheith ar fáil le go mbeadh rogha ag tuismitheoirí a gcuid páistí a chur isteach ar chúram lae lán-Ghaeilge.
- 4.6 Molann an PCS go ndéanfar bearta le tuismitheoirí a bhfuil Gaeilge acu a spreagadh chun Gaeilge a labhairt lena gcuid páistí, lena n-áirítear:

68 Rialtas na hÉireann, Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, Leathanach 21 | Government of Ireland, 20-Year Strategy for the Irish Language 2010-2030, Leathanach 21

- feasacht a ardú i measc lucht déanta beartas, fostaithe san earnáil phoiblí, tuismitheoirí, daoine atá ag dúil le bheith ina dtuismitheoirí agus i measc an phobail i gcoitinne faoi bhuntáistí an dátheangachais. Mar shampla, cúrsaí a chur ar fáil do thuismitheoirí páistí ‘tumoideachais’ agus páistí atá ag gabháil do chlár foghlama Gaeilge ar scoil;
- teachtaireacht bhuntáistí an dátheangachais a phríomhshruthú in obair gach seirbhíse baintí poiblí, mar shampla, na seirbhísí sláinte agus sóisialta a thugann comhairle do thuismitheoirí úra;
- a chinntiú go bhfuil foireann dhea-oilte, íoctha i gceart, dhea-cháilithe ar fáil d’ionaid chúraim agus ‘tumoideachais’ luathbhlianta; mar aon le breis naíolanna agus naiscoileanna a chur ar fáil le tacaíocht straitéiseach oifigiúil ón Stát;
- cur chuige ceantarbhunaithe a fhorbairt maidir leis na ceantair sin ina bhfuil pobail Ghaeilge nó ina bhfuil siad á bhforbairt, a thacódh le seachadadh na Gaeilge sa teaghlach. Mar shampla, rochtain réamhscoile ar sheirbhísí cúraim leanaí trí mheán na Gaeilge sna ceantair sin ina bhfuil pobail a úsáideann Gaeilge bunaithe nó ag fás; agus soláthar a chur ar fáil in áiteanna a bhféadfadh éileamh a bheith ann amach anseo;
- clár tacaíochta ar leith do mháithreacha a bhfuil páistí nuabhreithe acu le cuidiú leo Gaeilge a labhairt leis an bhabaí ón tús;
- tacú le hathrú patrúin teanga teaghlaigh ina labhraíonn tuismitheoir amháin Gaeilge, sa dóigh go méadófar líon na bpáistí a labhraíonn idir Ghaeilge agus Bhéarla sa bhaile;
- scéimeanna a bhunú agus a mhaoiniú agus a phoibliú go sásúil, le cuidiú nó le tacú le teaghlaigh a labhraíonn Gaeilge sa bhaile nó ar mian leo Gaeilge a labhairt ann, lena n-áirítear scéimeanna nuair nach bhfuil Gaeilge ach ag tuismitheoir amháin sa bhaile nó nach bhfuil Gaeilge ag tuismitheoir ar bith;
- níos mó úsáide a bhaint as meáin nua shóisialta le feasacht a ardú agus le rochtain a éascú ar na hábhair agus na hacmhainní uilig a bhaineann leis an Ghaeilge; agus
- tuilleadh taighde a dhéanamh ar cheisteanna faoi sheachadadh na teanga sa bhaile; m.sh. na fáthanna a dtógann roinnt cainteoirí Gaeilge a gcuid páistí leis an teanga ach go bhfuil go leor eile nach dtógann.

4.7 Molann an PCS gur chóir cúrsaí foghlamtha teanga a fhorbairt le riar ar thuismitheoirí atá ag tacú le foghlaim a gcuid páistí sa GS. Tugann Clár na Scoileanna Sínte tacaíocht do na scoileanna siúd, trí chnuasghrúpaí áitiúla na Scoileanna Sínte ina mbíonn siad ag feidhmiú, le cláir a sholáthar a dhíríonn ar mhealltacht na Gaeilge i scoileanna agus i bpobail a leathnú. Is ar chaighdeán a ardú agus ar fhorbairt scoileanna Gaeilge tuismitheoirí le gur fearr a thig leo tacú le foghlaim a gcuid páistí atá príomhfhócas an Chláir.

5. Moltaí an PCS don Ghaeilge agus an Pobal

Comhthéacs

- 5.1 Áirítear le bunphrionsabail agus bunchuspóirí Chuid II den Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, aitheantas do theangacha réigiúnacha nó mionlaigh mar shlí a gcuirtear saibhreas cultúrtha in iúl agus an gá atá le beart daingean le teangacha den tsórt seo a chur chun cinn. Moltar fosta i gCuid II cur chun cinn na comhthuisceana idir gach grúpa teanga sa tír.⁶⁹ Is tábhachtach go ndéantar bearta le tacaíocht agus glacadh a ghnóthú don Ghaeilge i ngach cuid den phobal. Chomh maith leis sin, áfach, is ga dul i ngleic le claontacht agus caoinfhuilíngt agus feasacht faoin Ghaeilge a chur chun cinn.
- 5.2 Saináithnítear i dTosaíocht 4 de Chlár Rialtais 2011-2015 an Fheidhmeannais Straitéis don Ghaeilge mar bhunchloch dhúshraithe le ‘pobal láidir, comhroinnte a chothú’. Liostaítear sa Chlár Rialtais caidreamh a chothú idir pobail mar fhócas i dTosaíocht 4 agus aithnítear sa tuairisc seo go bhfuil dúshláin ar leith ag baint le cur chun cinn na Gaeilge sa phobal Phrotastúnach, Aontachtach, Dhílseach (PUL).

Moltaí

- 5.3 Sa dréacht-Chlár Rialtais 2016-2021, tugadh gealltanais éagsúla maidir leis an tsochaí, leis an éagsúlacht, leis an tsláinte agus leis na seirbhísí poiblí. Molann an PCS gur cheart gurbh ionann na gealltanais sin do shaoránaigh a roghnaíonn saol trí Bhéarla agus a roghnaíonn saol (agus oideachas) trí Ghaeilge.

I measc na mór-spriocanna bhí:

We are a shared society that respects diversity

We have a more equal society

We give our children and young people the best start in life (lch 12.)

I measc na bpríomhtháscairí a bhí luaite chun dul chun cinn na spriocanna a thomhais⁷⁰, bhí:

12. Reduce educational inequality

13. Improve the quality of education

14. Improve the skills profile of the population

27. Improve cultural participation

⁶⁹ European Charter for Regional or Minority Languages, Article 7 Objectives and Principles

⁷⁰ <https://www.northernireland.gov.uk/consultations/draft-programme-government-framework-2016-21-and-questionnaire>

31. Increase shared space

35. Increase reconciliation

- 5.4 Molann an PCS go dtabharfaidh gach roinn rialtais faoi na cúraimí agus na freagrachtaí a bhaineann leis na míreanna thuas agus sa tuairisc seo ina hiomláine.
- 5.5 Molann an PCS go gcuirfear réimse beart i bhfeidhm, leis na hacmhainní cuí, le:
- dearcthaí dearfacha ar an Ghaeilge a chothú i ngach cuid den phobal agus níos mó caoinfhulaingthe, tuisceana agus teagmhála leis an teanga a chothú;
 - aitheantas a ghnóthú ó líon suntasach daoine ó gach pobal, idir reiligiúnach agus pholaitiúil, gur gné thábhachtach í an Ghaeilge i gcomhoidhreacht an phobail ar fad;
 - réamhthuirimí diúltacha a laghdú agus tuiscint agus caoinfhulaingt faoin Ghaeilge agus lucht a labhartha a chur chun cinn trí fhócas ar leith, ach chan go hiomlán, ar an phobal PUL;
 - tacú le tionscnaimh chun feasacht, tuiscint, caoinfhulaingt agus foghlaim Gaeilge a mhéadú i réimsí a bhaineann, den chuid is mó, leis an phobal PUL; agus
 - tacú le pobail nua, idir inimircigh agus dhaoine ó mhionlaigh eitneacha fhadlonnaithe.
- 5.6 Luaitear sa Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh gur cheart go mbeadh dualgas ar údarais áitiúla dul i ngleic le leatrom, le tuairimí cúlchémnitheacha agus le leithcheal. Molann an PCS go n-oibreofar ar aon straitéis amach anseo le feachtais dhearfacha teanga a fheidhmiú, a chuirfidh i gcoinne tuairimíochta agus beartas leatromach, leis an tsaineolas chuí idirnáisiúnta maidir le hathbheochan mionteangacha a chur chun cinn.
- 5.7 Le dul i ngleic le claontacht agus caoinfhulaingt agus feasacht faoin Ghaeilge a chur chun cinn, molann an PCS:
- a. Gníomh dearfach: tionscnaimh chun dul i ngleic leis an chlaontacht agus chun an chomhthuiscint a chur chun cinn;
 - b. Beartais níos leithne: a chinntiú nach mbíonn freagairtí i leith na teanga ag teacht salach leis an sprioc seo; agus
 - c. Déanfaidh an Roinn Pobal, i gcomhar leis an gCoimisinéir Gaeilge agus an Coimisiúin um Chearta an Duine, iniúchadh taobh istigh de 6 mhí d'fheidhmiú na straitéise agus go bliantúil ina dhiaidh sin ar an bhealach a bhfuil na dlíthe frithleatrom / frithsheicteachais / frithchiníochais á gcur i bhfeidhm nó nach bhfuil siad á gcur i bhfeidhm i gcomhthéacs na Gaeilge de.

Pleanáil don Ghaeilge

- 5.8 Is tábhachtach go gcruthaítear dálaí áitiúla inar féidir rath a bheith ar an Ghaeilge mar theanga bheo agus í a fhorbairt mar theanga roghnaithe ag réimse pobal Gaeilge bheo, bríomhar, inbhuanaithe, dátheangach. Is cuidiú iad an Straitéis don Ghaeilge 2010-2030
-

de chuid Rialtas na hÉireann agus an tAcht Gaeltachta 2012 le heolas a chur ar fáil d'aon straitéis amach anseo chun í a fhorbairt ach is é is aidhm do Réimse Gnímh na Gaeilge agus an phobail díriú ar a gcaithfear a dhéanamh lena chinntiú go léireoidh pleanáil don Ghaeilge riachtanais áitiúla teanga.

- 5.9 Beidh tionchar dearfach ag feidhmiú céimneach Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 de chuid Rialtas na hÉireann agus an tAcht Gaeltachta 2012 ar thorthaí Gaeilge áitiúla maidir leis an Ghaeilge a fheabhsú agus a fhorbairt. Mar shampla, na líonraí pobail Ghaeilge, grúpaí áitiúla Gaeilge atá ag glacadh páirte sna scéimeanna forbartha pobail de chuid Foras na Gaeilge. Molann an PCS go ndéanfar na scéimeanna seo ar fad a fhorbairt agus a mhaoiniú go sásúil de réir éileamh agus riachtanas an phobail áitiúil.
- 5.10 Ba chóir a chur san áireamh an áit a mbíonn Gaelscoil, bíonn pobal thart air. Molann an PCS an gá atá ann gníomhú ar an phleanáil le pobail teanga a chruthú thart ar Ghaelscoileanna trí imeachtaí agus trí ghréasánú.
- 5.11 Tá béim i gComhaontú Aoine an Chéasta agus comhaontuithe ina dhiaidh sin ar an Ghaelscolaíocht. Tá seo thar a bheith tábhachtach ach ní thig a bheith dall go bhfuil na mílte daltaí ag foghlaim na Gaeilge sa chóras thraidisiúnta Béarla. Múintear an Ghaeilge chuig caighdeán ard i roinnt scoileanna dara leibhéal. Molann an PCS gur cheart iarracht ar leith a dhéanamh seirbhísí a chur ar fáil do na daltaí/teaghlaigh sin agus iad a thabhairt isteach i líonra teanga.
- 5.12 Molann an PCS go dtabharfar tacaíocht le “nascadh” a dhéanamh idir pobail sna Sé Chontae agus pobail Ghaeltachta.

Pleananna Áitiúla don Ghaeilge

- 5.13 Molann an PCS gur chóir gurbh é aidhm plean áitiúil teanga muintir na háite agus grúpaí poiblí/deonacha a tharraingt le chéile le húsáid na Gaeilge a éascú. Is féidir é seo a dhéanamh ach comhordú agus feasacht phoiblí a mhéadú ar thionscnaimh agus ar ghníomhaíochtaí reatha Gaeilge.
- 5.14 Is é a mholann an PCS a dhéanfaidh pleananna áitiúla Gaeilge:
- dálaí sóisialta a chruthú ina gcothófar dearcthaí dearfacha ar an Ghaeilge agus a húsáid ghinearálta a mhéadú.
 - úsáid na Gaeilge a phríomhshruthú mar mheán cumarsáide sóisialta agus institiúideach.
 - béim a chur ar an dlúthbhaint idir an Ghaeilge agus dearcthaí a bhaineann le ceisteanna chaighdeán na beatha, na timpeallachta agus an gheilleagair áitiúil.
 - go mbunófar na pleananna teanga ar na réimsí aitheanta faoin phleanáil teanga féin. Déanfar na pleananna teanga a mhaoiniú mar is cuí agus thar shaolré an phlean agus díreofar ar na príomh-spriocanna; líon na gcainteoirí áitiúla a fhás, líon na soláthróirí oideachais, ealaíne, gnó srl. a fhás, líon na ndeiseanna úsáidte Ghaeilge a ardú, srl.

- tacófar, le comhairle agus maoiniú cuí, le fóraim agus grúpaí áitiúla Gaeilge agus déanfaidh an Roinn Pobal teagmháil éifeachtach, rialta leo, agus comhordú leis na ranna eile, chun deiseanna forbartha, mar aon le bearnaí ar bith a phlé.
- cruthóidh an Roinn Pobal fóram cúigeach do phleananna teanga áitiúla agus roinnfear dea-chleachtas eatarthu. Dá bharr sin, leagfar síos mórspriocanna cúigeacha, agus déanfar forbairt ar phleananna áitiúla.

- 5.15 Molann an PCS gur chóir gurbh é aidhm plean áitiúil teanga muintir na háite agus grúpaí poiblí/deonacha a tharraingt le chéile le húsáid na Gaeilge a éascú. Is féidir é seo a dhéanamh ach comhordú agus feasacht phoiblí a mhéadú ar thionscnaimh agus ar ghníomhaíochtaí reatha Gaeilge.
- 5.16 Molann an PCS gur chóir go dtiocfadh torthaí amhail fás ar líon na gcainteoirí áitiúla Gaeilge, líon na dteaghlach a bheadh ag tógáil a dteaghlach trí Ghaeilge, ardú agus fás ar sholáthar Gaelscolaíochta agus ar sholáthar na Gaeilge mar ábhar i scoileanna eile agus ar thionscnaimh agus ar dheiseanna úsáidte teanga de bharr feidhmiú pleananna áitiúla Gaeilge. Ba chóir go léireodh torthaí eile an Ghaeilge a bheith á húsáid níos mó taobh amuigh den scoil – i gcúrsaí spóirt agus fóillíochta, san ionad oibre, i leabharlanna, tríd an fhoghlaim i measc daoine fásta agus trí ghníomhaíochtaí pobail eile.
- 5.17 Díríonn dhá eagraíocht de chuid Cheanneagraíochtaí Fhoras na Gaeilge ar (i) fhorbairt deiseanna agus gréasáin úsáidte teanga, agus (ii) ardú feasachta teanga, ina mbíonn ról ar leith acu maidir le páistí agus daoine óga a spreagadh chun a gcuid Gaeilge a fheabhsú agus iad rannpháirteach i ngníomhaíochtaí ábhartha taobh amuigh den tseomra ranga. Molann an PCS go gcuirfidh na ranna cuí go leor acmhainní ar fáil le ceardlanna saor in aisce a chur ar fáil maidir leis na deiseanna fostaíochta, oideachais agus sóisialta atá ann leis an Ghaeilge, mar a bhíonn á dhéanamh ag Conradh na Gaeilge leis an tseó bóthair.

Tionscnaimh Áitiúla Ghaeilge

- 5.18 Déanfar pleananna teanga a pháirtsholáthar trí thionscnaimh theanga a fhorbrófar le pobail agus gréasáin inbhuanaithe úsáidte Gaeilge a chothú agus a chruthú. Is i bpobail a bhfuil bunmhais chriticiúil bainte amach acu (i. áit a bhfuil go leor cainteoirí Gaeilge ina gcónaí, ag obair agus ag úsáid seirbhísí) a bheidh na tionscnaimh seo le hinbhuanaitheacht tionscadal pobail agus le tacaíocht stáit a chinntiú don Ghaeilge. Molann an PCS go gcuirfear san áireamh, sna tionscadail seo, saoráidí cúraim leanaí trí mheán na Gaeilge; aonaid agus scoileanna GS; cumainn óige Ghaeilge agus seirbhísí Gaeilge ábhartha eile m.sh. grúpaí máithreacha agus tachrán.
- 5.19 Molann an PCS go dtabharfaidh Foras na Gaeilge, i gcomhar leis an Roinn Pobal, tacaíocht sásúil agus leanúnach do thionscnaimh phleanála teanga, ar nós Scéim na Líonraí Gaeilge agus Scéim Forbartha na Líonraí Gaeilge. Déanfar acmhainní agus tacaíocht a chur ar fáil a fhreastalóidh ar riachtanais agus ar éilimh an phobail áitiúil. Amharctar ar an obair seo mar chuid lárnach riachtanach den obair athbheochana phobalbhunaithe.
-

- 5.20 Molann an PCS go leanfaidh Foras na Gaeilge, fosta, de thacú le hoifigigh Ghaeilge taobh istigh de chomhairlí áitiúla agus is tábhachtach go bhforbrófar agus go gcuirfear le ról na n-oifigeach seo; go deimhin, maidir leis na ceantair chomhairle sin nach bhfuil oifigigh Ghaeilge ceaptha go fóill acu, is tábhachtach go rachfar ina cheann seo, go háirithe i gcomhthéacs soláthair seirbhísí Gaeilge i ndiaidh leasú rialtais áitiúil. Molann an PCS go gcinnteoidh Foras na Gaeilge go gcuirfidh siad comhairle agus saineolas ar fáil i gcónaí do na húdaráis áitiúla ar aon cheist a bhaineann leis an Ghaeilge nó ar aon cheist a bhféadfadh impleachtaí a bheith aici ar an Ghaeilge. Molann an PCS go mbunófar Fóram do na hOifigigh Ghaeilge laistigh de chomhairlí áitiúla agus go n-eagrófar comhimeachtaí traschomhairle Gaeilge i rith na bliana idir grúpaí Gaeilge, SPGS agus líonraí Gaeilge.
- 5.21 Molann an PCS go mbunófar ‘siopaí pobail ilearraí’, faoi chomhordú na Roinne Pobal le:
- comhairle a thabhairt do thuismitheoirí nua ar mian leo a bpáistí a thógáil go dátheangach;
 - comhairle a thairiscint ar an réimse deiseanna oideachais Gaelscolaíochta atá ar fáil;
 - cuidiú le forais phoiblí agus dheonacha ar mian leo cur leis an méid Gaeilge a úsáideann siad; agus
 - gnólachtaí ar mian leo seirbhís dhátheangach a thairiscint dá gcustaiméirí, ag úsáid Gaeilge agus Béarla araon, a spreagadh. B’fhiú scéim nua Ghlór na nGael ‘GRADAIM’ a chur san áireamh anseo.
- 5.22 Molann an PCS go ndíreofar tionscnaimh áitiúla teanga ar phaistí agus ar dhaoine óga go háirithe agus deiseanna foghlama agus sóisialta a sholáthar nó a fheabhsú lena gcuid Gaeilge a úsáid taobh amuigh den tseomra ranga i réimse gníomhaíochtaí cultúrtha, sóisialta, fóillíochta agus spóirt.
- 5.23 Molann an PCS go gcuirfidh an Roinn chuí scéim phoiblí ar bun a thabharfaidh tacaíocht airgeadais agus chomhairleach ón Rialtas/ ó Fhoras na Gaeilge do ghnóthaí agus d’fiontraithe ar mian leo an Ghaeilge a úsáid, amhail an scéim Gnó le Gaeilge de chuid Fhoras na Gaeilge. Molann an PCS go ndéanfar poiblíocht chuí ar an scéim, agus go gcuirfear maoiniú ceart agus tacaíocht leanúnach ar fáil.
- 5.24 Molann an PCS go gcuirfear líonraí éifeachtacha ar bun do na gnóthaí sin a bhfuil Gaeilge acu agus go dtacófar le margaíocht agus poiblíocht na ngnóthaí sin. Molann an PCS go dtabharfar deontais shásúla do na gnóthaí agus do na fiontraithe le Gaeilge.

Foghlaim Teanga d’Aosaigh

- 5.25 Molann an PCS gur gá cur chuige comhordaithe a bheith ann i leith soláthar cúrsaí Gaeilge san earnáil foghlama teangacha d’Aosaigh.
- 5.26 Sainaitníodh go dtiocfadh le hAcadamh Gaeilge cur leis an phróiseas seo.

Acadamh Gaeilge

5.27 Ag deireadh 2013, choimisiúnaigh RCEF staidéar féidearthachta ar an ghá atá le hAcadamh Gaeilge agus an ról a d'fhéadfadh a bheith aige. Deimhníodh sa staidéar go mbeadh Acadamh le leas na Gaeilge, mar shampla go bhféadfadh sé tabhairt faoi cheisteanna a bhaineann le:

- mar a fhoghlaimíonn agus a úsáideann daoine fásta an Ghaeilge;
- soláthar breise gairmchúrsaí a fhorbairt i gcomhar le Gaelchúrsaí;
- pleanáil teanga áitiúil don Ghaeilge agus úsáid Ghaeilge Uladh;
- hinfhaighteacht agus costas cúrsaí agus acmhainní;
- ceannasaíocht don Ghaeilge; agus
- forbairt eacnamaíochta agus fostaíochta.

5.28 In 2015, rinneadh staidéar scóipe nua ar son na Roinne Pobal agus thacaigh sé leis na moltaí seo arís eile.

5.29 Molann an PCS go dtabharfaidh an Roinn Pobal faoin obair le hAcadamh Gaeilge a bhunú.

5.30 Molann an PCS go mbunófar cúrsaí Gaeilge bunaithe ar an Fráma Tagartha Comónta Eorpach le comóntacht a chinntiú idir gradaim a bhaineann le foghlaim na Gaeilge. Beidh seo mar bhuntáiste is mó, de réir a chéile, don fhoghlaiméir ó thaobh fostaíochta de.

An Earnáil Dheonach

5.31 Molann an PCS gur chóir ról a bheith ag an earnáil áitiúil dheonach i bhforbairt pleananna agus tionscnamh áitiúil inbhuanaithe ardchaighdeáin. Ba chóir do ghrúpaí pobail agus d'eagraíochtaí áitiúla cultúrtha agus spóirt a bheith páirteach fosta. Is gá deis a thabhairt don earnáil dheonach ionchur a bheith aici ar bheartais ar an leibhéal ábhartha agus ba chóir tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí agus do pháirtithe leasmhara ar mian leo cuidiú a thabhairt i leith fheabhsú, chosaint agus fhorbairt na Gaeilge ar bhonn áitiúil. Molann an PCS go ndéanfar seo agus fóram nua pobail cruthaithe faoi choimirce na Roinne.

Abhcóideacht sa Phobal

5.32 Maidir le pleanáil áitiúil, leagtar béim agus freagracht ar phobal na Gaeilge agus ar oibrithe deonacha amháin. Ní bhíonn seirbhísí stáit ná freagrachtaí stáit luaite agus is laige mhór í seo. Beidh abhcóideacht láidir agus comhordú cuí de dhíth ón Cheanneagraíocht a bhíonn freagrach as abhcóideacht i gcomhar le heagraíochtaí eile san earnáil dheonach Ghaeilge. Molann an PCS go gcuirfear na hacmhainní cuí ar fáil le tacú leis an abhcóideacht seo.

5.33 Fáiltítear roimh aitheantas ar an mhórbair atá ar siúl ag pobal na Gaeilge fud fad an tuaiscirt ach níor chóir tacaíocht a theorannú go ceantair ar leith. Molann an PCS go gcaithfear freastal ar phobal na Gaeilge cibé áit a bhfuil sé. Is iomaí gréasán agus 'póca' Gael atá ann. Chomh

maith leis sin, bíonn gréasáin éagsúla Gael i dteagmháil ar bhealaí éagsúla, agus bheadh buntáistí le radharc is leithne ná an radharc ar bhonn tíreolaíochta amháin.

Ionaid Acmhainní

5.34 Molann an PCS go dtabharfar tacaíocht do cheantair áitiúla ina bhfuil mais chriticiúil de chainteoirí Gaeilge agus iad a spreagadh le forbairt sainionaid acmhainní Gaeilge. D’fheadfaí go gcuimseofaí, in ionaid den tsórt seo, spás amharclainne, siopaí caife agus bialanna, siopaí leabhar, oifigí d’eagraíochtaí Gaeilge, ionaid idirlín, ábhair stairiúla, seomraí cruinnithe agus comhdhála, ionaid taispeántais agus aonaid tionscnamh taighde agus forbartha. Molann an PCS go ndéanfar seo agus na hacmhainní cuí a chur ar fáil le haghaidh Scéim Lárionad Gaeilge agus, Chiste Infheistíochta Gaeilge agus Ghréasán na Lárionad Gaeilge.

An Ghaeilge agus na hEalaíona

- 5.35 Tá Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann (ACNI) ag aithint ealaíona Gaeilge le tamall anuas agus bíonn siad ag tacú leo mar ghnéithe beo dár n-oidhreacht chultúrtha áitiúil. Molann an PCS go dtacófar le gníomhaíochtaí ACNI agus Polasaí Ealaíon Teanga, a bhfuil Iniúchadh agus Anailís ar Riachtanais Ealaíona Gaeilge agus Ultaise (2003) mar bhonn agus mar thaca faoi chomh maith le tuarascáil chomhairliúcháin earnála, *The Arts of Irish* (2005). Molann an PCS go bhforbróidh ACNI straitéis faoi leith Ghaeilge do na healaíona, don litríocht agus don chruthaitheacht maidir le tábhacht fhoriomlán na Gaeilge. Molann an PCS go gcuirfear na hacmhainní cuí ar fáil le hé seo a fhorbairt agus an straitéis á cur i bhfeidhm.
- 5.36 Tá stair shuntasach filíochta agus phróis sa Ghaeilge agus is comhartha é táirgeadh litríochta den tsórt seo gur teanga bheoga í a chuireann le léann, le cruthaitheacht agus le buanú na Gaeilge sa tsaol dhomhandaithe. Molann an PCS go dtacófar le ról na n-ealaíon agus na cruthaitheachta i gcomhthéacs na filíochta, an phróis, na scéalaíochta, na drámaíochta, an cheoil, na hamhránaíochta agus an damhsa i bhfriotal na Gaeilge agus iad a fhorbairt. Nuair a chuirtear san áireamh an ríthábhacht atá le páistí agus le daoine óga má bhíonn an Ghaeilge le maireachtáil, molann an PCS go gcuirfear béim ar imeachtaí agus ar ghníomhaíochtaí ealaíne Gaelscolaíochta ina mbeidh páistí agus daoine óga i láthair agus páirteach.
- 5.37 Bearna aitheanta in earnáil na Gaeilge is ea an gá atá le tacú le healaíontóirí aonair a bhíonn ag obair trí mheán na Gaeilge, m.sh. scríbhneoirí, ceoltóirí agus scéalaithe. Molann an PCS go gcuirfidh Foras na Gaeilge úsáid na Gaeilge chun cinn sna healaíona agus go ndéanfar seo i gcomhpháirt le forais ar nós ACNI lena fháil amach cad é a d’fheadfaí a dhéanamh le tacú le hobair ealaíontóirí Gaeilge agus í a chur chun cinn. Molann an PCS go ndéanfar seo ach iniúchadh a dhéanamh agus scéim nua tacaíochta a bhunú d’ealaíontóirí aonair a bhíonn ag obair trí mheán na Gaeilge.

6. Moltaí an PCS don Óige

Úsáid na Gaeilge Taobh Amuigh den Scoil

- 6.1 D’ainneoin an-tábhacht a bheith leis an chóras fhoirmiúil oideachais le forbairt na Gaeilge a fheabhsú agus a chosaint, is den riachtanas soláthar óige taobh amuigh den tseomra ranga má táthar leis an Ghaeilge a athbheochan. Moltar i Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 de chuid Rialtas na hÉireann, “[gurb] é an tátal a bhaintear as iarrachtaí athneartaithe teangacha ar fud an domhain go bhfuil sé thar a bheith riachtanach beocht a chur sa Ghaeilge lasmuigh den seomra ranga i gcás na ndaoine óga atá á foghlaim sa chóras oideachais foirmiúil”. Molaimid go dtabharfar suntas ceart do thábhacht na hearnála óige in aon straitéis amach anseo.
- 6.2 Is eagraíocht réigiúnach óige Fóram na nÓg a bhfuil saineolas aige ar obair óige Ghaeilge agus é aitheanta ag an Roinn Oideachais. Tá sé i ndiaidh críoch a chur le taighde earnála agus iniúchadh agus anailís ar sheirbhísí /éilimh na hearnála óige ó thuaidh. Molaimid gur chóir don Roinn Pobal agus don Roinn Oideachais dul i gcomhairle le Fóram na nÓg maidir le ról aon straitéise amach anseo chun an obair óige Ghaeilge ó thuaidh a fheabhsú agus a fhorbairt.
- 6.3 Aithníonn an Roinn Oideachais gur meicníocht thábhachtach í an obair óige trínar féidir le páistí agus daoine óga a scileanna pearsanta agus sóisialta a fheabhsú lena lánacmhainneacht a bhaint amach. “Spreagann oideachas neamhfhoirmiúil, i bhformáid obair don ógra, páistí agus daoine óga lena scileanna pearsanta agus sóisialta a fhorbairt agus bheith rannpháirteach sa phróiseas foghlama.” (Priorities for Youth, an Roinn Oideachais, 2013). Molaimid, mar chuid d’aon straitéis, go gcaithfear le hobair óige Ghaeilge ina comhthéacs féin agus chan mar aguisín do chur chuige atá dréachtaithe i gcomhair mhórearnáil an Bhéarla.
- 6.4 Tá ról eile ag an obair óige lán-Ghaeilge dóibh siúd atá páirteach san earnáil seo. Chomh maith leis na buntáistí atá le fáil san earnáil óige trí chéile, tugann an obair óige tríd an dara teanga deis thábhachtach do dhaoine óga a stór focal sóisialta a fhorbairt, dóibh siúd a shealbhaigh an Ghaeilge sa Ghaeloideachas agus dóibh siúd, chomh maith, arb í an Ghaeilge an chéad teanga bhaile acu. Cuireann an obair óige lán-Ghaeilge ar chumas daoine óga an Ghaeilge a úsáid taobh amuigh de thimpeallacht acadúil, rud a chuireann lena gcumas í a úsáid go sóisialta i measc lucht a gcomhaoise agus rud é a mhéadaíonn a muinín sa teanga, tríd is tríd. Molaimid go n-aithneoidh an Roinn in aon straitéis amach anseo go bhfuil sé ríthábhachtach, mar sin, an acmhainn cheart a bheith ag an earnáil óige lán-Ghaeilge le ról gníomhach a bheith aici i bhforbairt phearsanta, shóisialta agus theangeolaíoch Gaeilgeoirí óga, le cuidiú, mar sin, leis an obair atá á déanamh san earnáil oideachais lán-Ghaeilge.
- 6.5 I dtuarascáil a choimisiúnaigh Comhairle na Gaelscolaíochta (2008) tarraingíodh aird ar an bhuntátal seo a leanas: “Although minority language communities may be successful in

increasing the number of children in immersion language education programmes and in developing high standards in written skills, there is a concern that ‘social’ use of the language in out of school contexts is not developing satisfactorily.”

- 6.6 In 2009, d’fhoilsigh an Roinn Oideachais athbhreithniú cuimsitheach ar gach gné den Ghaeloideachas. Rinne an t-athbhreithniú réimse leathan moltaí maidir leis an dóigh ar chóir don Roinn Oideachais a bheith ag comhlíonadh a dualgais reachtúil maidir leis an Ghaeloideachas ‘a spreagadh agus a éascú’, lena n-áirítear an soláthar a dhéantar ar an obair óige lán-Ghaeilge. Seo a leanas, moladh 18 den athbhreithniú: “Ba chóir don Roinn Oideachais deiseanna foghlama neamhfhoirmeálta a thacú agus a spreagadh trí mheán na Gaeilge in earnáil na hóige, agus trí chur chuige na scoileanna méadaithe”. Beidh úsáid TFC ina cuid rithábhachtach d’fhorbairt agus de sholáthar na ndeiseanna foghlama. Aithníonn an moladh seo an ról tábhachtach atá ag an earnáil óige lán-Ghaeilge i sealbhú scileanna Gaeilge agus a chinntiú go gcuirfear ar chumas daoine óga an tairbhe iomlán a bhaint as an tumoideachas. Molaimid go mbeidh seo le sonrú in aon straitéis amach anseo.
- 6.7 Cuireann tionscnaimh feasachta Ghaeilge agus cúrsaí dírithe ar dhaoine nach bhfuil aon Ghaeilge acu nó daoine atá ar bheagán Gaeilge, cuireann siad le feabhsú, le cosaint agus le forbairt na teanga. Sampla de seo é feachtas RCEF Líofa, a seoladh i Meán Fómhair 2011, arbh aidhm dó daoine gealltanais a thabhairt go mbeadh Gaeilge líofa acu. Molaimid go ndéanfar scéimeanna ar nós Líofa a fhorbairt go leanúnach agus é de sprioc acu tuilleadh deiseanna úsáide Gaeilge a chur ar fáil do dhaoine óga lasmuigh den scoil.
- 6.8 De réir an Athbhreithnithe ar an Ghaelscolaíocht, spreagann RO agus cuireann sí chun cinn deiseanna neamhfhoirmiúla foghlama trí mheán an Gaeilge san earnáil óige. Faoi láthair, cuireann an tÚdarás Oideachais agus Fóram na nÓg, atá aitheanta mar eagraíocht óige réigiúnach, obair don óige chun cinn trí mheán na Gaeilge agus iad ag tabhairt rochtain ar shruthanna ginearálta maoiniúcháin agus tacaíochta dírithe. Molaimid go gcuirfear i bhfeidhm iomlán na moltaí a rinneadh san athbhreithniú ar an Ghaelscolaíocht, is é sin, an méid a bhaineann le hobair óige i moladh 18 sa cháipéis chéanna.
- 6.9 Molaimid gur chóir d’earnáil an oideachais leanúint dá cuid oibre i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí ábhartha amhail Foras na Gaeilge agus le cumainn áitiúla óige le forbairt seirbhísí óige Gaeilge do dhaltáí GS a chothú, go háirithe le Fóram na nÓg. Molaimid go gcuirfidh aon straitéis amach anseo ceangal ar an Roinn Oideachais i gcomhar leis na páirtithe leasmhara chun plean cuimsitheach don obair óige Ghaeilge a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm.
- 6.10 Leagtar amach i mbeartas RO i leith obair óige san oideachas, Priorities for Youth 16, socruithe le seirbhísí óige a phleanáil agus a sheachadadh, arna maoiniú ag RO, lena n-áirítear aitheantas don ghá atá le deiseanna foghlama neamhfhoirmiúla trí mheán na Gaeilge a chur chun cinn agus tacú leo. Bunaíodh Grúpa Comhairleach Réigiúnach le comhairle a thabhairt do Bhoird Oideachais agus Leabharlann agus do Chomhairle Óige Thuaisceart Éireann le bonn eolais a chur faoi fhorbairt creata soláthair seirbhísí óige réigiúnacha. Tá ionadaíocht ag tuairimí na hearnála óige lán-Ghaeilge ar an Ghrúpa. Tugann

na forbairtí seo deis níos fearr tábhacht ghréasáin úsáidte Gaeilge don aos óg a bhreithniú, go háirithe mar thaca faoin tumoideachas. Molaimid go ndéanfar tosaíocht den obair seo in aon straitéis a mholfar.

- 6.11 Buntosaíocht ag ceann amháin de shé Cheanneagraíocht Fhoras na Gaeilge é an tábhacht atá le páistí agus daoine óga a bheith ag sealbhú agus ag úsáid na Gaeilge. Díríonn an eagraíocht seo ar dheiseanna agus ar fheasacht maidir le húsáid na Gaeilge i measc daoine óga a fheabhsú, a chur chun cinn agus a fhorbairt. Spreagann sí páistí agus daoine óga, fosta, lena gcuid Gaeilge a fheabhsú ach iad páirt a ghlacadh i ngréasáin ábhartha óige. Molaimid, mar chuid d'aon straitéis amach anseo, go ndéanfar monatóireacht ar éifeacht agus ar éifeachtúlacht an chaiteachais ar an Cheanneagraíocht seo i dtaca le hobair óige Ghaeilge ó thuaidh.
- 6.12 Molaimid, in aon straitéis amach anseo, go mbeidh na spriocanna straitéiseacha seo leanas san áireamh:
- Deiseanna neamhfhoirmiúla chun an Ghaeilge a fhoghlaim, a dhaingniú agus a shealbhú san earnáil óige a chinntiú;
 - Creatlach mhaoinithe lárshruthaithe a chinntiú don obair óige Ghaeilge;
 - An obair óige Ghaeilge a chur ar fáil i gcóiríocht chuí; agus
 - Infheistíocht chaipitil.
- 6.13 Faoi láthair, tá 100% de sholáthar seirbhísí óige san earnáil Ghaeilge curtha ar fáil i bhfoirgnimh atá róbheag, mí-oiriúnach nó mí-iontaofa. Tá méadú reatha de 5% ar an Ghaeloideachas. Tá éilimh ar na seirbhísí reatha óige ag méadú dá réir. Molaimid go ndéanfaidh aon straitéis amach anseo a chinntiú:
- Go dtabharfar suntas ceart do riachtanais phobal na Gaeilge i bhforbairt beartas sna rannóga, sna rannáin agus sna háisíneachtaí poiblí.
 - Go ndéanfar scagthástáil teanga ar scéimeanna agus ar bheartais sa dóigh go gcuirfidh siad le forbairt na Gaeilge agus riachtanais an phobail mionteanga Gaeilge.
- 6.14 Scéim sholúbtha chéimneach maoinithe d'obair óige na Gaeilge:
- Tá méadú bliain ar bhliain ag teacht ar úsáid seirbhísí óige Gaeilge ach tá an fhoirmle mhaoinithe bunaithe ar chleachtas san earnáil Bhéarla, áit a mbíonn titim bliain ar bhliain ar líon na n-úsáideoirí. Tá creatlach mhaoinithe an Údaráis Oideachais righin agus í dírithe ar choinníollacha san earnáil Bhéarla. Molaimid go ndéanfaidh aon straitéis amach anseo:
- athbhreithniú a thosú ar an mhúnla seo leis na ranna agus leis na háisíneachta cuí lena chinntiú go mbeidh scéimeanna maoinithe inchurtha leis na cúinsí reatha in earnáil óige na Gaeilge.
- 6.15 Infheistiú breise i soláthar sainriachtanas oideachasúil san earnáil óige agus taobh amuigh den earnáil fhoirmiúil oideachais:
-

Níl de sholáthar reatha ach Sólas na nÓg a lainseáladh in 2019 chun riar a dhéanamh ar riachtanais ar leith úsáideoirí seirbhísí óige Gaeilge. Tá méadú ar líon na ndaltaí atá ar an ‘Chód Cleachtas’ agus tá méadú bliain ar bhliain ag teacht ar pháistí a bhfuil ‘ráiteas sainriachtanais’ acu. Molaimid go ndéanfaidh aon straitéis amach anseo:

- a. Taighde a choimisiúnú ar na riachtanais seo; agus
- b. Moltaí a fhorbairt leis na ranna/leis na háisíneachtaí cuí le plean feidhmithe a chur i gceann a chéile le tabhairt faoin dúshlán seo.

6.16 Oifigeach Sinsearach Óige Gaeilge:

Molaimid go ndéanfaidh aon straitéis amach anseo Oifigeach Sinsearach Óige Gaeilge a mholadh agus a lorg sa Roinn Oideachais chun ionadaíocht earnáil óige na Gaeilge a chinntiú ar leibhéal sinsearach sna ranna chun deiseanna cuí agus comhionannas a chinntiú ar son Gaeilgeoirí óga.

- 6.17 Molaimid go mbeidh aon straitéis amach anseo tras-rannógach agus go gcinnteofar go gcuirfear riachtanais óige na Gaeilge san áireamh i ngach seirbhís (m.sh. sláinte, sláinte intinne, beartais agus traenáil frith-thromaíochta, taighde agus tionscadail maidir le drochthionchar na meán sóisialta, srl.)

Scoláireachtaí

- 6.18 Molaimid go leanfar d’úsáid coláistí samhraidh Gaeltachta mar dhóigh éifeachtach leis an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid agus go spreagfar daoine óga le cuairt a thabhairt ar an Ghaeltacht, áit a dtig leo an Ghaeilge atá acu a úsáid agus a fhorbairt. Reáchtálfar scéim feasachta, tacaíochta agus poiblíochta sna scoileanna ar fad leis na deiseanna agus na buntáistí a bhaineann leis na coláistí samhraidh Gaeltachta a chur chun cinn. Déanfar seo a chomhordú idir an Roinn Oideachais, an Roinn Pobal, Foras na Gaeilge, Gael Linn agus Conradh na Gaeilge.

- 6.19 Ionas go dtacófar le haidhm oideachais aon straitéise amach anseo, molaimid go méadófar an méid airgid faoi Scéim Sparánachtaí Gaeltachta na Roinne Pobal le haghaidh scéim scoláireachtaí go £250,000 dóibh siúd as ceantair faoi mhíbhuntáiste le freastal ar chúrsaí Gaeltachta.

7. Moltaí an PCS do na Meáin, d’Fhoilseacháin & don Teicneolaíocht

Molann an PCS go mbeidh na cuspóirí seo leanas san áireamh in aon straitéis amach anseo:

- Rochtain ar mheáin ardchaighdeáin Ghaeilge a mhéadú.
- Tacaíocht chuí a bheith curtha ar fáil, agus scéimeanna maoinithe a aithint leis an earnáil a dhéanamh inmharthana.
- Líon na n-uaireanta Gaeilge ar ardáin éagsúla chumarsáide a mhéadú trí chéile, chun go mbeidh sé ag teacht leis an tsoláthar chuí in Albain agus sa Bhreatain Bheag, mar shampla.
- Scéimeanna oiliúna a chinntiú d’oidí cumarsáide.
- Scéim maoinithe iomaíochta a bheith ar fáil le réimse ardán cluichí ar líne a bheith ar fáil.
- BBC digiteach a bheith curtha ar fáil i nGaeilge.
- Feiceáil na Gaeilge a normalú ar na mór-stáisiúin Bhéarla agus ar ábhar margadóir, fógraí agus eile go leanúnach.

Craoltóireacht

Comhthéacs

- 7.1 Maíonn Comhairle na hEorpa gur den rithábacht an t-am agus an spás a thig le teangacha réigiúnacha nó mionlaigh a fháil sna meáin maidir lena gcosaint agus nach dtig le haon teanga a tionchar a choinneáil mura mbíonn fáil uirthi ar na cineálacha nua meán cumarsáide⁷¹.
- 7.2 Faoi Dearbhú Comhpháirteach, tá Rialtas na RA tiomanta chun na bearta cuí a dhéanamh le ciste a bhunú faoi choinne tacaíocht airgeadais do léiriúchán scannánaíochta agus teilifíse Gaeilge agus dhá aidhm ann: ábhar ardchaighdeáin Gaeilge a mhaoiniú agus an earnáil neamhspleách léiriúcháin Gaeilge a chothú.

Moltaí

- 7.3 Molaimid go ndéanfaidh an Roinn Pobal idirbheartaíocht mar chuid den chur chuige i dtaca le haon straitéis amach anseo le go ndéanfaidh rialtas na RA beart diongbháilte lena chinntiú go mbeidh cothromaíocht ag an chraoltóireacht teilifíse agus raidió Ghaeilge leis an chraoltóireacht teilifíse agus raidió Bhreataine sa Bhreatain Bheag agus leis an

⁷¹ European Charter for Regional or Minority Languages – Explanatory Note, Paragraph 107

chraoltóireacht teilifíse agus raidió Ghàidhlig in Albain, ar sainghnéithe díobh seirbhís teilifíse agus seirbhís raidió tiomnaithe le cistiú poiblí a chraolann ar feadh líon suntasach uaireanta, lena n-áirítear méid suntasach clár nua, gach lá, agus, maidir le craoltóireacht teilifíse, go gcríoitear cláir den tsórt sin ag buaic-amanna féachana. Mar a bhíonn sa Bhreatain Bheag agus in Albain, ba chóir go mbeadh bonn reachtaíochta faoin tsórt sin craoltóireachta, go bhfaigheadh sí leorchistiú, go n-éileodh sí éagsúlacht leathan clár ardchaighdeán, cláir nuachta san áireamh, agus go mbeadh saor-rochtain ag lucht éisteachta/féachana uirthi thar réimse ardán.

7.4 Le hé seo a bhaint amach, molaimid go rachaidh an Roinn Pobal agus an Feidhmeannas trí chéile i bhfeidhm ar Rialtas na Ríochta Aontaithe le go ndéanfaidh rialtas na RA:

- Acht Cumarsáide 2003 a leasú le soláthar do chraoltóireacht teilifíse agus raidió Ghaeilge a chuimsiú agus a chinntiú, in aon reachtaíocht feasta ina ndéanfar soláthar do chraoltóireacht teilifíse agus / nó raidió Bhreatnaise agus / nó Ghàidhlig, go ndéanfar soláthar fosta do chraoltóireacht teilifíse agus / nó raidió Ghaeilge;
- a chinntiú go ndéanfar tagairt don chraoltóireacht teilifíse agus raidió Ghaeilge, agus do sheirbhísí eile meán, seirbhísí ar líne san áireamh, i gCairt Ríoga an BBC;
- a chinntiú go mbeidh Raidió Teilifís Éireann TG4 agus Raidió na Gaeltachta ar fáil don phobal i gcoitinne, le comhartha a bhfuil dóthain láidreachta agus cáilíochta ann, i ngach cuid de Thuaisceart na hÉireann, saor in aisce, agus gach iarracht a dhéanamh lena chinntiú le Rialtas na hÉireann go léireofar méid suntasach clár ar an dá sheirbhís i dTuaisceart na hÉireann;
- a chinntiú, sa bhliain airgeadais ina dtiocfaidh reachtaíocht Ghaeilge RNCCN i bhfeidhm, go gcaithfidh Stáitchiste na RA suim chistithe a chur ar fáil don Chiste Craoltóireachta Gaeilge, oiread is a cheadódh méadú suntasach ar uaireanta na gclár Gaeilge ná mar a bhíonn á chistiú faoi láthair tríd an CCG; agus i ngach bliain airgeadais ina dhiaidh sin, go méadófar an cistiú bliantúil, ar a laghad, ar aon dul leis an ráta boilscithe agus i gcomhréir le ról an CCG;
- forbairt agus rochtain saor in aisce ar fhoclóirí comhtháite agus uirlisí foclóra ar líne a chinntiú do na meáin uilig agus dul i gcomhairle le comhlachtaí ábhartha i bPoblacht na hÉireann a gheall soláthar seirbhíse comhtháite, uile-Éireann ina leith seo;
- a chinntiú sna coinníollacha ceadúnais do chraoltóirí uilig raidió agus teilifíse, ceadúnais tráchtála agus phobail san áireamh, go ndéanfar foráil chuí don Ghaeilge i sceidealú, i dtuairiscí nuachta agus aimsire agus i gcláir agus i bhfógraíocht, fógraíocht don stáisiún féin san áireamh;
- soláthar ceadúnas craoltóireachta agus leorthacaíochta airgeadais a chinntiú le stáisiún raidió tiomnaithe lán-Ghaeilge a bhunú agus a chinntiú go mbeidh comhartha aige a mbeidh dóthain láidreachta agus soiléire ann go gcluinfí é i ngach cuid den Tuaisceart, agus go gcríoitear sé cláir Ghaeilge 56 uair, ar a laghad, gach seachtain;

- limistéar craoltóireachta Raidió Fáilte a leathnú agus tuilleadh stáisiún a dheonú; agus
 - le comhairle ó chleachtóirí agus oideachasóirí in earnáil na Gaelscolaíochta agus theagasc na Gaeilge, ón Roinn Oideachais agus soláthraithe eile oideachais, forbairt agus rochtain saor in aisce leanúnach a chinntiú ar sholáthar oideachais agus ar thacaíocht churaclaim a bhaineann le foghlaim na Gaeilge chomh maith le foghlaim trí Ghaeilge, ar teilifís, ar raidió agus ar líne.
- 7.5 Moltar go gcinntíonn craoltóireacht na Gaeilge ar stáisiúin Bhéarla agus ar stáisiúin shainiúla Ghaeilge normalú na teanga agus méadú ar a feiceálacht trí chéile.
- 7.6 Sa 3ú tuarascáil mhonatóireachta uathi, thug Coiste Saineolaithe Chomhairle na hEorpa faoi deara ‘go bhfuil todhchaí éiginnte roimh Chiste Craoltóireachta na Gaeilge as siocair nach bhfuil socruithe maoinithe buana aige. D’fhéadfadh tosca tromchúiseacha don chraoltóireacht Ghaeilge a bheith mar thoradh air seo feasta’.⁷² Ós rud é go bhfuil ag éirí chomh maith sin le CCG, agus le hinbhuanaitheacht a ghnóthú, mar chuid d’aon straitéis Ghaeilge amach anseo, moltar go gcuirfear tacaíocht mhaoinithe fhadtéarmach ar fáil do CCG agus béim ar fhorbairt comhlachtaí Gaeilge mar chuid den mhaoiniú. Molaimid go ndéanfar seo i gcomhairle le CCG agus le rannpháirtithe aitheanta eile chun éileamh agus fíis an phobail a mheas.
- 7.7 Tá lucht féachana/margadh nua do chlár theilifíse agus raidió agus ábhair ar líne cruthaithe mar gheall ar fhorbairtí a tharla ar na mallaibh maidir le fás na Gaelscolaíochta. Moltar go bhfuil tábhacht ar leith le cumarsáid ghníomhach idir ionadaithe Iontaobhas agus Chomhairle na Gaelscolaíochta agus eagrais amhail CCG agus Aonad Gaeilge BBC agus Raidió Fáilte le heolas a bhailiú ar na réimsí a mbeifear ag tabhairt fúthu i dtaca le clár nua theilifíse agus raidió agus sna meáin nua ar líne a léiriú sa dóigh go dtiocfaidh siad, nó cuid acu ar a laghad, le riachtanais, réimsí suime agus cumais daoine óga i nGaelscoileanna. Molaimid, mar chuid d’aon straitéis amach anseo, go mbunófar sainghrúpa faoi choimirce na Roinne le hé seo a bhaint amach.
- 7.8 Ós rud é gur faoi Rialtas na RA atá freagracht na craoltóireachta fós, is den rithábhacht go mbeidh teagmháil déanta ag an Roinn Pobal leis na hAíreagacha le comhoibriú a iarraidh óna ranna ar aidhmeanna agus ar chuspóirí aon straitéise amach anseo. Molaimid go gcuirfear straitéis shainiúil chumarsáide don Ghaeilge le chéile agus plean forbartha don earnáil trí chéile, a bheidh faoi chúram na Roinne Pobal, CCG, agus na Roinne Cultúir, Spóirt agus Meán in Westminster, mar aon le hionadaithe aitheanta ón phobal.
- 7.9 Molaimid go ndéanfar, mar chuid d’aon straitéis amach anseo, béim a chur ar Cairt Ríoga BBC (2005) a leasú le hoibleagáidí dlí a chur ar chraoltóirí seirbhís ardchaighdeán áitiúil Ghaeilge a chur ar fáil ar comhchéim leis na seirbhísí Breatnaise sa Bhreatain Bheag. Cuimseoidh seo an soláthar teilifíse, raidió, digiteach agus acmhainní uile ar líne agus ar éileamh, BBC Bitesize san áireamh.

72 Council of Europe: Committee of Ministers, Application of the Charter in the United Kingdom, 3rd Monitoring Cycle, ECRML (2010) 4, Paragraph 424Gv

- 7.10 Molaimid, mar chuid d’aon straitéis amach anseo, go ndéanfaidh an Roinn beart chun dul i bhfeidhm ar an BBC lena gcur chuige sa Bhreatain Bheag agus in Albain a bhreithniú agus leibhéal comhréireach maoinithe agus seirbhíse a chur ar fáil don Ghaeilge i dTÉ faoi mar a dhéanann siad don Ghàidhlig in Albain agus don Bhreatnais sa Bhreatain Bheag. Cuimseoidh seo an soláthar teilifíse, raidió, digiteach agus acmhainní uile ar líne agus ar éileamh, BBC Bitesize san áireamh.
- 7.11 Molaimid teagmháil a bheith á déanamh chun an fhéidearthacht a bhaineann le cainéal áitiúil réigiúnach Gaeilge, mar atá cainéal sonrach dá riachtanais teanga in Albain agus sa Bhreatain Bheag, a fhiosrú agus a fhorbairt roimh 2025.
- 7.12 Molaimid go gcuirfear ceangaltas ar Chomhairle Ealaíona TÉ leanúint d’acmhainní a dhíriú i dtreo NI Screen lena dhóthain maoinithe chun scannánaíocht agus craoltóireacht Ghaeilge a éascú.
- 7.13 Ní mór don Roinn Pobal, tríd an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas, a chinntiú go mbeidh craoltóireacht Ghaeilge saor in aisce ó TG4 agus Raidió na Gaeltachta ar fáil ag an daonra ar fad. Níor cheart go mbeadh aon idirdhealú tíreolaíoch déanta maidir le cearta craoltóireachta, go háirithe leo siúd a bhaineann le Spórt ar RTÉ nó TG4, maidir le CLG, rugbaí nó aon spórt eile. Cinnteofar go mbeidh rochtain chothrom, leanúnach ó thuaidh ar na seirbhísí sin i gcónaí. Áit a mbíonn dúshlán, cinnteofar go gcuirfear rogha Ghaeilge ar fáil trí chomhionann seirbhíse teilifíse an BBC mura mbeidh rochtain ann ar na cainéil eile.
- 7.14 Molaimid, mar chuid d’aon straitéis amach anseo, go gcuirfidh an Roinn Pobal níos mó tacaíochta ar fáil do stáisiúin raidió Ghaeilge i gcomhthéacs straitéis ardchaighdeáin, inbhuanaithe chraoltóireachta a fhorbairt le, i measc rudaí eile, nuacht agus cúrsaí reatha áitiúla ar ardchaighdeán a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.
- 7.15 Molaimid go n-aithneofar, in aon straitéis, go bhfuil sé riachtanach maoiniú cuí ó Fhoras na Gaeilge agus / nó ón Roinn Pobal / CCG nó a gcomhionann eile d’eagrás do Raidió Fáilte, atá pobalbhunaithe agus ag craoladh as Béal Feirste, chun a chinntiú go n-éascófar cur chun cinn agus fás an stáisiúin. Molaimid, mar chuid d’aon straitéis amach anseo, go gcinnteofar go mbronnfar stádas FM ar Raidió Fáilte roimh 2025 chun go mbeidh Raidió Fáilte ábalta craoladh go réigiúnach i gcónaí.
- 7.16 Molaimid, mar chuid d’aon straitéis amach anseo, gur chóir ceangaltas a chur ar Fhoras na Gaeilge tacaíocht a thabhairt do chruthú gréasáin raidió pobail ardchaighdeáin, inbhuanaithe Gaeilge dóibh siúd taobh amuigh de Bhéal Feirste i gceantair inar mian leis an phobal éisteacht le Gaeilge agus í a úsáid.

An Focal Scríofa

- 7.17 Rinne Foras na Gaeilge deireadh a chur le foilsitheoireacht nuachtáin Gaeilge ó thuaidh i mí na Nollag 2008, in ainneoin go bhfuil rialtas na RA faoi cheangal dlí in uirlis dhaingnithe na RA do Chairt na hEorpa ag: Alt 11 Na Meáin Chumarsáide, “e) i) to encourage and/or facilitate the creation and/or maintenance of at least one newspaper in the regional or minority languages”. Molaimid gur chóir don Roinn Pobal athmheasúnú a dhéanamh ar mhaoiniú Fhoras na Gaeilge le tacaíocht a chinntiú do tháirgeadh nuachtáin agus irisleabhair chlóite agus ar líne do phobal TÉ lena chinntiú go gcuirfear an soláthar sin ar fáil in athuair.
- 7.18 Molaimid, mar chuid d’aon straitéis amach anseo, go mbunófar scéimeanna oiliúna le tacú le scríbhneoirí agus le húdair úra agus óga a gcuid scileanna a fheabhsú agus a gcuid saothair a fhoilsiú ar na hardáin chuí.
- 7.19 Molaimid, mar chuid d’aon straitéis amach anseo, go ndéanfaidh an Roinn Pobal idirbheartaíocht le Státrúnaí Thuaisceart na hÉireann chun leorthacaíocht airgeadais agus eile a chur ar fáil le foilsiú nuachtáin amháin laethúil Gaeilge, ar a laghad, a chinntiú i dTuaisceart na hÉireann.
- 7.20 Molaimid, mar chuid d’aon straitéis amach anseo, go n-iarrfar ar Státrúnaí Thuaisceart na hÉireann:
- leorchistiú a sholáthar chun tacú le seirbhís nuachta Gaeilge agus anailíse ábhair ar líne a thiocfadh a chur ar fáil i bhformáid chlóite, ag brath ar éileamh;
 - leorchistiú a sholáthar chun tacú le hiris Ghaeilge ar líne le hábhar físe agus fuaime dírithe go háirithe ar lucht éisteachta óg; agus
 - scrúdú a dhéanamh, i gcomhar leis na húdaráis ábhartha i bPoblacht na hÉireann, ar an chistiú, na hacmhainní, comhaontuithe agus socruithe eile is gá lena chinntiú go mbeidh an t-ábhar Gaeilge uilig ar na meáin uilig ar fáil ar thairseach chuimsitheach ar líne a bheidh ar fáil ag cách.
- 7.21 Molaimid, mar chuid d’aon straitéis amach anseo, go n-iarrfar ar Státrúnaí Thuaisceart na hÉireann feabhsú a dhéanamh ar rochtain ar dheiseanna fostaíochta do Ghaeilgeoirí i réimse iomlán na meán ach an méid seo thíos a chinntiú (gan a bheith teoranta dóibh):
- Leorchistiú do chur chun cinn agus do sholáthar staidéir ar na meáin i nGaeilge ar leibhéal uilig an chórais oideachais; agus.
 - Leorchistiú do chlár oiliúna do réimse roghanna fostaíochta, ina measc, ach ní teoranta díobh, – iriseoirí, teicneoirí, eagarthóirí agus léiritheoirí.
- 7.22 De réir mar a thiocfaidh éabhlóid, ar bhonn leanúnach, ar theicneolaíochtaí úra ar líne, ar na meáin agus ar theicnící margáíochta, is dócha go dtiocfaidh athrú suntasach sna blianta atá romhainn ar na straitéisí is éifeachtaí le léitheoireacht agus scríbhneoireacht a fhorbairt agus ba chóir iad a athbhreithniú go rialta. Molaimid gur chóir iad a athbhreithniú go rialta. Molaimid go ndéanfar athbhreithniú ar na míreanna seo go leanúnach maidir leis chur chuige
-

margaíochta i ngach ceann de na Pleananna Gnímh 5 Bliana maidir le cur i bhfeidhm aon straitéise amach anseo.

- 7.23 Molaimid go dtacófar go leanúnach le soláthar seirbhísí an Áisaonaid, Coláiste Ollscoile Naomh Muire, mar shampla, An Seomra Nuachta agus an réimse sainábhair a chruthaíonn siad.
- 7.24 Tá gá le pleanáil éifeachtach i measc na n-údarás bainteach. Tacófar le léitheoireacht agus le scríbhneoireacht na Gaeilge ach leabhair, gearrscéalta, gearrfhíseáin, blaganna, podchraoltaí, CDanna, DVDanna, closleabhair, meáin chlóite agus teicneolaíocht eile a bheith ann agus:
- imeachtaí agus gníomhaíochtaí liteartha a fhorbairt i leabharlanna poiblí ó cheann ceann na bliana – lena n-áireofar scríbhneoireacht chruthaitheach, léamh ó údar, seoltaí, clubanna léitheoireachta agus éisteachta agus cláir liteartha do scoileanna;
 - na caighdeáin teanga, mar a bhaineann leis na boird leabharlainne, a chur i bhfeidhm go héifeachtach;
 - na forais atá freagrach as imeachtaí cultúrtha Gaeilge a chinntiú go bhfuil fáil acu ar chainteoirí inniúla Gaeilge lena gcuid clár a eagrú agus a sholáthar;
 - cláir léitheoireachta treoraithe a sholáthar i scoileanna;
 - ábhair úra Ghaeilge a thaispeáint go soiléir i siopaí móra leabhar ainmnithe chomh maith le hábhar cuí poiblíochta, seastáin, leabharmharcanna, imeachtaí poiblíochta, taispeántais fuinneige agus na húdair a bheith i láthair (le comhoibriú agus le tacaíocht gníomhaireachtaí bainteacha poiblí más gá); agus
 - scéimeanna iomaíochta le tacaíocht chuí a chur ar fáil d'fhoilsitheoirí leabhar Gaeilge ar ardchaighdeán.

Ar Líne agus Meáin Nua

- 7.25 Le teacht na Paidéime Covid-19, agus an ról lárnach atá anois ag seirbhísí ar líne, go háirithe maidir le hoideachas, cinnteofar go gcuirfear gach acmhainn agus áis oideachais (bíodh siad ar an BBC, ag an Údarás Oideachais nó eile) atá ar fáil trí Bhéarla agus trí Ghaeilge ag an am chéanna, i gcomhar le scoileanna áitiúla agus leis an Áisaonad agus i gcomhpháirt leanúnach le Comhairle na Gaelscolaíochta, go háirithe mar a bhaineann siad le hacmhainní sainiúla i dtaobh na Gaelscolaíochta de.
- 7.26 Molaimid go gcinnteofar, mar chuid d'aon straitéis amach anseo, ardú feasachta maidir leis an Ghaeilge agus an Ghaelscolaíocht ar na meáin shóisialta, idir an Roinn Pobal agus an Roinn Oideachais, agus na rannpháirtithe leasmhara eile, rud a chinnteoidh gó ndéanfar breis feiceálachta agus normalú ar an Ghaeilge ar líne go leanúnach.
- 7.27 Éascaíonn forbairt bhreise teicneolaíochtaí ar líne agus meán nua, rochtain níos leithne ar an Ghaeilge. Molaimid, mar chuid d'aon straitéis amach anseo, gur chóir don Roinn Pobal scéim maoinithe iomaíochta a chur ar fáil leis na seirbhísí seo a éascú agus a leathnú. I measc aidhmeanna na scéime seo, áirítear:
-

- forbairt siopaí tarraingteacha ar líne d'ábhair Ghaeilge, ina bhfuil sárthaispeántas de theidil, d'údair, de léirmheasanna, de bhlaganna agus d'acmhainní úra eile a d'fhéadfaí a úsáid chomh maith i scoileanna agus i ranganna daoine fásta;
- forbairt aipeanna le forbairt agus úsáid na Gaeilge a chur chun cinn agus a éascú;
- forbairt árdáin cluichí ar líne;
- forbairt meán sóisialta mar mhodh teagmhála le pobal na Gaeilge, an t-aos óg go háirithe;
- clubanna leabhar Gaeilge a chur chun cinn agus a fhorbairt mar thosaíocht i dtionscnaimh phobail teanga agus soláthar tacaíochta chuí ar líne do chlubanna leabhar; agus
- forbairt tionscnamh agus cúrsaí oiliúna cuí le scríbhneoireacht Ghaeilge a spreagadh i measc daoine óga ar réimse meán – iriseoireacht, blagáil, scríbhneoireacht chruthaitheach, drámaíocht agus scrípteanna scannáin; agus an Ghaeilge a chur chun cinn go hidirnáisiúnta, go háirithe i measc an diaspóra.

8. Moltaí an PCS ar an tSaol Eacnamaíochta

Cuspóirí Molta:

- Ról na Gaeilge a lárnú i mbeartais agus i straitéisí eacnamaíochta an Rialtais.
- Feasacht ar luach eacnamaíochta agus sóisialta na Gaeilge a mhéadú.
- Pleananna agus tionscnaimh phobalbhunaithe, áitiúla, inbhuanaithe agus ardchaighdeán a fhorbairt don Ghaeilge.
- Straitéis infheistíochta a chur i gceann a chéile le saincheantair forbartha a chur chun cinn agus an cnúasú a éascú.
- Dílárnú seirbhísí stáit agus seirbhísí poiblí a bhaineann leis an Ghaeilge chuig saincheantair forbartha Ghaeilge.
- Feiceálacht agus úsáid na Gaeilge a mhéadú agus a normalú san earnáil gnó, eacnamaíochta agus turasóireachta trí chéile.
- Tacaíocht chúí a sholáthar do ghnóthaí Gaeilge agus fás earnáil gnó agus fiontraíochta na Gaeilge a éascú agus a spreagadh.

Comhthéacs

- 8.1 In Languages for the Future – Northern Ireland Languages Strategy a foilsíodh in 2012, tarraingítear aird ar “Go nglactar leis go forleathan go bhfuil luach le teangacha maidir le fás gnó agus eacnamaíochta. Go bhfuil buntáistí sa mhargadh saothair acu siúd a bhfuil scileanna maithe teanga acu – an teanga cheart á comhlánú ag réimse cuí saineolais agus leibhéal maith feasacht idirchultúrtha”. Aithnítear sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 de chuid Rialtas na hÉireann an nasc idir an Ghaeilge agus an geilleagar agus cuirtear béim ar an tábhacht atá le tionscnaimh agus tacaíocht le húsáid na Gaeilge a chur chun cinn sa tsaol eacnamaíochta.
- 8.2 In Airteagal 13 den Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, ina dtagraítear don tsaol eacnamaíochta, cuirtear d’iallach ar na stáit sin a dhaingnigh an Chairt úsáid teangacha réigiúnacha nó mionlaigh faoi mar a bhaineann siad le gníomhaíochtaí eacnamaíochta a éascú agus/nó a chur chun cinn. Ba chóir saol agus gníomhaíocht eacnamaíochta a bhreithniú i gcomhthéacs Airteagal 13 lena fháil amach cad é an dóigh ar cuidiú í an Chairt i dtaca le feabhsú, cosaint agus forbairt acmhainn eacnamaíochta na Gaeilge.

Moltaí Sainiúla d'aon straitéis amach anseo

- 8.3 Molaimid, mar chuid d'aon straitéis, go gcaithfidh an Roinn Pobal agus an Feidhmeannas trí chéile gach iarracht a dhéanamh chun a chinntiú go mbeidh gach duine, an earnáil phríobháideach san áireamh, eolach ar thábhacht na Gaeilge agus ar na buntáistí eacnamaíochta agus pobail a bhaineann léi. Molaimid don Roinn Pobal ceangaltas a chur ar Fhoras na Gaeilge béim a chur ar thábhacht na mbuntáistí seo trína Cheanneagraíocht, a bhfuil fócas straitéiseach aici ar fhorbairt pobail agus eacnamaíochta, go háirithe faoi mar a bhaineann sí le planáil teanga agus forbairt acmhainne.
- 8.4 Le teacht na Paidéime Covid-19, rinneadh dochar ar leith do ghnóthaí beaga Gaeilge. Caithfidh an Roinn Eacnamaíochta, an Roinn Bonneagair agus nuair is cuí, an Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe, mar chuid d'aon straitéis amach anseo, scéimeanna cuí tacaíochta agus airgeadais a chur ar fáil leis an earnáil gnó agus fiontraíochta Gaeilge a láidriú.
- 8.5 Molaimid go ndéanfar, in aon straitéis amach anseo, béim a chur ar an ghá atá ann go ndéanfaidh an Roinn Eacnamaíochta cumarsáid agus traenáil le Teach na gComhlachtaí, HMRC, Coimisiún na gCarthanachtaí agus seirbhísí stáit gnó eile nuair is gá ról na Gaeilge a aithint agus a éascú.
- 8.6 Molaimid, mar chuid d'aon straitéis, go ndéanfaidh an Roinn Pobal Gaelacadamh a fhorbairt mar a bhí sonraithe ag iar-Aire na Roinne Cultúir Ealaíon agus Fóillíochta agus mar a fógraíodh ar an 15/3/2016 sa Tionól agus nuair a dúirt an t-Aire, i measc rudaí eile:
- i. "In making this decision, I took due account of the responsibilities to the Irish language under the Belfast Agreement and articles 7 and 8 of the European Charter for Regional or Minority Languages. Article 7 relates to the need to provide support for the provision of appropriate forms and means for the teaching and study of Irish and the promotion of study and research. Article 8, likewise, relates to professional and technical training in Irish, should there be reasonable demand for it. There is also a statutory duty to encourage and facilitate Irish-medium education, as pointed out in the 2009 Department of Education review. Irish-medium education should be a continuum, with progression throughout levels of development. The Irish language academy can help to ensure that young people in Irish-medium education have uninterrupted access, from post-primary through to vocational training, through Irish.
 - ii. I asked that a scoping and consultation exercise be carried out on the establishment of an academy. It considered how economic and social development and employment opportunities in relation to the Irish language could be developed, together with adult learning, within the framework of the Irish language academy. I wanted the consultation to scope out the attitude to, and the awareness and perceptions of, an Irish language academy. Irish language development must be sustainable. Therefore, I asked for practical and deliverable recommendations that have Irish language community and stakeholder understanding and buy-in. I also asked that the scoping and consultation exercise build
-

upon and update a 2013 feasibility study on the Irish language academy, taking account of many important recent developments.

iii. The scoping exercise consulted a range of organisations and individuals in the sector and was coupled with rigorous interviewing techniques. It built on the previous Irish language feasibility study, which had involved other relevant stakeholders. That maximised the impact and sectoral inclusiveness of the research process. I am very satisfied with the consultation process and the overall approach. It has proven very effective in assessing current provision and in developing robust sustainable recommendations for the Irish language academy. I extend my thanks to everyone who engaged so comprehensively with the consultation. The consultation process found that there are large gaps in current provision, especially in the areas of teaching and learning resources, accreditation structures, vocational courses aimed at ages 16-plus, and adult teacher training and support.”

8.7 Molaimid go ndéanfaidh an Roinn Pobal seo a thabhairt chun cinn mar chuid d’aon straitéis amach anseo agus go dtabharfaidh sé chun tosaigh obair arb aidhm di:

- an Ghaeilge a chur chun cinn mar shócmhainn eacnamaíochta agus deiseanna eacnamaíochta a chruthú; agus
- conairí chun fostaíochta a fhorbairt do chainteoirí Gaeilge.

8.8 Chun na míreanna seo a chomhlíonadh mar is ceart, molaimid don Roinn Pobal, i gcomhar leis an Roinn Eacnamaíochta agus an Roinn Airgeadais, sainphlean forbartha gnó a chur i gceann a chéile don Ghaeilge. Déanfar seo i gcomhar leis an phobal agus le páirtithe leasmhara.

8.9 Molaimid, mar chuid d’aon straitéis amach anseo, go gcuirfead ceangal ar an Roinn Eacnamaíochta iniúchadh a dhéanamh ar staid reatha na hearnála gnó agus gairmeacha beatha maidir leis an réimse seirbhísí saineolais agus scileanna atá / nach bhfuil ar fáil trí mheán na Gaeilge. Áit a mbíonn easnamh soiléir agus éileamh ón phobal, molaimid go gcuirfidh an Roinn Eacnamaíochta plean gnímh le chéile chun cúrsaí sainábhair oiliúna a chinntiú ar an tríú leibhéal, m.sh. an Ghaeilge agus an Chuntasaíocht; An Ghaeilge agus an Dlí. Cinnteoidh seo, go fadtéarmach, go mbeidh an tsochaí in ann déileáil leis na caighdeáin teanga go trasrannach.

Seirbhísí agus Comharthaíocht

8.10 Molaimid, mar chuid d’aon straitéis amach anseo, go ndéanfaidh an Roinn Eacnamaíochta, i gcomhar leis an Roinn Pobal, Plean Cumarsáide agus Traenála a ullmhú le heolas cruinn a chur roimh ranna agus áisíneachtaí stáit, roimh an Choimisiún Um Chomhionannais, roimh an Choimisiún Um Chearta an Duine, roimh fhostóirí, roimh ghnólachtaí, srl. go bhfuil sé de cheart ag gach fostaí (mar a shainmhínítear san Ordú um Chóirfhostaíocht agus Chóirdhéileáil (Tuaisceart na hÉireann) 1998), Gaeilge a labhairt le linn a c(h)uid oibre, bíodh

sin san áit oibre féin nó in áit eile. Cuimseoidh an ceart seo cumarsáid bhéil agus scríofa lena c(h)éilí oibre, le custaiméirí, le cliaint nó le baill den ghnáthphobal a bhfuil Gaeilge acu.

- 8.11 Molaimid nach gcoiscfidh an ceart a leagtar síos thuas ag 1.10 go bhfuil an ceart ag an fhostóir (mar a shainmhínítear san Ordú um Chóirfhostaíocht agus Chóirdhéileáil (Tuaisceart na hÉireann) 1998), Béarla, nó teanga eile seachas Gaeilge nó Béarla a roghnú mar ghnáththeanga ghnó. Ina ainneoin sin, áfach, cuirfidh plean cumarsáide na ranna in iúl go soiléir nach mbeidh sé ceadmhach aon srian míréasúnta a chur le ceart a bheith ag an fhostaí an Ghaeilge a úsáid.
- 8.12 Mar an gceánna, léireodh plean cumarsáide agus traenála na ranna nach bhfuil sé ceadmhach a mheas, i gcás ar bith, gur briseadh dlí, nó gur sárú ar chearta sibhialta duine ar bith eile, fostaí a bheith ag labhairt nó ag úsáid na Gaeilge san áit oibre.
- 8.13 Molaimid go gcaithfidh ranna, comhairlí agus údaráis eile plean a chur i bhfeidhm, mar chuid d'aon straitéis amach anseo, lena chinntiú go mbeidh siad in ann comharthaíocht chuí, chruinn dhátheangach a sholáthar i ngach sráid (áit a bhfuil éileamh tomhaiste de réir na Cairte Eorpaí), ceantar, sráidbhaile, baile, cathair, limistéar srl. taobh istigh d'am réasúnta, de réir mar a leagtar síos sa rannóg den doiciméid seo darb ainm 'Seirbhísí Poiblí.
- 8.14 Molaimid, mar chuid d'aon straitéis amach anseo, go gcuirfear seirbhísí ar fáil go réamhghníomhach agus go bhforbrófar plean cumarsáide lena chinntiú go mbeidh an pobal eolach ar na seirbhísí seo go leanúnach.
- 8.15 Molaimid, mar chuid d'aon straitéis amach anseo, go gcaithfidh an Roinn Eacnamaíochta plean a aontú agus a fhoilsiú, plean le gnólachtaí agus comhlachtaí a chur ar an eolas faoi luach eacnamaíochta na Gaeilge mar uirlis mhargaíochta, go háirithe i dtaca le forbairt agus seachadadh seirbhísí trí mheán na Gaeilge agus úsáid comharthaíochta Gaeilge nó dátheangáí. Molaimid, mar chuid d'aon straitéis, go gcuirfear ceangal ar Fhoras na Gaeilge a thionscnamh 'Gnó means Business' a fheabhsú agus a fhorbairt ionas go n-éascófar, go maoineofar agus go spreagfar gnólachtaí agus comhlachtaí le seirbhísí a fhorbairt trí mheán na Gaeilge agus úsáid comharthaíochta Gaeilge nó dátheangáí a chur chun cinn. Leanfaidh Foras na Gaeilge de bheith ag tacú le tionscadail a spreagann fiontair bheaga agus mheánmhéide le Gaeilge a úsáid ar chomharthaíocht agus ar ábhar margaíochta. Foilseofar anailís agus monatóireacht go bliantúil i gcomhar leis an gCoimisinéir Gaeilge leis seo ar fad a mheas.
- 8.16 Molaimid go gcuirfear ceangal ar Fhoras na Gaeilge leanúint de thionscnaimh agus scéimeanna a fhorbairt le tacú le gnólachtaí a úsáideann an dátheangachas go gníomhach.
- 8.17 D'fhéadfadh sé gur bonn eolais úsáideach í taithí réigiún eile mar a labhraítear teangacha mionlaigh, go háirithe Albain agus Poblacht na hÉireann, leis an Ghaeilge a chur chun cinn inár sochaí, m.sh. i dtaca le luach agus tábhacht eacnamaíoch na Gaeilge nó i dtaca le comharthaíocht dhátheangach.

Saincheantair Forbartha

- 8.18 Molaimid, mar chuid d'aon straitéis, go ndéanfaidh an Roinn Pobal iarraidh ar earnáil Teangacha Dúchais, Mionlaigh agus Neamh-fhorleathana Chomhairle na Breataine-na hÉireann a taithí a roinnt ar an dóigh is fearr le tacú le geilleagar teangacha dúchais, agus mionlaigh agus an aidhm a bheidh leis sin, bonn eolais a chur faoi fhorbairt geilleagair áitiúil Gaeilge. Molaimid, mar chuid d'aon straitéis amach anseo, go ndruchtófar plean gnímh ina sonrúfar moltaí a mbeidh an Roinn Eacnamaíochta agus an Roinn Pobal freagrach as iad a chur i bhfeidhm.
- 8.19 Tá ríthábhacht le cur chun cinn agus forbairt eacnamaíochta na Gaeilge ar bhonn áitiúil. Molaimid go gcuirfidh an Roinn Pobal le forbairt ceantar Gaeltachta, i suíomhanna uirbeacha agus tuaithe araon le haghaidh tacaíochta mar ghineadóirí forbartha áitiúla eacnamaíochta. Is samplaí de seo iad tionscadal na Ceathrún Gaeltachta in Iarthar Bhéal Feirste agus Gaeltacht tuaithe Dhoire Theas i gCarn Tóchair. Molaimid go sainaitheofar iad seo mar cheantair speisialta forbartha. Molaimid, mar chuid d'aon straitéis amach anseo, go gcaithfear stádas oifigiúil a bhronnadh ar cheantair inbhuanaithe Ghaeltachta agus na ceantair líonraí Gaeilge agus dreasachtaí a cheangal le haitheantas den sórt.
- 8.20 Is é fis Cheathrú Gaeltachta Iarthar Bhéal Feirste go bhforbrófar; ceathrú bheoga, mheallacach, inbhuanaithe mar a bhfuil a oiread tairbhe á baint as gné uathúil dhíolacháin agus acmhainn eacnamaíochta na Gaeilge agus an chultúir le buntáistí sóisialta agus eacnamaíochta a bhaint amach don cheantar, don chathair agus don réigiún. Molaimid, mar chuid d'aon straitéis amach anseo, go gcinnteofar go gcuirfear na hacmhainní cuí ar fáil go leanúnach chun forbairt agus buanú an cheantair seo agus ceantar eile a chinntiú. Molaimid gur chóir, mar chuid d'aon straitéis amach anseo, sainphlean infheistíochta a dhruchtú agus a fheidhmiú i gcomhpháirt leis na páirtnéirí leasmhara.
- 8.21 Tá gá le tuilleadh taighde ar an choincheap agus ar an tsainmhíniú ar an rud is Gaeltacht ann le freastal ar riachtanais áitiúla sa 21ú haois maidir le rannpháirtíocht sa tsaoil eacnamaíochta. Caithfear coincheapa ar nós Gaeltachtaí oifigiúla, scoile, eaglaise, sráide, tí, spóirt, ar líne agus ollscoile a fhiosrú mar chuid d'aon straitéis amach anseo maidir leis na buntáistí eacnamaíochta atá le baint astu.
- 8.22 Tacófar go sonrú le tionscadail shainiúla a shamhlófar go sonrú le saincheantair forbartha Gaeilge ar nós, mar shampla, Laochra Loch Lao.

Turasóireacht Chultúrtha

- 8.23 Molaimid, mar chuid d'aon straitéis amach anseo, go gcuirfear na buntáistí agus deiseanna a éiríonn as an turasóireacht chultúrtha, i gcomhthéacs gheilleagar cultúrtha na Gaeilge, chun cinn ar dhóigh níos éifeachtaí. Molaimid go spreagfar gnólachtaí agus go n-éascófar forbairt straitéisí turasóireachta cultúrtha agus an Ghaeilge ag a gcroílár go háirithe maidir leis an turasóireacht bunaithe ar an oidhreacht teanga a fhorbairt agus a chur chun cinn. Chuige seo, molaimid, mar chuid d'aon straitéis amach anseo, go mbunófar straitéis agus plean
-

feidhmitheach don turasóireacht chultúrtha don Ghaeilge i gcomhar leis an Roinn Pobal, le Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann (BTTÉ), leis an Roinn Eacnamaíochta, le Fáilte Ireland, leis na húdaráis áitiúla agus le grúpaí Gaeilge áitiúla.

- 8.24 Bíonn Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann (BTTÉ) tacúil le tionscnaimh thurasóireachta a thugann faill do thurasóirí blas a fháil ar eispéiris atá uathúil, fíranta agus fíospéisiúil. Molaimid, mar chuid d’aon straitéis amach anseo, go gcruthóidh agus go n-éascóidh an Roinn Pobal, i gcomhairle leis na háisíneachtaí poiblí ábhartha, deiseanna le heispéiris den tsórt seo a fhorbairt laistigh de chomhthéacs na n-eispéireas Gaeilge. Tá Tourism Ireland freagrach as cur chun cinn oileán an hÉireann i margaí na Breataine Móire agus thar lear. Bíonn siad i dteagmháil le NITB agus le réimse leathan eagrais agus gníomhaireachtaí eile lena chinntiú go léirítear go tréan gach gné dár gcultúr agus dár n-oidhreacht éagsúil ina gcuid ábhar poiblíochta, ina ngníomhaíochtaí agus ina bhfeachtais mhargaíochta do mhargaí thar lear.
- 8.25 Molaimid, mar chuid d’aon straitéis amach anseo, go gcuirfidh an Roinn Pobal agus an Roinn Eacnamaíochta, i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha eile ceangaltas ar BTTÉ forbairt a dhéanamh ar dheiseanna le bheith ag comhoibriú le páirtithe in earnáil na Gaeilge maidir leis an eispéireas cuairteora a fhorbairt agus go mbreithneoidh siad aon tionscnamh a chomhlíonfaidh na critéir chuí trína scéimeanna maoiniúcháin faoi ghlaos oscailte.
- 8.26 Sainaitníodh an Cheathrú Ghaeltachta i gCreat Comhtháite Straitéiseach Thurasóireacht Bhéal Feirste 2010-2014 de chuid Chomhairle Chathair Bhéal Feirste, a forbraíodh i gcomhar le BTTÉ, i measc chinn scribe áitiúla na cathrach. Molaimid gur chóir dó seo a bheith sainaitheanta mar chuid den straitéis amach anseo agus molaimid gur chóir do na ranna cuí ceangaltas a chur ar BTTÉ na tionscnaimh thurasóireachta atá ar siúl sa Cheathrú Ghaeltachta a chur chun cinn agus í a aithint mar chuid thábhachtach d’éispéireas chuairteoirí Bhéal Feirste.
- 8.27 Tá Tourism Ireland freagrach as cur chun cinn oileán na hÉireann ó thaobh turasóireachta de i margaí na Breataine Móire agus thar lear. Moltar d’aon straitéis amach anseo go mbeidh siad i dteagmháil le BTTÉ agus le réimse leathan eagrais agus gníomhaireachtaí eile lena chinntiú go léireofar go tréan gach gné dár gcultúr agus dár n-oidhreacht éagsúil ina gcuid ábhar phoiblíochta, ina ngníomhaíochtaí agus ina bhfeachtais mhargaíochta do mhargaí thar lear.
- 8.28 Molaimid, mar chuid d’aon straitéis amach anseo, go gcuirfear dualgas ar an Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe, ar an National Trust, ar áisíneachtaí atá freagrach as ceantair áilleachta ar leith a bhainistiú (mar shampla Northern Ireland Heritage Trust, Mourne Heritage Trust, Sliabh gCuilinn, Na Speiríní srl.) seirbhísí turasóireachta Gaeilge a chur ar fáil i ngach ionad agus áis faoina gcúram, mar shampla, ateangaireacht, turais, comharthaíocht, áiseanna idirghníomhacha, foirmeacha clárúcháin agus ballraíochta, srl.

- 8.29 Molaimid, mar chuid d’aon straitéis amach anseo, go gcuirfear dualgas ar iarsmalanna réigiúnacha agus ar ionaid turasóireachta agus ar ionaid chultúrtha eile, ar nós Titanic Belfast, seirbhísí turasóireachta Gaeilge a chur ar fáil i ngach ionad agus áis faoina gcúram, mar shampla, ateangaireacht, turais, comharthaíocht, áiseanna idirghníomhacha, foirmeacha clárúcháin agus ballraíochta, srl.
- 8.30 Molaimid, mar chuid d’aon straitéis amach anseo, go bhforbrófar seirbhísí turasóireachta trí Ghaeilge agus maidir leis an Ghaeilge in áiseanna de chuid an National Trust i dtÉ agus in ionaid turasóireachta eile nuair a bhíonn réimse aitheanta oidhreachta staire, béaloidis, seandálaíochta, dinnseanchais iontu, mar shampla, míreanna faoin bhéaloideas ag Clochán an Aifir.

Fiontraíocht

- 8.31 Molaimid, mar chuid d’aon straitéis amach anseo, go n-éascóidh agus go spreagfaidh na ranna ábhartha fiontraíocht atá bunaithe ar an Ghaeilge. Molaimid, go ndéanfar taighde go bliantúil ar dhóigheanna leis an fhiontraíocht a chur chun cinn go héifeachtach, mar shampla, tionscnaimh ar nós cláir oiliúna, gortanna gnó agus cruthú gréasán gnó.
- 8.32 Molaimid, mar chuid d’aon straitéis amach anseo fosta, go mbeidh tacaíocht á tabhairt do gheilleagar na Gaeilge chun seirbhísí a sholáthar, lena n-áirítear: cúrsaí; aistriúchán; ateangaireacht agus teagasc teangacha. Is coincheap é ‘an goradán’ a bhí lonnaithe i gCultúrlann Uí Chanáin, Doire, a d’fhéadfaí a chur i bhfeidhm i gceantair eile maidir le léiriúchán scannánaíochta agus raidió i nGaeilge nó aonad deartha agus táirgthe leis an chomharthaíocht Ghaeilge agus dhátheangach a luadh cheana a sholáthar.
- 8.33 Molaimid, mar chuid d’aon straitéis amach anseo, go ndéanfaidh an Roinn Pobal ceangaltas a chur ar Fhoras na Gaeilge tacú le nuáil Ghaeilge ina chuid caiteachais.
- 8.34 Molaimid, mar chuid d’aon straitéis amach anseo, go gcuirfear scéim maoinithe iomaíochta ar fáil chun tacaíocht a thabhairt do chomhlachtaí foilsitheoireachta le litríocht Ghaeilge de gach seánra a fhoilsiú chomh maith le scéimeanna a thacóidh le scríbhneoirí agus le himeachtaí a chuirfidh léitheoireacht Ghaeilge chun cinn.

9. Moltaí an PCS maidir le Taighde

Cuspóir

Tógáil ar an taighde agus ar an eolas atá againn faoin Ghaeilge agus pobal a labhartha, mar bhunús le measúnú leanúnach, fadtréimhseach a dhéanamh ar éifeachtúlacht na straitéise seo agus beartais eile leis an teanga a chur chun cinn (reachtaíocht san áireamh), i bhforbairt reachtaíochta, straitéisí agus beartas dearfach don Ghaeilge.

Moltaí

- 9.1 Moltar go gcaithfidh an Feidhmeannas go leor acmhainní daonna agus airgeadais a sholáthar do réimse leathan taighde ar ghnéithe cuimsitheacha a bhaineann le cur i gcrích na straitéise Gaeilge, agus beartais eile (reachtaíocht san áireamh) leis an Ghaeilge a chosaint agus a chaomhnú. Moltar go mbeidh réimse leathan taighde i gceist, idir thaighde faoi chúram an Fheidhmeannais, na ranna, lucht acadúil, ghrúpaí pobail, thaighdeoirí neamhspleácha srl. agus go dtacófar le réimse an taighde – taighde fadtréimhseach, tíreolaíoch, aicsin, cáilíochtúil, cainníochtúil srl.
- 9.2 Moltar go gcaithfidh gach roinn rialtais go leor acmhainní daonna agus airgeadais a chur ar fáil lena ndualgais taighde, mar a leagtar amach anseo, a chomhlíonadh agus tuairisc a fhoilsiú gach bliain ar na hacmhainní sin.

Moltar go gcaithfidh an Roinn Pobal:

- 9.3 Cur leis an eolas atá ar fáil maidir le pobal na Gaeilge sa daonáireamh agus sa tSuirbhé Leanúnach Teaghlach, agus moltar gur chóir don Roinn Pobal taighde saineolach, neamhspleách ar leith a choimisiúnú ar bhonn bliantúil / gach trí bliana agus ag tréimhsí eile de réir riachtanais agus de réir dea-chleachtais, le saininiúchadh a dhéanamh ar threochtaí sochtheangeolaíochta phobal na Gaeilge de réir aoise, minicíochta úsáide Gaeilge, cé leis a n-úsáidtear an Ghaeilge agus ar leibhéal / chaighdeán labhartha agus scríofa, le constaicí agus deiseanna forbartha a aimsiú agus moltaí soiléire a chur roimh an Roinn maidir le cur i gcrích éifeachtach na reachtaíochta agus na Straitéise Gaeilge. Moltar gur chóir don Roinn Pobal tuairiscí cuimsitheacha scríofa agus béil a chur roimh an Fheidhmeannas agus roimh na ranna eile maidir le torthaí an taighde seo ar bhonn bliantúil / gach trí bliana, agus go bhfoilsítear na torthaí go poiblí.
- 9.4 I gcomhar le Coimisinéir na Gaeilge, le saineolaithe neamhspleácha agus le pobal na Gaeilge, taighde cuimsitheach fadtréimhseach a dhéanamh nó a choimisiúnú ar bhealaí le feabhas agus forbairt leanúnach a dhéanamh ar éifeachtúlacht na reachtaíochta Gaeilge, mar shampla, reachtaíocht RNCCN, An tOrd Oideachais, Acht Chill Rímhinn 2016, Cairt na hEorpa do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh agus uirlisí eile idirnáisiúnta agus aon

reachtaíocht Ghaeilge nua as seo amach, le gur féidir bunspríocanna na reachtaíochta féin agus bunspríocanna Straitéis na Gaeilge a bhaint amach.

- 9.5 Taobh istigh de 3 mhí ó theacht i bhfeidhm reachtaíocht RNCCN, tús a chur le próiseas comhairliúcháin leanúnach le speisialtóirí agus le saineolaithe i bpobal na Gaeilge le clár cuimsitheach taighde fadtéarmach a bhunú, a chuirfidh gach gné de riachtanais na Gaeilge agus bunphrionsabail agus dea-chleachtas idirnáisiúnta agus náisiúnta sochtheangeolaíochta san áireamh.
- 9.6 Ar theacht i bhfeidhm reachtaíocht RNCCN, comhordú a dhéanamh ar na ranna ar fad san Fheidhmeannas leis na riachtanais taighde seo a chomhlíonadh ar bhonn leanúnach, ach taighde inmheánach rialtais agus foinsí maoinithe a chur ar fáil le taighde ar leibhéal neamhspleách, acadúil agus pobail a éascú.
- 9.7 Tionchar a imirt ar mhaoinitheoirí nach maoinitheoirí rialtais iad (an Crannchur Náisiúnta, Comhairle na nEalaíon, srl.) le tábhacht an taighde ar an Ghaeilge a aithint agus a mhaoiniú.
- 9.8 Comhordú a spreagadh agus a éascú idir dreamanna éagsúla atá ag déanamh taighde cuí ar bhonn uile-oileánda.

Moltaí an PCS maidir le taighde ar an Oideachas

- 9.9 Sa chéad bhliain i ndiaidh theacht i bhfeidhm reachtaíocht RNCCN, ba chóir díriú ar chlár taighde ar an oideachas, a chuimseoidh, ach ní go heisiach, na hábhair seo a leanas:
 - Riachtanais ar gach leibhéal an Ghaeloideachais;
 - Sainriachtanais;
 - Inniúlachtaí gairmiúla an mhúinteora Gaeloideachais;
 - Foghlaim agus teagasc sa scoil Lán-Ghaeilge;
 - Teagasc agus sealbhú na Gaeilge i scoileanna Béarla;
 - Oideachas aosach agus teagasc na Gaeilge do dhaoine fásta; agus
 - Tógáil muiníne maidir le húsáid na teanga i bpobal foghlama na Gaeilge: daltaí agus iardhaltaí de chuid an Ghaeloideachais ar gach leibhéal ó naíonra go tríú leibhéal agus ó scoileanna Béarla.

Moltaí an PCS maidir le hOideachas Aosach - Daoine fásta

- 9.10 Taispeánann taighde ón Bhreatain Bheag go n-imríonn foghlaimeoirí fásta tionchar dearfach ar aistriú teanga sna teaghlaigh agus ar ardú feasachta ar an teanga san áit oibre (Defiance within the decline? Revisiting new Welsh speakers' language journeys – Rhian Hodges, 2019, University of Bangor, Wales). Is minic a bhíonn foghlaimeoirí ag brath ar bhealaí neamhthraidisiúnta leis an teanga a shealbhú, agus sin ar eagrais Ghaeilge atá fomhaoinithe.

9.11 Moltar gur chóir don Roinn chúí taighde fadtréimhseach a bhunú le staidéar a dhéanamh ar thorthaí na mbeartas oideachasúil atá ar fáil do dhaoine fásta san am i láthair, le féachaint le cur le forbairtí dearfacha, cuí agus lena fháil amach cad iad na barúlacha atá ag na foghlaimeoirí ar a gcuid eolais agus líofachta sa teanga; an dtéann difríochtaí maidir le rochtain ar acmhainní i bhfeidhm ar threochtaí na bhfoghlaimeoirí - is é sin, an mbíonn mianta agus uailmhianta na bhfoghlaimeoirí difriúil, ag brath ar an bhealach a bhí ar fáil dóibh le líofacht a bhaint amach agus cad iad na beartais inmholta a bheadh ag teacht as an taighde?

Moltaí an PCS maidir le Tuismitheoirí

9.12 Moltar gur cheart taighde a dhéanamh ar an Aistriú Teanga ó ghlúin go glúin:

- Cad é an tacaíocht atá de dhíth ar thuismitheoir(i) a bhfuil Gaeilge acu le páistí a thógáil trí Ghaeilge?
- Cad é an tacaíocht atá de dhíth ar thuismitheoir(i) a bhfuil Gaeilge acu leis an teanga a úsáid le páistí sa teach? agus
- Cad é an tacaíocht teangeolaíochta atá de dhíth ar mháithreacha (go háirithe) agus iad ag tógáil babaithe; agus ag na teaghlacha ar fad nach dtógann a gcuid páistí trí Ghaeilge / nach labhraíonn Gaeilge sa teach leo - cén fáth?

Moltaí an PCS maidir leis an Óige

9.13 Is eagraíocht réigiúnach óige é Fóram na nÓg a bhfuil saineolas aige ar an obair óige Ghaeilge agus é aitheanta ag an Roinn Oideachais. Tá sé i ndiaidh críoch a chur le taighde earnála agus iniúchadh agus anailís ar sheirbhísí /éilimh na hearnála óige ó thuaidh. Moltar gur chóir don Roinn Pobal agus don Roinn Oideachais dul i gcomhairle le Fóram na nÓg maidir le ról na straitéise agus na hoibre óige Gaeilge ó thuaidh.

9.14 Taispeánann taighde a rinne POBAL in 2018⁷³, go n-aithníonn cleachtóirí sa Ghaeloideachas agus in obair óige na Gaeilge go dtig le daoine óga a mhothú nach ionann ‘teanga na scoile’ agus teanga a saoil shóisialta. Más fíor sin, is fianaise eile é ar thábhacht na gclubanna óige Gaeilge. Moltar go bhfuil taighde fadtréimhseach de dhíth le hiniúchadh a dhéanamh ar na dóigheanna a dtéann rochtain ar chumainn óige i bhfeidhm ar an tuiscint seo. Chomh maith leis sin, moltar go ndéanfar sa taighde, thar thréimhse ama, staidéar ar an tionchar a imríonn seo ar rogha an duine óig Gaeilge a úsáid taobh amuigh den scoil, agus mar sin cad iad na gníomhartha ba chóir a ghlacadh.

73 <https://static1.squarespace.com/static/602f79a565837b32cc85cebe/t/61816adef7723b7e5fda0b77/1635871456321/Ei-sp%C3%A9ir+na+nIar-dhalta%C3%AD+1970+-+2018+tuairisc+Eis+1.pdf>

Moltaí an PCS maidir leis an tSaol Eacnamaíochta - riachtanais agus buntáistí eacnamaíochta

9.15 Moltar gur cheart tabhairt faoi chlár taighde taobh istigh de sé mhí ó theacht isteach reachtaíocht RNCCN, clár a chuimseoidh, ach ní go eisiach:

- riachtanais gnóthaí ar mhaith leo an Ghaeilge a chothú san áit oibre;
- turasóireacht na Gaeilge; agus
- cur chun cinn ealaíona agus ealaíontóirí na Gaeilge.

Moltaí an PCS maidir le Riachtanais Sláinte

9.16 Moltar gur cheart don Roinn Sláinte tús a chur le clár cuimsitheach taighde taobh istigh de 3 mhí ó theacht i bhfeidhm reachtaíocht RNCCN, ar na seirbhísí comhairliúcháin agus tacaíochta Gaeilge atá de dhíth maidir le:

- andúil drugaí, alcóil srl.;
- tinnis meabhrach;
- brón srl.;
- féinmharú; agus
- sainriachtanais sláinte agus oideachasúla.

Moltaí an PCS maidir le Monatóireacht agus athbhreithniú ar Thaighde

Moltar:

- Go rangófar an taighde thuasluaite seo de réir téama agus go ndéanfar é i dtimthriall téamach.
- Go ndéanfar na cláir éagsúla taighde a nuashonrú agus a fhorbairt ar bhonn leanúnach, de réir tréimhsí éagsúla na dtograí taighde, agus go bhfoilseofar, in éineacht le gach tuairisc taighde, plean gnímh leis na moltaí a chur i bhfeidhm.
- Go bpléifear na torthaí agus na téamaí mar mhír bhuan leis an Ghrúpa Soláthair Straitéise, leis an Aonad Straitéise agus leis an Fhóram Chomhairleach.
- Go mbeidh comhairliúchán leanúnach ann le cleachtóirí agus le saineolaithe cuí i bpobal na Gaeilge, le forbairt agus le torthaí gach píosa taighde a phlé.
- Go reáchtálfar seimineáir agus comhdhálacha ar bhonn rialta leis an taighde a chur os comhair phobal na Gaeilge.

Available in alternative formats.

© Crown Copyright 2022



Department for
Communities
www.communities-ni.gov.uk

An Roinn
Pobal

Department for
Commonities